II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1471 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Lúnasa 2021

lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 agus (AE) 2020/2236 maidir le tagairtí do bhearta náisiúnta atá ceaptha teorainn a chur le tionchar galar áirithe ainmhithe uisceacha agus do liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna sna tríú tíortha nó sna críocha sin ina gceadaítear ainmhithe agus earraí a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagail 168(4), 213(2), 224(4), 238(3) agus 239(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([2]), agus go háirithe Airteagal 90 agus Airteagal 126(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ([3]) agus (AE) 2020/2236 ón gCoimisiún ([4]), leagtar síos samhlacha na ndeimhnithe sláinte ainmhithe, na ndeimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla agus na ndeimhnithe oifigiúla atá ag teastáil chun bheith ag gabháil le coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí atá ag gluaiseacht laistigh den Aontas agus atá ag teacht isteach san Aontas. Sna leaganacha foilsithe de Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 agus (AE) 2020/2236 tá roinnt botún soiléir agus easnamh neamhbheartaithe. Ba cheart na botúin agus na heasnaimh sin a cheartú agus athruithe a thabhairt isteach trí Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 agus (AE) 2020/2236 a leasú dá réir.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.
([2]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 an 16 Nollaig 2020 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha, deimhnithe oifigiúla caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, i dtaca le coinsíneachtaí catagóirí áirithe ainmhithe agus earraí a theacht isteach san Aontas agus lena ngluaiseacht laistigh den Aontas, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 599/2004, Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) Uimh. 636/2014 agus (AE) 2019/628, Treoir 98/68/CE agus Cinntí 2000/572/CE, 2003/779/CE agus 2007/240/CE (IO L 442, 30.12.2020, lch. 1).
([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe uisceacha agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha a bheith ag teacht isteach san Aontas agus ag gluaiseacht laistigh den Aontas, a mhéid a bhaineann le deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1251/2008 (IO L 442, 30.12.2020, lch. 410).

(2) In Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 leagtar síos an fianú príobháideach caighdeánach is gá a bheith ag gabháil le coinsíneachtaí táirgí ilchodacha fadré nach bhfuil aon fheoil phróiseáilte eile iontu seachas geilitín, collaigin nó táirgí an-mhínphróiseáilte, tráth a thagann siad isteach san Aontas, nó tráth a chuirtear ar an margadh iad. Leis an bhfianú seo, ceanglaítear ar an allmhaireoir céatadán gach comhábhair de thionscnamh plandaí agus de gach táirge próiseáilte de bhunadh ainmhíoch atá sna táirgí ilchodacha a shonrú. Níl an fhaisnéis seo riachtanach chun táirgí ilchodacha a rialú, nach bhfuil bunaithe a thuilleadh ar an méid táirgí de bhunadh ainmhíoch atá iontu. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé rúndacht na n-oideas a chur i mbaol. Dá bhrí sin ba cheart an ceanglas sin a leasú.

(3) De réir Airteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429, tá an Coimisiún le bearta náisiúnta a fhormheas agus a leasú atá dírithe ar thionchar galar áirithe ainmhithe uisceacha a theorannú, i gcás ina bhféadfadh bearta náisiúnta den sórt sin difear a dhéanamh do ghluaiseachtaí ainmhithe uisceacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha laistigh den Aontas. I gcomhréir leis an bhforáil sin, formheastar bearta náisiúnta den sórt sin le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 ón gCoimisiún ([5]). Dá bhrí sin, ba cheart tagairtí do Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 a chur in ionad na dtagairtí d'Airteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429 do shláinte ainmhithe agus sláinte ainmhithe/deimhnithe oifigiúla. Ba cheart Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 agus Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 a leasú dá réir.

(4) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ([6]) ón gCoimisiún lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó de chriosanna sna tríú tíortha nó sna críocha sin óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thabhairt isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429. Dá bhrí sin, ba cheart tagairtí do na liostaí ábhartha de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna sna tríú tíortha nó sna críocha sin a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a chur in ionad na dtagairtí do na liostaí de thríú tíortha agus tríú críocha arna nglacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 230(1) de Rialachán (AE) 2016/429 i ndeimhnithe sláinte ainmhithe agus i ndeimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla. Ba cheart Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 a leasú dá réir.

(5) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún ([7]), leagtar síos na liostaí de thríú tíortha nó de réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh ainmhithe agus earraí áirithe atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 a theacht isteach san Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart tagairtí do na liostaí ábhartha de thríú tíortha nó de réigiúin sna tríú tíortha sin arna leagan síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a chur in ionad na dtagairtí do na liostaí de thríú tíortha agus de réigiúin sna tríú tíortha sin i gcomhréir le hAirteagal 127(2) de Rialachán (AE) 2017/625 i ndeimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla agus i ndeimhnithe oifigiúla agus oifigiúla. Ba cheart Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 mar a leanas:

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinní I, II, III agus V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 agus Iarscríbhinní I II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 a leasú dá réir.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní I, II, III agus V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 i gcomhréir le Cuid 1 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2021 lena bhformheastar bearta náisiúnta arna gceapadh chun an tionchar a bhíonn ag galair áirithe ainmhithe uisceacha a theorannú i gcomhréir le hAirteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/221/AE ón gCoimisiún (IO L 59, 19.2.2021, lch. 1).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna sna tríú tíortha nó sna críocha sin óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos liostaí de thríú tíortha nó réigiúin sna tríú tíortha sin atá údaraithe chun ainmhithe agus earraí áirithe ceaptha le caitheamh ag an duine a thabhairt isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 118).

Airteagal 2

Leasaítear Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 i gcomhréir le Cuid 2 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Lúnasa 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

CUID 1

Leasaítear Iarscríbhinní I, II, III agus V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn I, i gCaibidil 4 cuirtear an méid seo a leanas in ionad bosca I.20:

“I.20	**Deimhnithe mar nó le hAGHAIDH**
	Roghnaigh cuspóir ghluaiseacht na n-ainmhithe, úsáid bheartaithe na n-earraí nó an chatagóir mar a shonraítear i reachtaíocht ábhartha an Aontais: Beatha ainmhithe: a bhaineann le seachtháirgí ainmhithe atá beartaithe mar bheatha le hAGHAIDH ainmhithe feirmshaothraithe dá dtagraítear in Airteagal 31 de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [A]. Bia peataí: nach mbaineann ach le seachtháirgí ainmhithe atá beartaithe mar bhia peataí nó le hAGHAIDH monaraíocht bia peataí dá dtagraítear in Airteagal 35 de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009. Leasacháin orgánacha agus feabhsaitheoirí ithreach: a bhaineann le seachtháirgí ainmhithe áirithe nó táirgí díorthaithe dá dtagraítear in Airteagal 32 de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009. Úsáid theicniúil: seachtháirgí ainmhithe nó táirgí díorthaithe atá mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine ná ag ainmhithe, dá dtagraítear in Airteagal 36 de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009. Úsáid chógaisíochta: seachtháirgí ainmhithe atá mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine ná ag ainmhithe, dá dtagraítear in Airteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009. Samplaí trádála: mar a shainmhínítear i bpointe 39 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún [B]. Taispeántas: a bhaineann le hainmhithe atá beartaithe le hAGHAIDH imeachtaí taispeántais agus spóirt, cultúrtha nó imeachtaí comhchosúla mar a shainmhínítear i bpointe 34 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011. Tionscal cannadóireachta: a bhaineann le táirgí lena gcaitheamh ag an duine, (mar shampla tuinnín) atá beartaithe go sonrach don tionscal cannadóireachta. Táirgí lena gcaitheamh ag an duine: maidir le táirgí de bhunadh ainmhíoch amháin lena gcaitheamh ag an duine ar ina leith a cheanglaítear deimhniú sláinte ainmhithe, deimhniú oifigiúil nó deimhniú sláinte ainmhithe/sláinte dóibh faoi reachtaíocht an Aontais. Tuilleadh próiseála: maidir le táirgí nach mór tuilleadh próiseála a dhéanamh orthu sula gcuirtear ar an margadh iad chomh maith le hainmhithe uisceacha beo agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha seachas ainmhithe uisceacha beo, atá dírithe ar bhunaíocht rialaithe galar do bhia uisceach mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (52) de Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

[A] Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha lena gcaitheamh ag an duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (Rialachán maidir le seachtháirgí ainmhithe) (IO L 300, 14.11.2009, lch. 1).

[B] Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha lena gcaitheamh ag an duine agus lena gcuirtear chun feidhme Treoir 97/78/CE ón gComhairle maidir le samplaí agus míreanna áirithe atá díolmhaithe ó sheiceálacha tréidliachta ag an teorainn faoin Treoir sin (IO L 54, 26.2.2011, lch. 1).

	Ainmhithe uisceacha beo lena gcaitheamh ag an duine: ainmhithe uisceacha lena gcaitheamh go díreach ag an duine i.e. ainmhithe uisceacha a sheachadtar chuig an gcustaiméir deiridh agus iad fós beo nó a chaitear agus iad fós beo. Bunaíocht theoranta: mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (48), de Rialachán (AE) 2016/429. Bunaíocht choraintín: dá bhforáiltear in Airteagal 14 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 [C] ón gCoimisiún, maidir le hainmhithe talún agus in Airteagal 15 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/691 [D] ón gCoimisiún maidir le hainmhithe dobharshaothraithe. Sorcas taistil/Seónna ainmhí: mar a shainmhínítear faoi seach in Airteagal 2, pointí (34) agus (35), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035. Scaoileadh amach san fhiadhúlra: maidir le hainmhithe beo amháin, atá le scaoileadh amach san fhiadhúlra ag an gceann scríbe. Eachainmhí cláraithe: mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (30), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035. Coimeád breise: ainmhithe atá beartaithe le hAGHAIDH bunaíochtaí a choinníonn ainmhithe beo nó le hAGHAIDH coimeádaithe peataí, mura bhfuil feidhm ag cuspóir ná catagóir níos sonraí ó I.20 maidir leo (e.g. coraintín, bunaíochtaí teoranta etc.). Áirítear leis sin ainmhithe, atá beartaithe chun an soláthar géim a athstocáil nó lena scaoileadh amach san fhiadhúlra, má tá siad beartaithe le dul trí bhunaíocht sula scaoilfear iad. Lárionad íonúcháin: mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/691. Lárionad seolta: mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/691. Limistéar athsheachadta: mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (4), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/691. Bunaíocht dobharshaothraithe ornáideach: dá bhforáiltear in Airteagal 17 nó Airteagal 18 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/691. Marú seamlais: maidir le hainmhithe atá beartaithe le hAGHAIDH seamlais, go díreach nó trí bhunaíocht arna formheas le hAGHAIDH oibríochtaí cóimeála. Táirgí geirmeacha: mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (28), de Rialachán (AE) 2016/429. Eile: beartaithe chun críoch nach liostaítear áit ar bith eile sa rangú seo, lena n-áirítear ainmhithe uisceacha atá beartaithe le hAGHAIDH baoití iascaireachta.”

(2) Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

“Tá an deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach agus an deimhniú oifigiúil caighdeánach seo a leanas in Iarscríbhinn II:”;

[C] Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2035 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le rialacha do bhunaíochtaí ina gcoimeádtar ainmhithe talún agus gorlanna a, agus inrianaitheacht ainmhithe talún ar coimeád agus uibheacha goir áirithe (IO L 314, 5.12.2019, lch. 115).

[D] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/691 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le bunaíochtaí dobharshaothraithe agus le hiompróirí ainmhithe uisceacha (IO L 174, 3.6.2020, lch. 345).

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chaibidil 1:

"CAIBIDIL 1

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE CAIGHDEÁNACH LE hAGHAIDH GLUAISEACHT TÁIRGÍ DE BHUNADH AINMHÍOCH LAISTIGH DEN AONTAS, AINMHITHE IS CEADMHACH A AISTRIÚ Ó CHRIOS SRIANTA FAOI RÉIR BEARTA ÉIGEANDÁLA NÓ BEARTA RIALAITHE GALAR NÓ ATÁ DE BHUNADH AINMHÍOCH DE SPEICIS ATÁ FAOI RÉIR NA MBEART SIN (SAMHAIL INTRA-EMERGENCY)

AN tAONTAS EORPACH					**INTRA**
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2** **Tagairt CBFRO** **I.2a** **Tagairt áitiúil** **I.3** **Údarás Inniúil Lárnach** **I.4** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**CÓD QR**
	I.5	**Coinsíní** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6** **Oibreoir a dhéanann oibríochtaí cóimeála neamhspleách ar bhunaíocht** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9** **An tír chinn scríbe**	Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10** **An réigiún cinn scríbe**	Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12** **Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14** **Dáta agus am imeachta**	
	I.15	**Modh iompair** □ Soitheach □ Iarnród Aitheantas Doiciméad	□ Aerárthach □ Feithicil bhóthair □ Eile	**I.16** **Iompróir** Ainm Seoladh Tír **I.17** **Doiciméid tionlacain** Saghas Tír Tagairt doiciméid tráchtála	Uimh. Chlárúcháin/Údaraithe Cód tíre ISO Cód Cód tíre ISO
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe	□ Reoite
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin	Uimhir shéala		

I.20 Deimhnithe mar nó le hAGHAIDH

□ Coimeád breise	□ Marú seamlais	□ Bunaíocht theoranta	□ Táirgí geirmeacha
□ Eachainmhí cláraithe	□ Sorcas taistil/seó ainmhí	□ Taispeántas	□ Teagmhas nó gníomhaíocht gar do theorainneacha
□ Scaoileadh isteach san fhiántas	□ Lárionad seolta	□ Limistéar athsheachadta/lárionad íonúcháin	□ Bunaíocht dobharshaothraithe ornáideach
□ Tuilleadh próiseála	□ Leasacháin orgánacha agus feabhsaitheoirí ithreach	□ Slándáil theicniúil	□ Coraintín nó bunaíocht chomhchosúil
□ Táirgí lena gcaitheamh ag an duine	□ Pailniú	□ Ainmhithe uisceacha beo lena gcaitheamh ag an duine	□ Eile

I.21 □ Le hiompar trí thríú tír

Tríú tír	Cód tíre ISO
Pointe scoir	Cód BCP
Pointe iontrála	Cód BCP

I.22 □ Le hiompar trí Bhallstá(i)t		**I.23 □ Le honnmhairiú**	
Ballstát	Cód tíre ISO	Tríú tír	Cód tíre ISO
Ballstát	Cód tíre ISO	Pointe scoir	Cód BCP
Ballstát	Cód tíre ISO		

I.24	**Tréimhse mheasta an turais**	**I.25**	**Loga an turais** □ tá □ níl
I.26	**Líon iomlán pacáistí**	**I.27**	**Cainníocht iomlán**
I.28	**Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**	**I.29**	**Spás iomlán atá á mheas don choinsíneacht**

I.30 Tuairisc ar an gcoinsíneacht

Cód AC	Speicis	Fospeiceas/Catagóir	Inscne	Córas aitheantais	Uimhir aitheantais	Aois	Cainníocht Saghas
An réigiún tionscnaimh		Fuar-stóras		Marc aitheantais	Cineál pacáistíochta		Glanmheáchan
Seamlas		Cineál cóireála		Cineál an tráchtearra	An líon pacáistí		Baiscuimhir
		An dáta bailithe/táirgthe		Gléasra monaraíochta	Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	Tástáil	

AN tAONTAS EORPACH **Deimhniú caighdeánach INTRA-EMERGENCY**

Cuid II: Deimhniú

II. Faisnéis sláinte

II.a Tagairt an deimhnithe	**II.b Tagairt CBFRO**

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m"ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na táirgí de bhunadh ainmhíoch ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.1. go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach in ……...[(1)].

II.2. maidir le bearta rialaithe galar in aghaidh ……[(2)].

[(3)][II.3. agus, go háirithe, tá siad ……[(4)].]

Nótaí

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Tá an deimhniú seo beartaithe le hAGHAIDH gluaiseachtaí táirgí de bhunadh ainmhíoch a táirgeadh nó a próiseáladh i mbunaíochtaí, gnólacht bia nó criosanna atá faoi réir bearta éigeandála nó srianta gluaiseachta dá dtagraítear in Airteagal 166(2) de Rialachán (AE) 2016/429 [A] agus i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2154 ón gCoimisiún [B].

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235.

Cuid II:

(1) Cuir isteach an tagairt shonrach don airteagal (do na hairteagail), teideal, uimhir agus dáta foilseacháin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an gníomh (na gníomhartha) dlí ábhartha a ghlac an Coimisiún ina soláthraítear na coinníollacha sin nó an tagairt don ghníomh (do na gníomhartha) dlí nó don treoir (do na treoracha) formheasta agus a chuir an t-údarás inniúil a sholáthraíonn na coinníollacha sin ar fáil go poiblí.

(2) Cuir isteach ainm an ghalair ábhartha (ainmneacha na ngalar ábhartha).

(3) Coimeád de réir mar is iomchuí.

(4) Cuir isteach fianú (fianuithe) sonrach (sonracha) comhlíontachta leis na ceanglais is gá dá bhforáiltear sa ghníomh dlí (sna gníomhartha dlí) a ghlac an Coimisiún agus dá dtagraítear i bpointe II.1. lena leagtar síos bearta speisialta rialaithe galar le hAGHAIDH an ghalair (na ngalar) dá dtagraítear i bpointe II.2. i gcomhréir le hAirteagal 166(2) de Rialachán (AE) 2016/429, i gcás ina n-éilíonn na gníomhartha dlí sin an méid sin go sonrach.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)	Cáilíocht agus teideal
Ainm an Aonaid Rialaithe Áitiúil	Cód an Aonaid Rialaithe Áitiúil
Dáta	
Stampa	Síniú"

[A] Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") (IO L 84, 31.3.2016, lch. 1).

[B] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2154 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le ceanglais sláinte ainmhithe, deimhniúcháin agus maidir le fógra a thabhairt i dtaca le gluaiseachtaí táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe talún laistigh den Aontas (IO L 431, 21.12.2020, lch. 5).

(3) Leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na céad abairte d'Iarscríbhinn III:

Tá na deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha agus na deimhnithe oifigiúla caighdeánacha seo a leanas maidir le teacht isteach san Aontas le fáil in Iarscríbhinn III;

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chaibidlí 1 go 13:

"CAIBIDIL 1

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH LE HAGHAIDH FEOIL ÚR LENA CAITHEAMH AG AN DUINE TEACHT ISTEACH SAN AONTAS, CÉ IS MOITE D'FHEOIL DÍCHNÁMHAITHE GO MEICNIÚIL, Ó BHÓ-AINMHITHE (SAMHAIL BOV)

<table>
<tr><td colspan="2">TÍR</td><td colspan="4">Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil le hAGHAIDH an Aontais Eorpaigh</td></tr>
<tr><td rowspan="11">Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht</td><td>I.1 Coinsíneoir/Onnmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td><td colspan="2">I.2 Tagairt an deimhnithe

I.3 Údarás Inniúil Lárnach
I.4 Údarás Inniúil Áitiúil</td><td>I.2a Tagairt CBFRO

CÓD QR</td></tr>
<tr><td>I.5 Coinsíní/Allmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td><td colspan="3">I.6 An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht
Ainm
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.7 An tír thionscnaimh Cód tíre ISO</td><td colspan="3">I.9 An tír chinn scríbe Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.8 An réigiún tionscnaimh Cód</td><td colspan="3">I.10 An réigiún cinn scríbe Cód</td></tr>
<tr><td>I.11 Áit seolta
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td><td colspan="3">I.12 Ceann scríbe
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.13 Áit luchtaithe</td><td colspan="3">I.14 Dáta agus am imeachta</td></tr>
<tr><td rowspan="2">I.15 Modh iompair
□ Aerárthach □ Soitheach
□ Iarnród □ Feithicil bhóthair
Aitheantas</td><td colspan="3">I.16 Post Rialaithe Teorann Iontrála</td></tr>
<tr><td colspan="3">I.17 Doiciméid tionlacain
Saghas Cód
Tír Cód tíre ISO
Tagairt doiciméid tráchtála</td></tr>
<tr><td>I.18 Coinníollacha iompair</td><td>□ Comhthimpeallach</td><td>□ Fuaraithe</td><td>□ Reoite</td></tr>
<tr><td colspan="4">I.19 Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala
Uimh. an choimeádáin Uimhir shéala</td></tr>
<tr><td colspan="4">I.20 Deimhnithe mar nó le hAGHAIDH
□ Táirgí lena gcaitheamh ag an duine</td></tr>
<tr><td>I.21 □ Le hAGHAIDH iompair
Tríú tír Cód tíre ISO</td><td colspan="3">I.22 □ Le hAGHAIDH an mhargaidh inmheánaigh
I.23</td></tr>
</table>

I.24	**Líon iomlán pacáistí**	**I.25**	**Cainníocht iomlán**	**I.26**	**Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**
I.27	**Tuairisc ar an gcoinsíneacht**				
Cód AC	Speicis				
	Fuar-stóras	Marc aitheantais	Cineál pacáistíochta		Glanmheáchan
Seamlas	Cineál cóireála	Cineál an tráchtearra	An líon pacáistí		Baiscuimhir
□ Tomhaltóir deiridh	An dáta bailithe/táirgthe	Gléasra monaraíochta	Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid		

TÍR			Deimhniú caighdeánach BOV
Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt CBFRO**

II.1. Fianú sláinte poiblí [le scriosadh nuair nach é an tAontas ceann scríbe deiridh na feola úire]

Dearbhaímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m"ainm anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar na ceanglais ábhartha de Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [A], Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [B], Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [C], Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún [D] agus deimhním leis seo gur táirgeadh an fheoil úr[(2)] ó bhó-ainmhithe clóis (lena n-áirítear na speicis Bison agus Bubalus agus a gcrosphórtha) a dtugtar tuairisc orthu i gCuid I i gcomhréir leis na ceanglais sin, go háirithe:

II.1.1. go dtagann an [fheoil] [an fheoil mhionaithe] ([1]) ó bhunaíocht(aí) ina gcuirtear ceanglais sláinteachais ghinearálta i bhfeidhm agus ina gcuirtear clár chun feidhme bunaithe ar phrionsabail na bpointí criticiúla rialaithe ar anailís guaise (HACCP) i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, ar a ndéanann na húdaráis inniúla iniúchadh tráthrialta, agus a liostaítear mar bhunaíocht atá formheasta ag an Aontas Eorpach;

II.1.2. go bhfuarthas an fheoil i gcomhréir le Roinn I d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

([1]) II.1.3. [gur táirgeadh an fheoil mhionaithe i gcomhréir le Roinn V d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 agus gur reodh iad go teocht inmheánach nach mó ná -18°°C;]

II.1.4. go bhfuarthas an fheoil a bheith oiriúnach lena caitheamh ag an duine tar éis cigireachtaí réamhbháis agus iarbháis a rinneadh i gcomhréir le hAirteagail 8 go 19, 24, 29, 30, 33 go 35, 37, 38 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 agus le hAirteagail 3, 4, 5, 7 agus 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624;

II.1.5. ([1]) [gur marcáladh an conablach nó codanna den chonablach le marc sláinte i gcomhréir le hAirteagal 48 agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627;]

A Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú (IO L 147, 31.5.2001, lch. 1).

B Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

C Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas earraí bia (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

D Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún an 15 Márta 2019 lena leagtar síos socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún maidir le rialuithe oifigiúla (IO L 131, 17.5.2019, lch. 51).

TÍR	Deimhniú caighdeánach BOV
	([1]) *nó* [gur marcáladh na pacáistí [feola] [feola mionaithe] ([1]) le marc aitheantais i gcomhréir le Roinn I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;]
	II.1.6. go gcomhlíonann an [fheoil] [fheoil mhionaithe] ([1]) na critéir ábhartha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún [E];
	II.1.7. go gcomhlíontar na ráthaíochtaí lena gcumhdaítear ainmhithe beo agus táirgí díobh dá bhforáiltear leis na pleananna iarmharacha arna dtíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle [F], agus go liostaítear na hainmhithe agus na táirgí lena mbaineann i gCinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún [G] maidir leis an tír thionscnaimh lena mbaineann;
	II.1.8. gur táirgeadh an [fheoil] [fheoil mhionaithe] ([1]) faoi dhálaí lena ráthaítear comhlíontacht na n-uasteorainneacha iarmhair le hAGHAIDH lotnaidicídí a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [H], agus na n-uasleibhéal le hAGHAIDH éilleán a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún [I].
	II.1.9. an [fheoil] [fheoil mhionaithe] ([1]) gur stóráladh agus gur iompraíodh an fheoil i gcomhréir leis na ceanglais ábhartha de Ranna I agus V faoi seach d'iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;
	II.1.10. maidir le heinceifileapaite spúinseach bhólachta (ESB):
	([1]) [aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún [J] mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB, agus
	([1]) [maidir leis na hainmhithe dá bhfuil an fheoil nó an fheoil mhionaithe díorthaithe, rugadh iad, tógadh go leanúnach agus rinneadh marú seamlais orthu i dtír nó i réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB;]
	([1]) *nó* [maidir leis na hainmhithe dá bhfuil an fheoil nó an fheoil mhionaithe díorthaithe, thionscain siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún mar thír nó réigiún lena bhfuil riosca rialaithe ESB ag baint;]
	([1]) [(i) níl ábhar sonraithe riosca san fheoil ná san fheoil mhionaithe ná níl an fheoil ná an fheoil mhionaithe díorthaithe ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;]

E Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2005 maidir le critéir mhicribhitheolaíocha le haghaidh earraí bia (IO L 338, 22.12.2005, lch. 1).

F Treoir 96/23/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 maidir le bearta chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe agus ar iarmhair na substaintí sin in ainmhithe beo agus i dtáirgí ainmhithe agus lena n-aisghairtear Treoracha 85/358/CEE agus 86/469/CEE agus Cinntí 89/187/CEE agus 91/664/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 10).

G Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún an 16 Márta 2011 maidir le formheas pleananna arna gcur isteach ag tríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle (IO L 70, 17.3.2011, lch. 40).

H Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil d'iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

I Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2006 lena socraítear uasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe in earraí bia (IO L 364, 20.12.2006, lch. 5).

J Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2007 lenar bunaíodh stádas ESB Ballstát nó tríú tíortha nó réigiún díobh siúd de réir a riosca ESB (IO L 172, 30.6.2007, lch. 84).

TÍR	Deimhniú caighdeánach BOV
	([1]) *nó* [(i) níl ábhar sonraithe riosca, mar a shainmhínítear i bpointe 1(a) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, sna conablaigh, sna leathchonablaigh nó sna leathchonablaigh a gearradh i níos mó ná trí ghearradh le hAGHAIDH mórdhíola, ná sna ceathrúna, seachas an colún veirteabrach, lena n-áirítear fréamhghainglín droma, agus aithnítear na conablaigh nó na gearrthacha ainmhithe os cionn 30 mí agus a bhfuil colún veirteabrach iontu le stríoc dearg atá infheicthe go soiléir ar an lipéad dá dtagraítear in Airteagal 13 nó 15 de Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [K] ([3]);] (ii) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear an fheoil nó an fheoil mhionaithe, tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna nó ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúdadh trí uirlis slatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;]
	([1]) *nó* [maidir leis na hainmhithe dá bhfuil an fheoil nó an fheoil mhionaithe díorthaithe, thionscain siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún mar thír nó réigiún lena bhfuil riosca neamhchinntithe ESB ag baint;]
	([1]) [(i) níl ábhar sonraithe riosca san fheoil ná san fheoil mhionaithe ná níl an fheoil ná an fheoil mhionaithe díorthaithe ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;]
	([1]) *nó* [(i) níl ábhar sonraithe riosca, mar a shainmhínítear i bpointe 1(a) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, sna conablaigh, sna leathchonablaigh nó sna leathchonablaigh a gearradh i níos mó ná trí ghearradh le hAGHAIDH mórdhíola, ná sna ceathrúna, seachas an colún veirteabrach, lena n-áirítear fréamhghainglín droma, agus aithnítear na conablaigh nó na gearrthacha ainmhithe os cionn 30 mí agus a bhfuil colún veirteabrach iontu le stríoc dearg atá infheicthe go soiléir ar an lipéad dá dtagraítear in Airteagal 13 nó 15 de Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ([3]);] (ii) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear an fheoil nó an fheoil mhionaithe tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad ná ní dhearnadh marú seamlais orthu tríd an modh céanna nó trína stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúdadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;] (iii) níor tugadh mar bheatha do na hainmhithe óna ndíorthaítear an fheoil ná an fheoil mhionaithe min feola agus cnámh nó geirdheascadh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe [L];

K Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Iúil 2000 lena mbunaítear córais chun bó-ainmhithe a shainaithint agus a chlárú agus maidir le mairteoil agus táirgí mairteola a lipéadú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 820/97 (IO L 204, 11.8.2000, lch. 1).

L https://www.oie.int/en/standard-setting/terrestrial-code/access-online/

TÍR	Deimhniú caighdeánach BOV
	(iv) táirgeadh agus láimhseáladh an fheoil nó an fheoil mhionaithe ar bhealach lena gcinntítear nach bhfuil néarfhíocháin ná fíocháin limfe iontu agus nár éillíodh iad le fíocháin den sórt sin a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe;]]
	([1]) *nó* [aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB, agus
	(a) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear an fheoil nó an fheoil mhionaithe tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad ná ní dhearnadh marú seamlais orthu tríd an modh céanna nó trína stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúdadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;] agus
	([1]) [(b) níl ábhar sonraithe riosca san fheoil ná san fheoil mhionaithe ná níl an fheoil ná an fheoil mhionaithe díorthaithe ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;]
	([1]) *nó* [(b) níl ábhar sonraithe riosca, mar a shainmhínítear i bpointe 1(a) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, sna conablaigh, sna leathchonablaigh nó sna leathchonablaigh a gearradh i níos mó ná trí ghearradh le hAGHAIDH mórdhíola, ná sna ceathrúna, seachas an colún veirteabrach, lena n-áirítear fréamhghainglín droma, agus aithnítear na conablaigh nó na gearrthacha ainmhithe os cionn 30 mí agus a bhfuil colún veirteabrach iontu le stríoc dearg atá infheicthe go soiléir ar an lipéad dá dtagraítear in Airteagal 13 nó 15 de Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ([3]);]]
	([1]) *nó* [níor aicmíodh an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE nó aicmítear í nó é mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca neamhchinntithe ESB, agus
	(a) maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an fheoil nó an fheoil mhionaithe:
	(i) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúdadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;
	(ii) níor tugadh mar bheatha dóibh min feola agus cnámh nó geirdheascadh a dhíorthaítear ó athchogantaigh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe;
	([1]) [(b) níl ábhar sonraithe riosca san fheoil ná san fheoil mhionaithe ná níl an fheoil ná an fheoil mhionaithe díorthaithe ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;]

TÍR	Deimhniú caighdeánach BOV

([1]) *nó* [(b) níl ábhar sonraithe riosca, mar a shainmhínítear i bpointe 1(a) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, sna conablaigh, sna leathchonablaigh nó sna leathchonablaigh a gearradh i níos mó ná trí ghearradh le hAGHAIDH mórdhíola, ná sna ceathrúna, seachas an colún veirteabrach, lena n-áirítear fréamhghainglín droma, agus aithnítear na conablaigh nó na gearrthacha ainmhithe os cionn 30 mí agus a bhfuil colún veirteabrach iontu le stríoc dearg atá infheicthe go soiléir ar an lipéad dá dtagraítear in Airteagal 13 nó 15 de Rialachán (CE) Uimh. 1760/2000 ([3]);]

(c) níl an méid seo a leanas san fheoil ná san fheoil mhionaithe ná níl an fheoil ná an fheoil mhionaithe díorthaithe ó néarfhíocháin ná fíocháin limfe sin a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe.]

([4]) [II.1.11. comhlíonann sé ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 1688/2005 ón gCoimisiún [M].]

II.2. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m"ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis an bh**feoil úr** ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.2.1. go bhfuarthas é **sa chrios/sna criosanna** lena mbaineann có(i)d: ……([5])dá n-údaraítear, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo, **feoil úr bó-ainmhithe** teacht isteach san Aontas agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún [N] agus:

(a) nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú víreas phlá na mbó ann ar feadh tréimhse 12 mhí roimh dháta maraithe seamlais na n-ainmhithe óna bhfuarthas an fheoil úr agus nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh an ghalair sin le linn na tréimhse céanna; agus

(1) [(b) nár tuairiscíodh gurbh ann do ghalar crúb is béil ann ar feadh thréimhse 12 mhí roimh dháta maraithe seamlais na n-ainmhithe óna bhfuarthas an fheoil úr, agus nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh an ghalair sin le linn na tréimhse céanna.]

(1)(6) *nó* [(b) nár tuairiscíodh gurbh ann don ghalar crúb is béil ann ón ___/___/____ (ll/mm/bbbb).]

(1)(7) *nó* [(b) nár tuairiscíodh gurbh ann do ghalar crúb is béil ann ar feadh thréimhse 12 mhí roimh dháta maraithe seamlais na n-ainmhithe óna bhfuarthas an fheoil úr agus a bhfuil clár vacsaínithe ar siúl ann in aghaidh an ghalair crúb is béil i mbó-ainmhithe ar coimeád faoi mhaoirseacht údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch.]

(1)(8) *nó* [(b) nár tuairiscíodh gurbh ann do ghalar crúb is béil ann ar feadh thréimhse 12 mhí roimh dháta maraithe seamlais na n-ainmhithe óna bhfuarthas an fheoil úr agus a bhfuil clár vacsaínithe ar siúl ann in aghaidh an ghalair crúb is béil i mbó-ainmhithe ar coimeád faoi mhaoirseacht údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch; áirítear rialú ar éifeachtúlacht an chláir vacsaínithe sa mhaoirseacht sin trí fhaireachas séireolaíoch tráthrialta lena léirítear leibhéil antasubstainte leordhóthanacha sna hainmhithe agus lena dtaispeántar nach bhfuil an galar crúb is béil ag scaipeadh sa chrios.]

M Rialachán (CE) Uimh. 1688/2005 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2005 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ráthaíochtaí speisialta a bhaineann le salmonella le haghaidh coinsíneachtaí chuig an bhFionlainn agus chuig an tSualainn d'fheoil agus d'uibheacha áirithe (IO L 271, 15.10.2005, lch. 17)

N Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

TÍR	Deimhniú caighdeánach BOV
	(1)(9) *nó* [(b) nár tuairiscíodh gurbh ann do ghalar crúb is béil ann ar feadh thréimhse 12 mhí roimh dháta maraithe seamlais na n-ainmhithe óna bhfuarthas an fheoil úr agus nach ndearnadh vacsaíniú ann in aghaidh an ghalair sin ann le linn na tréimhse céanna agus déanann údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch rialú ar an easpa galair trí fhaireachas séireolaíoch tráthrialta lena léirítear nach bhfuil víreas an ghalair crúb is béil á scaipeadh.] II.2.2. go bhfuarthas an fheoil ó **ainmhithe**: (1) [a d'fhan sa chrios/sna criosanna dá dtagraítear faoi phointe II.2.1. ó rugadh iad, nó ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad roimh mharú seamlais.] (1) *nó* [a tugadh isteach an ___/___/____(ll/mm/bbbb) sa chrios dá dtagraítear faoi phointe II.2.1., ón gcrios lena mbaineann an cód ___ - __ [(5)] a bhí údaraithe ar an dáta sin teacht isteach san Aontas feoil úr ó bhó-ainmhithe agus a mhair ann ó rugadh iad, nó ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad roimh mharú seamlais.] (1) *nó* [a tugadh isteach an ___/___/____ (ll/mm/bbbb) sa chrios dá dtagraítear faoi phointe II.2.1., ón mBallstát lena mbaineann cód ISO _____.] II.2.3. go bhfuarthas é ó ainmhithe a thagann ó **bhunaíochtaí**: (a) atá cláraithe ag údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch, agus faoi rialú an údaráis sin agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid a choinneáil agus a choimeád i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún [O]; (b) ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn; (c) nach raibh faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, tráth seolta na n-ainmhithe chuig an seamlas; (d) nár vacsaíníodh aon cheann de na hainmhithe a choinnítear iontu in aghaidh [an ghalair crúb is béil ná][(10)] ionfhabhtú víreas phlá na mbó; (1) cibé acu [(e) laistigh de agus timpeall air, laistigh de limistéar de gha 10 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, nár tuairiscíodh gurbh ann do ghalar crúb is béil agus ionfhabhtú víreas phlá na mbó sa tréimhse 30 lá roimh an dáta maraithe seamlais;] (1)(7) *nó* [(e) laistigh de agus timpeall air, i limistéar de gha 25 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, nár tuairiscíodh gurbh ann do ghalar crúb is béil ann agus ionfhabhtú víreas phlá na mbó sa tréimhse 60 lá roimh an dáta maraithe seamlais];

O Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad teacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

TÍR	Deimhniú caighdeánach BOV
	(1)(9) *nó* [(e) laistigh de agus timpeall air, laistigh de limistéar de gha 10 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, nár tuairiscíodh gurbh ann do ghalar crúb is béil agus ionfhabhtú víreas phlá na mbó sa tréimhse 12 mhí roimh an dáta maraithe seamlais;] (1)(7) *cibé acu* [(f) ina raibh na hainmhithe ar feadh tréimhse 40 lá ar a laghad sular seoladh iad go díreach chuig an seamlas.] (1)(7)(11) *nó* (f) ina raibh na hainmhithe ar feadh tréimhse 40 lá ar a laghad roimh dul trí aonad cóimeála amháin atá formheasta ag an údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 20(2), pointe (b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 gan teagmháil a dhéanamh le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle sular seoladh iad go díreach chuig seamlas;] (1)(12) (g) inarb amhlaidh: (i) níor tugadh aon ainmhí isteach le 3 mhí anuas ó chriosanna nach n-údaraítear feoil úr ó bhó-ainmhithe ó na criosanna sin teacht isteach san Aontas; (ii) tá na hainmhithe sainaitheanta agus cláraithe sa Chóras Náisiúnta maidir le Sainaithint bó-ainmhithe agus maidir lena nDeimhniúchán Tionscnaimh; (h) a liostaítear mar bhunaíochtaí formheasta, tar éis toradh fabhrach a bheith ar chigireacht arna déanamh ag údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch, rud a léiríodh i dtuarascáil oifigiúil in CBFRO, agus rinne an t-údarás inniúil cigireacht go tráthrialta chun a áirithiú gur comhlíonadh na ceanglais ábhartha dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.] II.2.4. go bhfuarthas an fheoil **ó ainmhithe**: (a) a seoladh óna mbunaíocht tionscnaimh chuig seamlas i modhanna iompair: (i) a tógadh ar bhealach nach féidir leis na hainmhithe éalú nó titim amach; (ii) inar féidir amharc-chigireacht a dhéanamh ar an spás ina gcoimeádtar na hainmhithe; (iii) óna gcoisctear nó óna n-íoslaghdaítear éalú tuartha, bruscair nó beatha ainmhithe, agus (iv) a glanadh agus a díghalraíodh le díghalrán arna údarú ag údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch go díreach roimh iompar na n-ainmhithe gan aon teagmháil le hainmhithe eile nár chomhlíon na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe II.2.1., II.2.2. agus II.2.3.; (b) agus na hainmhithe á n-iompar go dtí an seamlas, ní dheachaigh siad trí thríú tír nó tríú críoch nó crios di sin nach liostaítear le hAGHAIDH feoil úr ó bhó-ainmhithe teacht isteach san Aontas agus ní raibh siad i dteagmháil le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle; (c) a ndearnadh marú seamlais orthu [[an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)](1)[idir ___/___/____ (ll/mm/bbbb) agus ___/___/____ (ll/mm/bbbb)](1)](13); (d) nach raibh aon teagmháil acu le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle i rith a maraithe seamlais.

TÍR	Deimhniú caighdeánach BOV

(1)(12) [(e) sa seamlas, coinníodh iad in áit a bhí iomlán ar leithligh ó ainmhithe nach bhfuil feoil uathu beartaithe don Aontas roimh a marú seamlais.]

II.2.5. go bhfuarthas í i seamlas nár tuairiscíodh, i limistéar dar ga 10 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, gurbh ann d'aon cheann de na galair dá dtagraítear i bpointe II.2.1 inti ná timpeall uirthi i rith na tréimhse 30 lá roimh dháta maraithe seamlais na n-ainmhithe.

II.2.6. go ndearnadh an fheoil a dheighilt go docht ó fheoil úr nár chomhlíon na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe maidir le feoil úr ó bhó-ainmhithe teacht isteach san Aontas i rith oibríochtaí an mharaithe seamlais, an ghearrtha agus go dtí:

(1) [rinneadh í a phacáistiú le hAGHAIDH stóráil bhreise.]

(1) *nó* [a luchtú, mar fheoil úr neamhphacáistithe, ar na modhanna iompair lena seoladh chuig an Aontas.]

(1) [II.2.7. ar **feoil úr dhíchnámhaithe í, seachas scairteach**, a fuarthas ó chonablaigh:

(1)(7) [(i) inar baineadh na príomhnóid limfe a bhfuil fáil orthu; (ii) a cuireadh faoi phróiseas aibíochta ag teocht os cionn + 2 °C ar feadh 24 uair an chloig ar a laghad sular baineadh na cnámha; agus (iii) ina raibh luach pH na feola faoi bhun 6.0 nuair a tástáladh go leictreonach é i lár an mhatáin *longissimus-dorsi* tar éis na haibíochta agus sular baineadh na cnámha.]

(1)(14) [(i) inar baineadh na príomhnóid limfe a bhfuil fáil orthu; agus (ii) a cuireadh faoi phróiseas aibíochta ag teocht os cionn +2°°C ar feadh 24 uair an chloig ar a laghad sular baineadh na cnámha.]]

II.3. Fianú leasa ainmhithe [le scriosadh nuair nach é an tAontas an ceann scríbe deiridh]

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m"ainm leis seo, leis seo go bhfuarthas an fheoil ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó ainmhithe ar cuireadh cóireáil orthu sa seamlas i gcomhréir le ceanglais reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint ainmhithe tráth a maraithe nó le ceanglais choibhéiseacha ar a laghad.

Nótaí

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Tá an deimhniú seo beartaithe le hAGHAIDH feoil úr agus feoil mhionaithe (mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004) ó bhó-ainmhithe clóis (mar a shainmhínítear in Airteagal 2(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692) teacht isteach san Aontas, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe deiridh na feola úire sin.

Luaitear go sainráite sa teideal go n-eisiatar feoil díchnámhaithe go meicniúil chun aon mhearbhall a sheachaint mar ní fhéadtar an táirge sin a allmhairiú agus an deimhniú seo le hAGHAIDH feoil úr á úsáid.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235.

TÍR	Deimhniú caighdeánach BOV
	Cuid I Tagairt bhosca I.8: Soláthair cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. Tagairt bhosca I.27: Úsáid cód iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe (Cód HS): 02.01, 02.02, 02.06, 05.04 nó 15.02. Tagairt bhosca I.27: Tuairisc ar an gcoinsíneacht: "*Cineál an tráchtearra"*: Léirigh "conablach-iomlán", "conablach-taobh", "conablach-ceathrúna" nó "gearrthacha". "*Cineál cóireála"*: Más iomchuí, léirigh "díchnámhaithe", "ar an gcnámh" agus/nó "aibithe". I gcás feoil reoite, tabhair dáta reo (mm/bb) na ngearrthacha/bpíosaí. **Cuid II:** (1) Coimeád de réir mar is iomchuí. (2) Feoil úr mar a shainmhínítear i bpointe 1.10 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. (3) Cuirfear líon na gconablach bó-ainmhithe nó na ngearrthacha le hAGHAIDH mórdhíola, a n-éilítear an colún veirteabrach a bhaint díobh isteach leis an Doiciméad Coiteann um Shláinte ar Theacht isteach san Aontas (CHED) dá dtagraítear in Airteagal 56 de Rialachán (AE) 2017/625. (4) Scrios mura bhfuil sé beartaithe an choinsíneacht a theacht isteach san Fhionlainn ná sa tSualainn. (5) Cód an chreasa i gcomhréir le colún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. (6) I gcás criosanna a bhfuil a ndáta oscailte i gcolún 8 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus iad siúd amháin. (7) Maidir le criosanna ina mbaineann an teacht isteach le coinníollacha sonracha *"Aibiú, pH agus díchnámhú"* i gcolún 5 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. (8) Maidir le criosanna ina mbaineann an teacht isteach le coinníollacha sonracha "*Cláir vacsaínithe rialaithe"* de bhreis ar an teacht isteach "*Aibiú, pH agus díchnámhú*" i gcolún 5 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. (9) Maidir le criosanna ina mbaineann an teacht isteach le coinníollacha sonracha i ndáil le "*Ní dhéantar aon vacsaíniú*" de bhreis ar an teacht isteach "*Aibíocht, pH agus díchnámhú*" i gcolún 5 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

TÍR	Deimhniú caighdeánach BOV
	(10) Scrios i gcás criosanna ina mbaineann an teacht isteach le coinníollacha sonracha i ndáil le "*Aibíocht, pH agus díchnámhú*" i gcolún 5 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, i gcás ina ndéantar clár vacsaínithe in aghaidh an ghalair crúb is béil le séiritíopaí A, O nó C. (11) I gcás criosanna ina mbaineann an teacht isteach le coinníollacha sonracha "*Aonad cóimeála"* i gcolún 6 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 agus iad siúd amháin. (12) Maidir le criosanna ina mbaineann an teacht isteach le coinníollacha sonracha "*Inrianaitheacht bhreise*" i gcolún 5 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. (13) Dáta nó dátaí maraithe seamlais. Ní cheadófar an fheoil seo a theacht isteach san Aontas ach amháin má fuarthas an fheoil ó ainmhithe a ndearnadh marú seamlais orthu tar éis dháta údaraithe an chreasa/na gcriosanna dá dtagraítear faoi phointe II.2.1 maidir le feoil úr ó bhó-ainmhithe a theacht isteach san Aontas, ná i dtréimhse ina raibh bearta srianta maidir le sláinte ainmhithe arna nglacadh ag an Aontas i bhfeidhm in aghaidh theacht isteach na feola ón gcrios/ó na criosanna sin, ná i dtréimhse inar cuireadh ar fionraí údarú an chreasa/na gcriosanna sin maidir leis an bhfeoil sin a theacht isteach san Aontas. (14) Maidir le criosanna ina mbaineann an teacht isteach le coinníollacha sonracha *"Aibiú agus díchnámhú"* i gcolún 5 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. Ní cheadófar an fheoil dhíchnámhaithe aibithe teacht isteach san Aontas go dtí 21 lá tar éis dháta maraithe seamlais na n-ainmhithe.
	Tréidlia oifigiúil Ainm (i gceannlitreacha) Dáta — Cáilíocht agus teideal Stampa — Síniú

CAIBIDIL 2

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH LE HAGHAIDH FEOIL ÚR LENA CAITHEAMH AG AN DUINE TEACHT ISTEACH SAN AONTAS, CÉ IS MOITE D'FHEOIL DÍCHNÁMHAITHE GO MEICNIÚIL, Ó AINMHITHE CLÓIS DEN CHINEÁL CAORACH AGUS Ó AINMHITHE CLÓIS DEN CHINEÁL GABHAIR (SAMHAIL OVI)

TÍR			**Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil le hAGHAIDH an Aontais Eorpaigh**	
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1** **Coinsíneoir/Onnmh aireoir** Ainm Seoladh Tír Cód tíre ISO		**I.2** **Tagairt an deimhnithe** **I.3** **Údarás Inniúil Lárnach** **I.4** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**I.2a** **Tagairt CBFRO** **CÓD QR**
	I.5 **Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír Cód tíre ISO		**I.6** **An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír Cód tíre ISO	
	I.7 **An tír thionscnaimh** Cód tíre ISO		**I.9** **An tír chinn scríbe** Cód tíre ISO	
	I.8 **An réigiún tionscnaimh** Cód		**I.10** **An réigiún cinn scríbe** Cód	
	I.11 **Áit seolta** Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Seoladh Tír Cód tíre ISO		**I.12** **Ceann scríbe** Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Seoladh Tír Cód tíre ISO	
	I.13 **Áit luchtaithe**		**I.14** **Dáta agus am imeachta**	
	I.15 **Modh iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16** **Post Rialaithe Teorann Iontrála** **I.17** **Doiciméid tionlacain** Saghas Cód Tír Cód tíre ISO Tagairt doiciméid tráchtála	
	I.18 **Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe	□ Reoite
	I.19 **Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin Uimhir shéala			
	I.20 **Deimhnithe mar nó le hAGHAIDH** □ Táirgí lena gcaitheamh ag an duine			
	I.21 **□ Le hAGHAIDH iompair** Tríú tír Cód tíre ISO		**I.22** **□ Le hAGHAIDH an mhargaidh inmheánaigh** **I.23**	

I.24	**Líon iomlán pacáistí**	**I.25**	**Cainníocht iomlán**	**I.26**	**Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**
I.27	**Tuairisc ar an gcoinsíneacht**				

Cód AC	Speicis				
	Fuar-stóras	Marc aitheantais	Cineál pacáistíochta		Glanmheáchan
Seamlas	Cineál cóireála	Cineál an tráchtearra	An líon pacáistí		Baiscuimhir
□ Tomhaltóir deiridh	An dáta bailithe/táirgthe	Gléasra monaraíochta	Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid		

TÍR		Deimhniú caighdeánach OVI	
Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt CBFRO**

II.1. Fianú sláinte poiblí [le scriosadh nuair nach é an tAontas ceann scríbe deiridh na feola úire]

Dearbhaímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m"ainm anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar na ceanglais ábhartha de Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [A], Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [B], Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [C], Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 [D] ón gCoimisiún agus deimhním leis seo gur táirgeadh an fheoil úr[(2)] ó ainmhithe clóis den chineál caorach agus ainmhithe clóis den chineál gabhair (*Ovis aries agus Capra hircus*) a dtugtar tuairisc orthu i gCuid I i gcomhréir leis na ceanglais sin, go háirithe:

II.1.1. go dtagann an [fheoil] [fheoil mhionaithe] ([1]) ó bhunaíocht(aí) ina gcuirtear ceanglais sláinteachais ghinearálta i bhfeidhm agus ina gcuirtear clár chun feidhme bunaithe ar phrionsabail na bpointí criticiúla rialaithe ar anailís guaise (HACCP) i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, ar a ndéanann na húdaráis inniúla iniúchadh tráthrialta, agus a liostaítear mar bhunaíocht atá formheasta ag an Aontas Eorpach;

([1]) II.1.2. go bhfuarthas an fheoil i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i Roinn I d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

([1]) II.1.3. [gur táirgeadh an fheoil mhionaithe i gcomhréir le Roinn V d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 agus gur reodh iad go teocht inmheánach nach mó ná -18°°C;]

II.1.4. go bhfuarthas an fheoil a bheith oiriúnach lena caitheamh ag an duine tar éis cigireachtaí réamhbháis agus iarbháis a rinneadh i gcomhréir le hAirteagail 8 go 14, 16, 17, 20, 21, 24, 29, 33 go 35, 37, 38 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 agus le hAirteagail 3, 4, 5, 7 agus 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624;

II.1.5. ([1]) [gur marcáladh an conablach nó codanna den chonablach le marc sláinte i gcomhréir le hAirteagal 48 agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627;]

([1]) *nó* [gur marcáladh na pacáistí [feola] [feola mionaithe] ([1]) le marc aitheantais i gcomhréir le Roinn I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;]

A Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú (IO L 147, 31.5.2001, lch. 1).

B Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

C Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas earraí bia (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

D Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún an 15 Márta 2019 lena leagtar síos socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún maidir le rialuithe oifigiúla (IO L 131, 17.5.2019, lch. 51).

TÍR	Deimhniú caighdeánach OVI
	II.1.6. go gcomhlíonann an [fheoil] [fheoil mhionaithe] ([1]) na critéir ábhartha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún [E]; II.1.7. go gcomhlíontar na ráthaíochtaí lena gcumhdaítear ainmhithe beo agus táirgí díobh dá bhforáiltear leis na pleananna iarmharacha arna dtíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle [F], agus go liostaítear na hainmhithe agus na táirgí lena mbaineann i gCinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún [G] maidir leis an tír thionscnaimh lena mbaineann; II.1.8. gur táirgeadh an [fheoil] [fheoil mhionaithe] ([1]) faoi dhálaí lena ráthaítear comhlíontacht na n-uasteorainneacha iarmhair le hAGHAIDH lotnaidicídí a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [H], agus na n-uasleibhéal le hAGHAIDH éilleán a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún [I]. II.1.9. an [fheoil] [fheoil mhionaithe] ([1]) gur stóráladh agus gur iompraíodh an fheoil i gcomhréir leis na ceanglais ábhartha de Ranna I agus V faoi seach d'iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004; II.1.10. maidir le heinceifileapaite spúinseach bhólachta (ESB): ([1]) [aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún [J] mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB, agus ([1]) [maidir leis na hainmhithe dá bhfuil an fheoil nó an fheoil mhionaithe díorthaithe, rugadh iad, tógadh go leanúnach agus rinneadh marú seamlais orthu i dtír nó i réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB;] ([1]) *nó* [maidir leis na hainmhithe dá bhfuil an fheoil nó an fheoil mhionaithe díorthaithe, thionscain siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún mar thír nó réigiún lena bhfuil riosca rialaithe ESB ag baint;] (i) níl ábhar sonraithe riosca san fheoil ná san fheoil mhionaithe ná níl an fheoil ná an fheoil mhionaithe díorthaithe ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1(b) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;

E Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2005 maidir le critéir mhicribhitheolaíocha le haghaidh earraí bia (IO L 338, 22.12.2005, lch. 1).

F Treoir 96/23/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 maidir le bearta chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe agus ar iarmhair na substaintí sin in ainmhithe beo agus i dtáirgí ainmhithe agus lena n-aisghairtear Treoracha 85/358/CEE agus 86/469/CEE agus Cinntí 89/187/CEE agus 91/664/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 10).

G Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún an 16 Márta 2011 maidir le formheas pleananna arna gcur isteach ag tríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle (IO L 70, 17.3.2011, lch. 40).

H Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil d'iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

I Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2006 lena socraítear uasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe in earraí bia (IO L 364, 20.12.2006, lch. 5).

J Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2007 lenar bunaíodh stádas ESB Ballstát nó tríú tíortha nó réigiún díobh siúd de réir a riosca ESB (IO L 172, 30.6.2007, lch. 84).

TÍR	Deimhniú caighdeánach OVI
	(ii) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear an fheoil nó an fheoil mhionaithe, tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúdadh trí uirlis slatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;]
	([1]) *nó* [maidir leis na hainmhithe dá bhfuil an fheoil nó an fheoil mhionaithe díorthaithe, thionscain siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún mar thír nó réigiún lena bhfuil riosca neamhchinntithe ESB ag baint;]
	(i) níl ábhar sonraithe riosca san fheoil ná san fheoil mhionaithe ná níl an fheoil ná an fheoil mhionaithe díorthaithe ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1(b) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;
	(ii) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear an fheoil nó an fheoil mhionaithe tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad ná ní dhearnadh marú seamlais orthu tríd an modh céanna nó trína stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúdadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;]
	(iii) níor tugadh mar bheatha do na hainmhithe óna ndíorthaítear an fheoil ná an fheoil mhionaithe min feola agus cnámh nó geirdheascadh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe [K];
	(iv) táirgeadh agus láimhseáladh an fheoil nó an fheoil mhionaithe ar bhealach lena gcinntítear nach bhfuil néarfhíocháin ná fíocháin limfe iontu agus nár éillíodh iad le fíocháin den sórt sin a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe;]
	([1]) *nó* [aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB, agus
	(a) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear an fheoil nó an fheoil mhionaithe tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad ná ní dhearnadh marú seamlais orthu tríd an modh céanna nó trína stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúdadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;] agus
	(b) níl ábhar sonraithe riosca san fheoil ná san fheoil mhionaithe ná níl an fheoil ná an fheoil mhionaithe díorthaithe ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1(b) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;]

K https://www.oie.int/en/standard-setting/terrestrial-code/access-online/

TÍR	Deimhniú caighdeánach OVI

([1]) *nó* [níor aicmíodh an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE nó aicmítear í nó é mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca neamhchinntithe ESB, agus

(a) maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an fheoil nó an fheoil mhionaithe:

(i) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúdadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;

(ii) níor tugadh mar bheatha dóibh min feola agus cnámh nó geirdheascadh a dhíorthaítear ó athchogantaigh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe;

(b) níl an méid seo a leanas san fheoil ná san fheoil mhionaithe ná níl an fheoil ná an fheoil mhionaithe díorthaithe ón méid seo a leanas:

(i) ábhar sonraithe riosca mar a shainmhínítear i bpointe 1(b) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;

(ii) néarfhíocháin agus fíocháin limfe a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe;]

II.2. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m"ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis an bh**feoil úr** ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.2.1. go bhfuarthas é **sa chrios/sna criosanna** lena mbaineann có(i)d: ……([3])dá n-údaraítear, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo, **feoil úr ó ainmhithe den chineál caorach agus ó ainmhithe den chineál gabhair** teacht isteach san Aontas agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún [L], agus:

(a) nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú víreas phlá na mbó ann ar feadh tréimhse 12 mhí roimh dháta maraithe seamlais na n-ainmhithe óna bhfuarthas an fheoil úr agus nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh an ghalair sin le linn na tréimhse céanna; agus

(1) [(b) nár tuairiscíodh gurbh ann do ghalar crúb is béil ann ar feadh thréimhse 12 mhí roimh dháta maraithe seamlais na n-ainmhithe óna bhfuarthas an fheoil úr, agus nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh an ghalair sin le linn na tréimhse céanna.]

(1)(4) *nó* [(b) nár tuairiscíodh gurbh ann don ghalar crúb is béil ann ón ___/___/____ (ll/mm/bbbb).]

L Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

TÍR	Deimhniú caighdeánach OVI

(1)(5) *nó* [(b) nár tuairiscíodh gurbh ann do ghalar crúb is béil ann ar feadh thréimhse 12 mhí roimh dháta maraithe seamlais na n-ainmhithe óna bhfuarthas an fheoil úr agus a bhfuil clár vacsaínithe ar siúl ann in aghaidh an ghalair crúb is béil i mbó-ainmhithe ar coimeád faoi mhaoirseacht údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch.]

(1)(6) *nó* [(b) nár tuairiscíodh gurbh ann do ghalar crúb is béil ann ar feadh thréimhse 12 mhí roimh dháta maraithe seamlais na n-ainmhithe óna bhfuarthas an fheoil úr agus a bhfuil clár vacsaínithe ar siúl ann in aghaidh an ghalair crúb is béil i mbó-ainmhithe ar coimeád faoi mhaoirseacht údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch; áirítear rialú ar éifeachtúlacht an chláir vacsaínithe sa mhaoirseacht sin trí fhaireachas séireolaíoch tráthrialta lena léirítear leibhéil antasubstainte leordhóthanacha sna hainmhithe agus lena dtaispeántar nach bhfuil an galar crúb is béil ag scaipeadh sa chrios.]

(1)(7) *nó* [(b) nár tuairiscíodh gurbh ann do ghalar crúb is béil ann ar feadh thréimhse 12 mhí roimh dháta maraithe seamlais na n-ainmhithe óna bhfuarthas an fheoil úr agus nach ndearnadh vacsaíniú ann in aghaidh an ghalair sin ann le linn na tréimhse céanna agus déanann údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch rialú ar an easpa galair trí fhaireachas séireolaíoch tráthrialta lena léirítear nach bhfuil víreas an ghalair crúb is béil á scaipeadh.]

II.2.2. go bhfuarthas an fheoil ó **ainmhithe**:

(1) [a d'fhan sa chrios/sna criosanna dá dtagraítear faoi phointe II.2.1. ó rugadh iad, nó ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad roimh mharú seamlais.]

(1) *nó* [a tugadh isteach an ___/___/____(ll/mm/bbbb) sa chrios dá dtagraítear faoi pointe II.2.1., ón gcrios lena mbaineann an cód ___ - __ (3) a bhí údaraithe ar an dáta sin teacht isteach san Aontas feoil úr ó ainmhithe den chineál caorach agus ó ainmhithe den chineál gabhair agus a mhair ann ó rugadh iad, nó ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad roimh mharú seamlais.]

(1) *nó* [a tugadh isteach an ___/___/____ (ll/mm/bbbb) sa chrios dá dtagraítear faoi phointe II.2.1., ón mBallstát lena mbaineann cód ISO _____.]

II.2.3. go bhfuarthas é ó ainmhithe a thagann ó **bhunaíochtaí**:

(a) atá cláraithe ag údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch, agus faoi rialú an údaráis sin agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid a choinneáil agus a choimeád i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún [M];

(b) ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn;

(c) nach raibh faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, tráth seolta na n-ainmhithe chuig an seamlas;

(d) nár vacsaíníodh aon cheann de na hainmhithe a choinnítear iontu in aghaidh [an ghalair crúb is béil ná](8) ionfhabhtú víreas phlá na mbó;

M Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad teacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

TÍR	Deimhniú caighdeánach OVI
	(1) cibé acu [(e) laistigh de agus timpeall air, laistigh de limistéar de gha 10 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, nár tuairiscíodh gurbh ann do ghalar crúb is béil agus ionfhabhtú víreas phlá na mbó sa tréimhse 30 lá roimh an dáta maraithe seamlais;]
	(1)(5) *nó* [(e) laistigh de agus timpeall air, i bhfoisceacht 25 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, nár tuairiscíodh gurbh ann do ghalar crúb is béil ann agus ionfhabhtú víreas phlá na mbó sa tréimhse 60 lá roimh an dáta maraithe seamlais];
	(1)(7) *nó* [(e) laistigh de agus timpeall air, laistigh de limistéar de gha 10 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, nár tuairiscíodh gurbh ann do ghalar crúb is béil agus ionfhabhtú víreas phlá na mbó sa tréimhse 12 mhí roimh an dáta maraithe seamlais;]
	(1)(5) *cibé acu* (f)ina raibh na hainmhithe ar feadh tréimhse 40 lá ar a laghad sular seoladh iad go díreach chuig an seamlas.]
	(1)(5)(9) *nó* (f) ina raibh na hainmhithe ar feadh tréimhse 40 lá ar a laghad roimh dul trí aonad cóimeála amháin atá formheasta ag an údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 20(2), pointe (b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 gan teagmháil a dhéanamh le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle sular seoladh iad go díreach chuig seamlas.]
	II.2.4. go bhfuarthas an fheoil **ó ainmhithe**:
	(a) ar seoladh óna mbunaíocht tionscnaimh chuig seamlas formheasta i modhanna iompair iad: (i) a tógadh ar bhealach nach féidir leis na hainmhithe éalú nó titim amach; (ii) inar féidir amharc-chigireacht a dhéanamh ar an spás ina gcoimeádtar na hainmhithe; (iii) óna gcoisctear nó óna n-íoslaghdaítear éalú tuartha, bruscair nó beatha ainmhithe, agus (iv) a glanadh agus a díghalraíodh le díghalrán arna údarú ag údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch go díreach roimh iompar na n-ainmhithe gan aon teagmháil le hainmhithe eile nár chomhlíon na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe II.2.1., II.2.2. agus II.2.3.;
	(b) agus na hainmhithe á n-iompar go dtí an seamlas, ní dheachaigh siad trí thríú tír nó tríú críoch nó crios di sin nach liostaítear le hAGHAIDH feoil úr ó ainmhithe den chineál caorach agus ó ainmhithe den chineál gabhair teacht isteach san Aontas agus ní raibh siad i dteagmháil le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle;
	(c) a ndearnadh marú seamlais orthu [[an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)][(1)][idir ___/___/____ (ll/mm/bbbb) agus ___/___/____ (ll/mm/bbbb)][(1)]][(10)].
	(d) nach raibh aon teagmháil acu le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle i rith a maraithe seamlais.
	II.2.5. go bhfuarthas í i **seamlas** nár tuairiscíodh, i bhfoisceacht 10 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, gurbh ann d'aon cheann de na galair dá dtagraítear i bpointe II.2.1. inti ná timpeall uirthi i rith na tréimhse 30 lá roimh dháta maraithe seamlais na n-ainmhithe.

TÍR	Deimhniú caighdeánach OVI
	II.2.6. go ndearnadh an fheoil a dheighilt go docht ó fheoil úr nár chomhlíon na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe maidir le feoil úr ó ainmhithe den chineál caorach agus ó ainmhithe den chineál gabhair teacht isteach san Aontas i rith oibríochtaí an mharaithe seamlais, an ghearrtha agus go dtí: (1) [rinneadh í a phacáistiú le hAGHAIDH stóráil bhreise.] (1) *nó* [a lódáil, mar fheoil úr neamhphacáistithe, ar na modhanna iompair lena seoladh chuig an Aontas]. [II.2.7. ar **feoil úr dhíchnámhaithe í, seachas scairteach**, a fuarthas ó chonablaigh: (1)(5) [(i) inar baineadh na príomhnóid limfe a bhfuil fáil orthu; (ii) a cuireadh faoi phróiseas aibíochta ag teocht os cionn + 2 °C ar feadh 24 uair an chloig ar a laghad sular baineadh na cnámha; agus (iii) ina raibh luach pH na feola faoi bhun 6.0 nuair a tástáladh go leictreonach é i lár an mhatáin *longissimus-dorsi* tar éis na haibíochta agus sular baineadh na cnámha.] (1)(11) [(i) inar baineadh na príomhnóid limfe a bhfuil fáil orthu; agus (ii) a cuireadh faoi phróiseas aibíochta ag teocht os cionn +2°°C ar feadh 24 uair an chloig ar a laghad sular baineadh na cnámha.]][(1)] **II.3. Fianú leasa ainmhithe** [le scriosadh nuair nach é an tAontas an ceann scríbe deiridh] Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m"ainm leis seo, leis seo go bhfuarthas an fheoil ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó ainmhithe ar cuireadh cóireáil orthu sa seamlas i gcomhréir le ceanglais reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint ainmhithe tráth a maraithe nó le ceanglais choibhéiseacha ar a laghad. **Nótaí** I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo. Tá an deimhniú seo beartaithe le hAGHAIDH feoil úr agus feoil mhionaithe (mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004) ó ainmhithe clóis den chineál caorach agus ainmhithe clóis den chineál gabhair (mar a shainmhínítear in Airteagal 2(6) agus (7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692) teacht isteach san Aontas, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na feola úire sin. Luaitear go sainráite sa teideal go n-eisiatar feoil díchnámhaithe go meicniúil chun aon mhearbhall a sheachaint mar ní fhéadtar an táirge sin a allmhairiú agus an deimhniú seo le hAGHAIDH feoil úr á úsáid. Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235.

TÍR	Deimhniú caighdeánach OVI
	Cuid I Tagairt bhosca I.8: Soláthair cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. Tagairt bhosca I.27: Úsáid cód iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe (Cód HS): 02.04, 02.06, 05.04 nó 15.02. Tagairt bhosca I.27: Tuairisc ar an gcoinsíneacht: "*Cineál an tráchtearra"*: Léirigh "conablach-iomlán", "conablach-taobh", "conablach-ceathrúna" nó "gearrthacha". "*Cineál cóireála"*: Más iomchuí, léirigh "díchnámhaithe", "ar an gcnámh" agus/nó "aibithe". I gcás feoil reoite, tabhair dáta reo (mm/bb) na ngearrthacha/bpíosaí. **Cuid II** (1) Coimeád de réir mar is iomchuí. (2) Feoil úr mar a shainmhínítear i bpointe 1.10 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. (3) Cód an chreasa i gcomhréir le colún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. (4) I gcás criosanna a bhfuil a ndáta oscailte i gcolún 8 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus iad siúd amháin. (5) Maidir le criosanna ina mbaineann an teacht isteach le coinníollacha sonracha *"Aibiú, pH agus díchnámhú"* i gcolún 5 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. (6) Maidir le criosanna ina mbaineann an teacht isteach le coinníollacha sonracha "*Cláir vacsaínithe rialaithe"* de bhreis ar an teacht isteach "*Aibiú, pH agus díchnámhú*" i gcolún 5 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. (7) Maidir le criosanna ina mbaineann an teacht isteach le coinníollacha sonracha i ndáil le "*Ní dhéantar aon vacsaíniú*" de bhreis ar an teacht isteach "*Aibíocht, pH agus díchnámhú*" i gcolún 5 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. (8) Scrios i gcás criosanna ina mbaineann an teacht isteach le coinníollacha sonracha i ndáil le "*Aibíocht, pH agus díchnámhú*" i gcolún 5 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, i gcás ina ndéantar clár vacsaínithe in aghaidh an ghalair crúb is béil le séiritíopaí A, O nó C. (9) I gcás criosanna ina mbaineann an teacht isteach le coinníollacha sonracha "*Aonad cóimeála"* i gcolún 6 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 agus iad siúd amháin.

TÍR	Deimhniú caighdeánach OVI
	(10) Dáta nó dátaí maraithe seamlais. Ní cheadófar an fheoil seo teacht isteach san Aontas ach amháin má fuarthas an fheoil ó ainmhithe a ndearnadh marú seamlais orthu tar éis dháta údaraithe an chreasa/na gcriosanna dá dtagraítear faoi phointe II.2.1 maidir le feoil úr ó ainmhithe den chineál caorach agus ó ainmhithe den chineál gabhair teacht isteach san Aontas, ná i dtréimhse ina raibh bearta srianta maidir le sláinte ainmhithe arna nglacadh ag an Aontas i bhfeidhm in aghaidh theacht isteach na feola ón gcrios/ó na criosanna sin, ná i dtréimhse inar cuireadh ar fionraí údarú an chreasa/na gcriosanna sin maidir leis an bhfeoil sin teacht isteach san Aontas. (11) Maidir le criosanna ina mbaineann an teacht isteach le coinníollacha sonracha *"Aibiú agus díchnámhú"* i gcolún 5 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. Ní cheadófar an fheoil dhíchnámhaithe aibithe teacht isteach san Aontas go dtí 21 lá tar éis dháta maraithe seamlais na n-ainmhithe.
	Tréidlia oifigiúil Ainm (i gceannlitreacha) Dáta — Cáilíocht agus teideal Stampa — Síniú

CAIBIDIL 3

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH LE HAGHAIDH FEOIL ÚR LENA CAITHEAMH AG AN DUINE TEACHT ISTEACH SAN AONTAS, CÉ IS MOITE D'FHEOIL ATÁ DÍCHNÁMHAITHE GO MEICNIÚIL, Ó MHUC-AINMHITHE CLÓIS (SAMHAIL POR)

TÍR					**Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil le hAGHAIDH an Aontais Eorpaigh**		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmh aireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO		**I.2** **Tagairt an deimhnithe** **I.3** **Údarás Inniúil Lárnach** **I.4** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**I.2a** **Tagairt CBFRO** **CÓD QR**	
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO		**I.6** **An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO		**I.9** **An tír chinn scríbe**		Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód		**I.10** **An réigiún cinn scríbe**		Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO		**I.12** **Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír		Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**			**I.14** **Dáta agus am imeachta**		
	I.15	**Modh iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas			**I.16** **Post Rialaithe Teorann Iontrála** **I.17** **Doiciméid tionlacain** Saghas Cód Tír Cód tíre ISO Tagairt doiciméid tráchtála		
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach		□ Fuaraithe		□ Reoite
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin			Uimhir shéala		
	I.20	**Deimhnithe mar nó le hAGHAIDH** □ Táirgí lena gcaitheamh ag an duine					
	I.21	**□ Le hAGHAIDH iompair** Tríú tír	Cód tíre ISO		**I.22** **□ Le hAGHAIDH an mhargaidh inmheánaigh** **I.23**		

I.24 Líon iomlán pacáistí	**I.25 Cainníocht iomlán**	**I.26 Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**

I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht				
Cód AC	Speicis			
	Fuar-stóras	Marc aitheantais	Cineál pacáistíochta	Glanmheáchan
Seamlas	Cineál cóireála	Cineál an tráchtearra	An líon pacáistí	Baiscuimhir
□ Tomhaltóir deiridh	An dáta bailithe/táirgthe	Gléasra monaraíochta	Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	

TÍR			Deimhniú caighdeánach POR
Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt CBFRO**

II.1. Fianú sláinte poiblí [le scriosadh nuair nach é an tAontas ceann scríbe deiridh na feola úire]

Dearbhaímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m"ainm anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar na ceanglais ábhartha de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [A], Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [B], Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme(AE) 2019/627 [C] ón gCoimisiún agus deimhním leis seo gur táirgeadh an fheoil úr (2) ó mhuc-ainmhithe clóis *(Sus scrofa*) ar a dtugtar tuairisc i gCuid I i gcomhréir leis na ceanglais sin, go háirithe:

II.1.1. go dtagann an [fheoil] [fheoil mhionaithe] ([1]) ó bhunaíocht(aí) ina gcuirtear ceanglais sláinteachais ghinearálta i bhfeidhm agus ina gcuirtear clár chun feidhme bunaithe ar phrionsabail na bpointí criticiúla rialaithe ar anailís guaise (HACCP) i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, ar a ndéanann na húdaráis inniúla iniúchadh tráthrialta, agus a liostaítear mar bhunaíocht atá formheasta ag an Aontas Eorpach;

II.1.2. go bhfuarthas an fheoil i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i Roinn I d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

II.1.3. go gcomhlíonann an fheoil ceanglais Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1375 ón gCoimisiún [D], agus go háirithe:

([1]) [go ndearnadh scrúdú de réir modh díleá le hAGHAIDH *Trichinella* orthu agus go raibh torthaí diúltacha ar an scrúdú sin;]

([1]) *nó* [go ndearnadh cóireáil reoite orthu i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1375.]

([1])([7]) *nó* [go bhfuil sí díorthaithe ó mhuc-ainmhithe clóis a thagann ó ghabháltas a aithnítear go hoifigiúil mar ghabháltas ina ndéantar coinníollacha tithíochta rialaithe a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1375 nó nach bhfuil scoite agus atá níos óige ná 5 seachtaine d'aois.]

([1]) II.1.4. [gur táirgeadh an fheoil mhionaithe i gcomhréir le Roinn V d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 agus gur reodh í go teocht inmheánach nach mó ná -18°°C;]

A Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

B Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas earraí bia (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

C Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún an 15 Márta 2019 lena leagtar síos socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún maidir le rialuithe oifigiúla (IO L 131, 17.5.2019, lch. 51).

D Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1375 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2015 lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla le haghaidh Trichinella i bhfeoil (IO L 212, 11.8.2015, lch. 7).

TÍR	Deimhniú caighdeánach POR
	II.1.5. go bhfuarthas an fheoil a bheith oiriúnach lena caitheamh ag an duine tar éis cigireachtaí réamhbháis agus iarbháis a rinneadh i gcomhréir le hAirteagail 8 go 17, 23, 24, 30 31, 33 go 35, 37, 38 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 agus le hAirteagail 3, 4, 5, 7 agus 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624; II.1.6. ([1]) [gur marcáladh an conablach nó codanna den chonablach le marc sláinte i gcomhréir le hAirteagal 48 agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627;] ([1]) nó [gur marcáladh na pacáistí [feola] [feola mionaithe] (1) le marc aitheantais i gcomhréir le Roinn I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;] II.1.7. go gcomhlíonann an [fheoil] [fheoil mhionaithe] ([1]) na critéir ábhartha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún [E]; II.1.8. go gcomhlíontar na ráthaíochtaí lena gcumhdaítear ainmhithe beo agus táirgí díobh dá bhforáiltear leis na pleananna iarmharacha arna dtíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle [F], agus go liostaítear na hainmhithe agus na táirgí lena mbaineann i gCinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún [G] maidir leis an tír thionscnaimh lena mbaineann; II.1.9. gur táirgeadh an [fheoil] [fheoil mhionaithe] ([1]) faoi dhálaí lena ráthaítear comhlíontacht na n-uasteorainneacha iarmhair le hAGHAIDH lotnaidicídí a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [H], agus na n-uasleibhéal le hAGHAIDH éilleán a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún [I]. II.1.10. gur stóráladh agus gur iompraíodh an [fheoil] [fheoil mhionaithe] ([1]) i gcomhréir leis na ceanglais ábhartha de Ranna I agus V faoi seach d'iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. [(3)] [II.1.11. comhlíonann sé ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 1688/2005 ón gCoimisiún [J];]

E Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2005 maidir le critéir mhicribhitheolaíocha le haghaidh earraí bia (IO L 338, 22.12.2005, lch. 1).

F Treoir 96/23/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 maidir le bearta chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe agus ar iarmhair na substaintí sin in ainmhithe beo agus i dtáirgí ainmhithe agus lena n-aisghairtear Treoracha 85/358/CEE agus 86/469/CEE agus Cinntí 89/187/CEE agus 91/664/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 10).

G Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún an 16 Márta 2011 maidir le formheas pleananna arna gcur isteach ag tríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle (IO L 70, 17.3.2011, lch. 40).

H Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil d'iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

I Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2006 lena socraítear uasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe in earraí bia (IO L 364, 20.12.2006, lch. 5).

J Rialachán (CE) Uimh. 1688/2005 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2005 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ráthaíochtaí speisialta a bhaineann le salmonella le haghaidh coinsíneachtaí chuig an bhFionlainn agus chuig an tSualainn d'fheoil agus d'uibheacha áirithe (IO L 271, 15.10.2005, lch. 17).

TÍR	Deimhniú caighdeánach POR
	II.2. Fianú sláinte ainmhithe Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m"ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis an bh**feoil úr** ar a dtugtar tuairisc i gCuid I: II.2.1. go bhfuarthas é **sa chrios/sna criosanna** lena mbaineann có(i)d: ……[(4)]dá n-údaraítear, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo, **feoil úr ó mhuc-ainmhithe** teacht isteach san Aontas agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún [K], agus: (a) nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú víreas phlá na mbó agus fiabhras Afracach na muc ann ar feadh thréimhse 12 mhí roimh dháta maraithe seamlais na n-ainmhithe óna bhfuarthas an fheoil úr agus nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh an ghalair sin ann le linn na tréimhse céanna; agus (1) [(b) nár tuairiscíodh gurbh ann do ghalar crúb is béil ann ar feadh thréimhse 12 mhí roimh dháta maraithe seamlais na n-ainmhithe óna bhfuarthas an fheoil úr, agus nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh an ghalair sin le linn na tréimhse céanna] (1)(5) *nó* [(b) nár tuairiscíodh gurbh ann don ghalar crúb is béil ann ón ___/___/____ (ll/mm/bbbb).] (1) [(c) nár tuairiscíodh gurbh ann d'fhiabhras na muc ann ar feadh thréimhse 12 mhí roimh dháta maraithe seamlais na n-ainmhithe óna bhfuarthas an fheoil úr, agus nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh an ghalair sin le linn na tréimhse céanna.] (1)(5) *nó* [(c) nár tuairiscíodh gurbh ann d'fhiabhras na muc ó ___/___/____ (ll/mm/bbbb) agus nach ndearnadh vacsaíniú ann in aghaidh an ghalair sin ar feadh thréimhse 12 mhí roimh dháta maraithe seamlais na n-ainmhithe óna bhfuarthas an fheoil úr, agus nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh an ghalair sin le linn na tréimhse céanna.] II.2.2. go bhfuarthas an fheoil ó **ainmhithe**: (1) [a d'fhan sa chrios/sna criosanna dá dtagraítear faoi phointe II.2.1. ó rugadh iad, nó ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad roimh mharú seamlais.] (1) *nó* [a tugadh isteach an ___/___/____(ll/mm/bbbb) sa chrios dá dtagraítear faoi phointe II.2.1., ón gcrios lena mbaineann an cód ___ - __ [(4)] a bhí údaraithe ar an dáta sin teacht isteach san Aontas feoil úr ó mhuc-ainmhithe agus a mhair ann ó rugadh iad, nó ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad roimh mharú seamlais.] (1) *nó* [a tugadh isteach an ___/___/____ (ll/mm/bbbb) sa chrios dá dtagraítear faoi phointe II.2.1., ón mBallstát lena mbaineann cód ISO _____.] II.2.3. go bhfuarthas é ó ainmhithe a thagann ó **bhunaíochtaí**: (a) atá cláraithe ag údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch, agus faoi rialú an údaráis sin agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid a choinneáil agus a choimeád i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún [L];

K Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

L Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis a dteacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379)

TÍR	Deimhniú caighdeánach POR
	(b) ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn; (c) nach raibh faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, tráth seolta na n-ainmhithe chuig an seamlas; (d) nár vacsaíníodh aon cheann de na hainmhithe a choinnítear iontu in aghaidh an ghalair crúb is béil, ionfhabhtú víreas phlá na mbó, fiabhras Afracach na muc ná fiabhras na muc; (e) laistigh de agus timpeall air, i bhfoisceacht 10 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, nár tuairiscíodh gurbh ann do ghalar crúb is béil agus ionfhabhtú víreas phlá na mbó, fiabhras Afracach na muc ná fiabhras na muc sa tréimhse 30 lá roimh an dáta maraithe seamlais. II.2.4. go bhfuarthas an fheoil **ó ainmhithe**: (a) atá scartha ó chrúbacha fiáine ó rugadh iad; (b) seoladh óna mbunaíocht tionscnaimh chuig seamlas formheasta i modhanna iompair iad: (i) a tógadh ar bhealach nach féidir leis na hainmhithe éalú nó titim amach; (ii) inar féidir amharc-chigireacht a dhéanamh ar an spás ina gcoimeádtar na hainmhithe; (iii) óna gcoisctear nó óna n-íoslaghdaítear éalú tuartha, bruscair nó beatha ainmhithe, agus (iv) a glanadh agus a díghalraíodh le díghalrán arna údarú ag údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch go díreach roimh iompar na n-ainmhithe gan aon teagmháil le hainmhithe eile nár chomhlíon na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe II.2.1., II.2.2. agus II.2.3.; (c) agus na hainmhithe á n-iompar go dtí an seamlas, ní dheachaigh siad trí thríú tír nó tríú críoch nó crios di sin nach liostaítear le hAGHAIDH feoil úr ó mhuc-ainmhithe teacht isteach san Aontas agus ní raibh siad i dteagmháil le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle; (d) a ndearnadh marú seamlais orthu [[an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)][1][idir ___/___/____ (ll/mm/bbbb) agus ___/___/____. (ll/mm/bbbb)][1]][6]; (e) nach raibh aon teagmháil acu le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle i rith a maraithe seamlais. II.2.5. go bhfuarthas í i **seamlas** nár tuairiscíodh, i limistéar dar ga 10 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, gurbh ann d'aon cheann de na galair dá dtagraítear i bpointe II.2.1 ann ná timpeall air i rith tréimhse 30 lá roimh dháta maraithe seamlais na n-ainmhithe.

TÍR	Deimhniú caighdeánach POR

II.2.6. go ndearnadh an fheoil a dheighilt go docht ó fheoil úr nár chomhlíon na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe maidir le feoil úr ó mhuc-ainmhithe teacht isteach san Aontas i rith oibríochtaí an mharaithe seamlais, an ghearrtha agus go dtí:

(1) [rinneadh í a phacáistiú le hAGHAIDH stóráil bhreise.]

(1) *nó* [a lódáil, mar fheoil úr neamhphacáistithe, ar na modhanna iompair lena seoladh chuig an Aontas].

II.3. Fianú leasa ainmhithe [le scriosadh nuair nach é an tAontas an ceann scríbe deiridh]

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m"ainm leis seo, leis seo go bhfuarthas an fheoil ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó ainmhithe ar cuireadh cóireáil orthu sa seamlas i gcomhréir le ceanglais reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint ainmhithe tráth a maraithe nó le ceanglais choibhéiseacha ar a laghad.

Nótaí

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Tá an deimhniú seo beartaithe le hAGHAIDH feoil úr agus feoil mhionaithe (mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004) ó ainmhithe ar coimeád de phórtha muc-ainmhithe (mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (8) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692) teacht isteach san Aontas, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na feola úire sin.

Luaitear go sainráite sa teideal go n-eisiatar feoil díchnámhaithe go meicniúil chun aon mhearbhall a sheachaint mar ní fhéadtar an táirge sin a allmhairiú agus an deimhniú seo le hAGHAIDH feoil úr á úsáid.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235.

Cuid I

Tagairt bhosca I.8:	Soláthair cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.
Tagairt bhosca I.27:	Úsáid cód iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe (Cód HS): 02.03, 02.06, 02.09, 05.04 nó 15.01.
Tagairt bhosca I.27:	Tuairisc ar an gcoinsíneacht: "*Cineál an tráchtearra"*: Léirigh "conablach-iomlán", "conablach-taobh", "conablach-ceathrúna" nó "gearrthacha". "*Cineál cóireála"*: Más iomchuí, léirigh "díchnámhaithe", "ar an gcnámh" agus/nó "aibithe". I gcás feoil reoite, tabhair dáta reo (mm/bb) na ngearrthacha/bpíosaí.

Cuid II

(1) Coimeád de réir mar is iomchuí.

(2) Feoil úr mar a shainmhínítear i bpointe 1.10 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

TÍR	Deimhniú caighdeánach POR

(3) Scrios mura bhfuil sé beartaithe an choinsíneacht a theacht isteach san Fhionlainn ná sa tSualainn.

(4) Cód an chreasa i gcomhréir le colún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(5) I gcás criosanna a bhfuil a ndáta oscailte i gcolún 8 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus iad siúd amháin.

(6) Dáta nó dátaí maraithe seamlais. Ní cheadófar an fheoil seo teacht isteach san Aontas ach amháin má fuarthas an fheoil ó ainmhithe a ndearnadh marú seamlais orthu tar éis dháta údaraithe an chreasa/na gcriosanna dá dtagraítear faoi phointe II.2.1 maidir le feoil úr ó mhuc-ainmhithe teacht isteach san Aontas, ná i dtréimhse ina raibh bearta srianta maidir le sláinte ainmhithe arna ndéanamh ag an Aontas i bhfeidhm in aghaidh theacht isteach na feola ón gcrios/ó na criosanna sin, ná i dtréimhse inar cuireadh ar fionraí údarú an chreasa/na gcriosanna sin maidir leis an bhfeoil sin teacht isteach san Aontas.

(7) Ní féidir an maolú maidir le muc-ainmhithe clóis a thagann ó ghabháltas a aithnítear go hoifigiúil mar ghabháltas ina gcuirtear i bhfeidhm coinníollacha tithíochta rialaithe, a chur i bhfeidhm ach amháin sna tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1375.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta	Cáilíocht agus teideal
Stampa	Síniú

CAIBIDIL 4

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH LE HAGHAIDH FEOIL ÚR LENA CAITHEAMH AG AN DUINE TEACHT ISTEACH SAN AONTAS, CÉ IS MOITE D'FHEOIL MHIONAITHE AGUS FEOIL DÍCHNÁMHAITHE GO MEICNIÚIL, Ó DHLÚTHCHRÚBAIGH CHLÓIS (EQUUS CABALLUS, EQUUS ASINUS AGUS A GCROSPHÓRTHA) (SAMHAIL EQU)

<table>
<tr><td colspan="2">TÍR</td><td colspan="3"></td><td colspan="3">Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil le hAGHAIDH an Aontais Eorpaigh</td></tr>
<tr><td rowspan="8">Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht</td><td>I.1</td><td colspan="2">Coinsíneoir/Onnmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td><td>I.2</td><td>Tagairt an deimhnithe</td><td>I.2a Tagairt CBFRO

CÓD QR</td></tr>
<tr><td></td><td></td><td></td><td>I.3</td><td>Údarás Inniúil Lárnach</td><td></td></tr>
<tr><td></td><td></td><td></td><td>I.4</td><td>Údarás Inniúil Áitiúil</td><td></td></tr>
<tr><td>I.5</td><td colspan="2">Coinsíní/Allmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td><td>I.6</td><td colspan="2">An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht
Ainm
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.7</td><td colspan="2">An tír thionscnaimh Cód tíre ISO</td><td>I.9</td><td colspan="2">An tír chinn scríbe Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.8</td><td colspan="2">An réigiún tionscnaimh Cód</td><td>I.10</td><td colspan="2">An réigiún cinn scríbe Cód</td></tr>
<tr><td>I.11</td><td colspan="2">Áit seolta
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td><td>I.12</td><td colspan="2">Ceann scríbe
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.13</td><td colspan="2">Áit luchtaithe</td><td>I.14</td><td colspan="2">Dáta agus am imeachta</td></tr>
<tr><td rowspan="2">I.15</td><td colspan="2" rowspan="2">Modh iompair
□ Aerárthach □ Soitheach
□ Iarnród □ Feithicil bhóthair
Aitheantas</td><td>I.16</td><td colspan="2">Post Rialaithe Teorann Iontrála</td></tr>
<tr><td>I.17</td><td colspan="2">Doiciméid tionlacain
Saghas Cód
Tír Cód tíre ISO
Tagairt doiciméid tráchtála</td></tr>
<tr><td>I.18</td><td colspan="2">Coinníollacha iompair</td><td colspan="3">□ Comhthimpeallach □ Fuaraithe □ Reoite</td></tr>
<tr><td>I.19</td><td colspan="5">Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala
Uimh. an choimeádáin Uimhir shéala</td></tr>
<tr><td>I.20</td><td colspan="5">Deimhnithe mar nó le hAGHAIDH
□ Táirgí lena gcaitheamh ag an duine</td></tr>
<tr><td>I.21</td><td colspan="2"></td><td>I.22</td><td colspan="2">□ Le hAGHAIDH an mhargaidh inmheánaigh</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="2"></td><td>I.23</td><td colspan="2"></td></tr>
</table>

I.24	**Líon iomlán pacáistí**	**I.25**	**Cainníocht iomlán**	**I.26**	**Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**
I.27	**Tuairisc ar an gcoinsíneacht**				
Cód AC	Speicis				
	Fuar-stóras	Marc aitheantais	Cineál pacáistíochta		Glanmheáchan
Seamlas	Cineál cóireála	Cineál an tráchtearra	An líon pacáistí		Baiscuimhir
□ Tomhaltóir deiridh	An dáta bailithe/táirgthe	Gléasra monaraíochta	Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid		

TÍR		Deimhniú caighdeánach EQU
Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe** / **II.b Tagairt CBFRO**

II.1. Fianú sláinte poiblí

Dearbhaímse, a bhfuil m"ainm anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar na ceanglais ábhartha de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [A], Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [B], Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 [C] ón gCoimisiún agus deimhním leis seo gur táirgeadh an fheoil úr ó dhlúthchrúbaigh chlóis (*Equus caballus, Equus asinus* agus a gcrosphórtha) ar a dtugtar tuairisc i gCuid I i gcomhréir leis na ceanglais sin, go háirithe:

II.1.1. go dtagann an fheoil ó bhunaíocht(aí) ina gcuirtear ceanglais sláinteachais ghinearálta i bhfeidhm agus ina gcuirtear clár chun feidhme bunaithe ar phrionsabail na bpointí criticiúla rialaithe ar anailís guaise (HACCP) i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, ar a ndéanann na húdaráis inniúla iniúchadh tráthrialta, agus a liostaítear mar bhunaíocht atá formheasta ag an Aontas Eorpach;

II.1.2. go bhfuarthas an fheoil i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i Roinn I d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

II.1.3. go gcomhlíonann an fheoil ceanglais Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1375 ón gCoimisiún [D], agus go háirithe, go ndearnadh scrúdú uirthi de réir modh díleá le hAGHAIDH *Trichinella* agus go raibh torthaí diúltacha ar an scrúdú sin;

II.1.4. go bhfuarthas an fheoil a bheith oiriúnach lena caitheamh ag an duine tar éis cigireachtaí réamhbháis agus iarbháis a rinneadh i gcomhréir le hAirteagail 8 go 17, 22, 24, 31 go 35, 37, 38 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 agus le hAirteagail 3, 4, 5, 7 agus 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624;

[1] II.1.5. ([1]) *cibé acu* [gur marcáladh an conablach nó codanna den chonablach i gcomhréir le hAirteagal 48 agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627;]

([1]) *nó* [gur marcáladh na pacáistí feola le marc aitheantais i gcomhréir le Roinn I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;]

A Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

B Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas earraí bia (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

C Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún an 15 Márta 2019 lena leagtar síos socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le rialuithe oifigiúla a fheidhmiú i dtaca le táirgí de bhunadh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún maidir le rialuithe oifigiúla (IO L 131, 17.5.2019, lch. 51).

D Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1375 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2015 lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla le haghaidh Trichinella i bhfeoil (IO L 212, 11.8.2015, lch. 7).

TÍR	Deimhniú caighdeánach EQU
	II.1.6. go gcomhlíonann an fheoil na critéir ábhartha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún [E]; II.1.7. go bhfuarthas an fheoil ó dhlúthchrúbaigh chlóis a coinníodh, go díreach roimh a marú, ar feadh 6 mhí ar a laghad nó ó rugadh iad, más rud é go ndearnadh marú seamlais orthu faoi bhun 6 mhí d'aois, nó ó allmhairíodh iad mar bhia eachainmhithe ó Bhallstát den Aontas Eorpach, más rud é gur allmhairíodh iad tráth nach lú ná 6 mhí roimh a marú seamlais i dtriú tír: (a) maidir le dlúthchrúbaigh chlóis: (i) ina bhfuil cosc ar shubstaintí tíreastatacha, stilbéiní, díorthaigh ó stilbéiní, a salainn agus a n-eistir, éastraidé-ól 17β agus a dhíorthaigh atá cosúil le heistir a thabhairt dóibh; (ii) nach gceadaítear substaintí eile lena mbaineann gníomh éastraigineach, andraigineach nó gaistigineach ná béite-agónaithe a thabhairt ach amháin le hAGHAIDH: - cóireáil theiripeach, mar a shainmhínítear in Airteagal 1(2), pointe (b) de Threoir 96/22/CE [F]ón gComhairle, i gcás ina gcuirtear i bhfeidhm í i gcomhréir le hAirteagal 4(2) den Treoir sin, nó - cóireáil zóiteicniúil mar a shainmhínítear in Airteagal 1(2), pointe (c), de Threoir 96/22/CE, i gcás ina gcuirtear i bhfeidhm í i gcomhréir le hAirteagal 5 den Treoir sin; agus (b) ina raibh ar feadh na 6 mhí ar a laghad roimh mharú seamlais na n-ainmhithe plean chun faireachán a dhéanamh ar na grúpaí iarmhar agus substaintí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 96/23/CE ón gComhairle [G] lena gcuimsítear eachaithe a rugadh sa tríú tír agus a allmhairíodh isteach chuig tríú tír agus a formheasadh i gcomhréir le hAirteagal 29(1), an ceathrú fomhír, de Threoir 96/23/CE agus liostaítear na hainmhithe agus na táirgí lena mbaineann i gCinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún [H] maidir leis an tír thionscnaimh lena mbaineann.

E Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2005 maidir le critéir mhicribhitheolaíocha le haghaidh earraí bia (IO L 338, 22.12.2005, lch. 1).

F Treoir 96/22/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 a bhaineann le toirmeasc ar shubstaintí áirithe lena mbaineann gníomh hormónach nó thíreastatach, agus ar bhéite-agónaithe, a úsáid i bhfeirmeoireacht stoic agus lena n-aisghairtear Treoir 81/602/CEE, 88/146/CEE agus 88/299/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 3).

G Treoir 96/23/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 maidir le bearta chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe agus ar iarmhair na substaintí sin in ainmhithe beo agus i dtáirgí ainmhithe agus lena n-aisghairtear Treoracha 85/358/CEE agus 86/469/CEE agus Cinntí 89/187/CEE agus 91/664/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 10).

H Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún an 16 Márta 2011 maidir le formheas pleananna arna dtíolacadh ag tríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle (IO L 70, 17.3.2011, lch. 40).

TÍR	Deimhniú caighdeánach EQU
	II.1.8. gur táirgeadh an fheoil faoi dhálaí lena ráthaítear comhlíontacht na n-uasteorainneacha iarmhar le hAGHAIDH lotnaidicídí a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [I], agus na n-uasleibhéal le hAGHAIDH éilleán a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún [J]; II.1.9. gur stóráladh agus gur iompraíodh an fheoil i gcomhréir leis na ceanglais ábhartha de Roinn I d'iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. **II.2. Fianú leasa ainmhithe** Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m"ainm leis seo, leis seo go bhfuarthas an fheoil ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó ainmhithe ar cuireadh cóireáil orthu sa seamlas i gcomhréir le ceanglais reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint ainmhithe tráth a maraithe nó le ceanglais choibhéiseacha ar a laghad. **Nótaí** I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo. Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235. Luaitear go sainráite sa teideal go n-eisiatar feoil mhionaithe agus feoil díchnámhaithe go meicniúil chun aon mhearbhall a sheachaint mar ní fhéadtar na táirgí sin a allmhairiú leis an deimhniú seo le hAGHAIDH feoil úr. Is le hAGHAIDH feoil úr, cé is moite d'fheoil mhionaithe agus feoil díchnámhaithe go meicniúil, ó dhlúthchrúbaigh chlóis (*Equus caballus, Equus asinus* agus a gcrosphórtha) an deimhniú seo. Feoil úr mar a shainmhínítear i bpointe 1.10 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

[I] Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil d'iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

[J] Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2006 lena socraítear uasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe in earraí bia (IO L 364, 20.12.2006, lch. 5).

TÍR	Deimhniú caighdeánach EQU
	Cuid I: Tagairt bhosca I.27: Úsáid cód iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe (Cód HS): 02.05, 02.06 nó 05.04. Tagairt bhosca I.27: Tuairisc ar an gcoinsíneacht: "*Cineál an tráchtearra"*: Léirigh "conablach-iomlán", "conablach-taobh", "conablach-ceathrúna" nó "gearrthacha". "*Cineál cóireála"*: Más iomchuí, léirigh "díchnámhaithe", "ar an gcnámh" agus/nó "aibithe". I gcás feoil reoite, tabhair dáta reo (mm/bb) na ngearrthacha/bpíosaí. **Cuid II:** (1) Coimeád de réir mar is iomchuí.
	Tréidlia oifigiúil Ainm (i gceannlitreacha) Dáta — Cáilíocht agus teideal Stampa — Síniú

CAIBIDIL 5

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH LE HAGHAIDH FEOIL ÚR LENA CAITHEAMH AG AN DUINE A THEACHT ISTEACH SAN AONTAS, CÉ IS MOITE DE SCAIRTEACH, FEOIL MHIONAITHE AGUS FEOIL ATÁ DÍCHNÁMHAITHE GO MEICNIÚIL, Ó AINMHITHE DEN FHINE BOVIDAE (SEACHAS BÓ-AINMHITHE CLÓIS, AINMHITHE CLÓIS DEN CHINEÁL CAORACH AGUS AINMHITHE CLÓIS DEN CHINEÁL GABHAIR), AINMHITHE DEN CHINEÁL CAMAILL AGUS AINMHITHE DEN CHINEÁL FIA A CHOINNÍTEAR MAR GHÉIM SAOTHRAITHE (SAMHAIL RUF)

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil le hAGHAIDH an Aontais Eorpaigh**		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír Cód tíre ISO		**I.2**	**Tagairt an deimhnithe** **I.3** **Údarás Inniúil Lárnach** **I.4** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**I.2a** **Tagairt CBFRO** **CÓD QR**
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír Cód tíre ISO		**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír Cód tíre ISO	
	I.7	**An tír thionscnaimh** Cód tíre ISO		**I.9**	**An tír chinn scríbe** Cód tíre ISO	
	I.8	**An réigiún tionscnaimh** Cód		**I.10**	**An réigiún cinn scríbe** Cód	
	I.11	**Áit seolta** Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Seoladh Tír Cód tíre ISO		**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Seoladh Tír Cód tíre ISO	
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**	
	I.15	**Modh iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16**	**Post Rialaithe Teorann Iontrála**	
				I.17	**Doiciméid tionlacain** Saghas Cód Tír Cód tíre ISO Tagairt doiciméid tráchtála	
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe	□ Reoite	
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin Uimhir shéala				
	I.20	**Deimhnithe mar nó le hAGHAIDH** □ Táirgí lena gcaitheamh ag an duine				
	I.21	**□ Le hAGHAIDH iompair** Tríú tír Cód tíre ISO		**I.22**	**□ Le hAGHAIDH an mhargaidh inmheánaigh**	
				I.23		

I.24	**Líon iomlán pacáistí**	**I.25**	**Cainníocht iomlán**	**I.26**	**Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**
I.27	**Tuairisc ar an gcoinsíneacht**				
Cód AC	Speicis				
	Fuar-stóras	Marc aitheantais	Cineál pacáistíochta		Glanmheáchan
Seamlas	Cineál cóireála	Cineál an tráchtearra	An líon pacáistí		Baiscuimhir
□ Tomhaltóir deiridh	An dáta bailithe/táirgthe	Gléasra monaraíochta	Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid		

TÍR		Deimhniú caighdeánach RUF	
Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt CBFRO**

II.1 Fianú sláinte poiblí [le scriosadh nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach na feola úire]

Dearbhaímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m"ainm anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar na ceanglais ábhartha de Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [A], Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [B], Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [C], Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún [D] agus deimhním leis seo gur táirgeadh an fheoil úr[(2)] ó ainmhithe den fhine Bovidae (seachas bó-ainmhithe clóis, ainmhithe clóis den chineál caorach agus ainmhithe clóis den chineál gabhair), ainmhithe den chineál camaill agus ainmhithe den chineál fia a choinnítear mar ghéim saothraithe a dtugtar tuairisc orthu i gCuid I i gcomhréir leis na ceanglais sin, go háirithe:

II.1.1. go dtagann an fheoil ó bhunaíocht(aí) ina gcuirtear ceanglais sláinteachais ghinearálta i bhfeidhm agus ina gcuirtear clár chun feidhme bunaithe ar phrionsabail na bpointí criticiúla rialaithe ar anailís guaise (HACCP) i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, ar a ndéanann na húdaráis inniúla iniúchadh tráthrialta, agus a liostaítear mar bhunaíocht atá formheasta ag an Aontas Eorpach;

II.1.2. go bhfuarthas an fheoil i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i Roinn III d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

go bhfuarthas an fheoil a bheith oiriúnach lena caitheamh ag an duine tar éis cigireachtaí réamhbháis agus iarbháis a rinneadh i gcomhréir le hAirteagail 8 go 14, 16, 27,29, 33, 34, 37, 38 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 agus le hAirteagail 3 go 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624;

II.1.4. [(1)] *cibé acu* [gur marcáladh an conablach nó codanna den chonablach le marc sláinte i gcomhréir le hAirteagal 48 agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627;]

[(1)] *nó* [gur marcáladh na pacáistí feola le marc aitheantais i gcomhréir le Roinn I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;]

A Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú (IO L 147, 31.5.2001, lch. 1).

B Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

C Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas earraí bia (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

D Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún an 15 Márta 2019 lena leagtar síos socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún maidir le rialuithe oifigiúla (IO L 131, 17.5.2019, lch. 51).

TÍR	Deimhniú caighdeánach RUF
	II.1.5. go gcomhlíonann an fheoil na critéir ábhartha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún [E]; II.1.6. go gcomhlíontar na ráthaíochtaí lena gcumhdaítear ainmhithe beo agus táirgí díobh dá bhforáiltear leis na pleananna iarmharacha arna gcur isteach i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE [F] ón gComhairle agus liostaítear na hainmhithe agus na táirgí lena mbaineann i gCinneadh 2011/163/AE [G] ón gCoimisiún maidir leis an tír thionscnaimh lena mbaineann; II.1.7. gur táirgeadh an fheoil faoi dhálaí lena ráthaítear comhlíontacht na n-uasteorainneacha iarmhar le hAGHAIDH lotnaidicídí a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [H]; (1)(3) [II.1.8. maidir le Galar Sirg Ainsealach (GSA): Tá feoil sa táirge seo nó tá sé díorthaithe go heisiach ó fheoil, cé is moite de scairteach agus corda an dromlaigh, ó ainmhithe saothraithe den chineál fia a ndearnadh scrúdú orthu le hAGHAIDH Galar Sirg Ainsealach le histeapaiteolaíocht, histiceimic imdhíonachta nó modh diagnóiseach eile arna aithint ag na húdaráis inniúla agus a raibh torthaí diúltacha air agus nach ndíorthaítear é ó ainmhithe ó thréad inar deimhníodh Galar Sirg Ainsealach nó a bhfuil amhras oifigiúil ann go bhfuil Galar Sirg Ainsealach sa tréad.] II.1.9. gur stóráladh agus gur iompraíodh an fheoil i gcomhréir leis na ceanglais ábhartha i Roinn I, Caibidil VII, d'iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004; (1) [II.1.10. go bhfuarthas an fheoil ó ainmhithe (a) a ndearnadh marú seamlais orthu ar an ngabháltas tionscnaimh, tar éis údarú ó thréidlia oifigiúil atá freagrach as an ngabháltas, a sholáthair ráiteas i scríbhinn: – gurbh ann, dar leis, do riosca do-ghlactha do leas na n-ainmhithe nó dá láimhseálaithe dá ndéanfaí na hainmhithe a iompar chuig seamlas – go ndearna na húdaráis inniúla iniúchadh ar an ngabháltas agus gur údaraigh siad é chun marú seamlais a dhéanamh ar na hainmhithe géim – gur éirigh leis na hainmhithe sa chigireacht sláinte réamhbháis sna 24 uair an chloig roimh an marú seamlais agus, go háirithe, nár léirigh siad aon fhianaise ar na galair dá dtagraítear i bpointe II.2.1.,

E Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2005 maidir le critéir mhicribhitheolaíocha le haghaidh earraí bia (IO L 338, 22.12.2005, lch. 1).

F Treoir 96/23/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 maidir le bearta chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe agus ar iarmhair na substaintí sin in ainmhithe beo agus i dtáirgí ainmhithe agus lena n-aisghairtear Treoracha 85/358/CEE agus 86/469/CEE agus Cinntí 89/187/CEE agus 91/664/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 10).

G Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún an 16 Márta 2011 maidir le formheas pleananna arna dtíolacadh ag tríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle (IO L 70, 17.3.2011, lch. 40).

H Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil d'iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

TÍR	Deimhniú caighdeánach RUF

– go ndearnadh marú seamlais ar na hainmhithe idir ……. (ll/mm/bbbb) agus …….. (ll/mm/bbbb), (4)

– go ndearnadh fuiliú na n-ainmhithe i gceart, agus

– go ndearnadh na hainmhithe a ndearnadh marú seamlais orthu a dhí-inniu laistigh de 3 uair an chloig tar éis am an mharaithe seamlais, agus

(b) ar iompraíodh a gcorp chuig an seamlas formheasta faoi dhálaí sláinteacha agus, i gcás ina raibh breis is 1 uair an chloig amháin caite ó am an mharaithe seamlais, go bhfuarthas teocht idir 0 °C agus + 4 °C ar theacht na feithicle a úsáideadh le hAGHAIDH an iompair.]

II.2 Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m"ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis an bh**feoil úr** ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.2.1. go bhfuarthas é **sa chrios/sna criosanna** lena mbaineann có(i)d: ……(5) atá údaraithe, tráth eisiúna an deimhnithe seo, teacht isteach san Aontas **feoil úr ó ainmhithe den fhine Bovidae (seachas bó-ainmhithe clóis, ainmhithe clóis den chineál caorach agus ainmhithe clóis den chineál gabhair), ainmhithe den chineál camaill agus ainmhithe den chineál fia a choinnítear mar ghéim saothraithe**, agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún [I], agus:

(a) nár tuairiscíodh gurbh ann d'ionfhabhtú víreas phlá na mbó ann ar feadh tréimhse 12 mhí roimh dháta [maraithe seamlais](1) [maraithe](1) na n-ainmhithe óna bhfuarthas an fheoil úr agus nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh an ghalair sin ann le linn na tréimhse céanna; agus

(1) [(b) nár tuairiscíodh gurbh ann do ghalar crúb is béil ann ar feadh tréimhse 12 mhí roimh dháta [maraithe seamlais](1) [maraithe](1) na n-ainmhithe óna bhfuarthas an fheoil úr, agus nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh an ghalair sin le linn na tréimhse céanna.]

(1)(6) *nó* [(b) nár tuairiscíodh gurbh ann don ghalar crúb is béil ann ón ___/___/____ (ll/mm/bbbb).]

(1)(7) *nó* [(b) nár tuairiscíodh gurbh ann do ghalar crúb is béil ann ar feadh tréimhse 12 mhí roimh dháta [maraithe seamlais](1) [maraithe](1) na n-ainmhithe óna bhfuarthas an fheoil úr agus a bhfuil clár vacsaínithe ar siúl ann in aghaidh an ghalair crúb is béil i mbó-ainmhithe ar coimeád faoi mhaoirseacht údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch.]

I Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

TÍR		Deimhniú caighdeánach RUF
	(1)(8) *nó* [(b)	nár tuairiscíodh gurbh ann do ghalar crúb is béil ann ar feadh tréimhse 12 mhí roimh dháta [maraithe seamlais][1] [maraithe][1] na n-ainmhithe óna bhfuarthas an fheoil úr agus a bhfuil clár vacsaínithe ar siúl ann in aghaidh an ghalair crúb is béil i mbó-ainmhithe ar coimeád faoi mhaoirseacht údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch; áirítear rialú ar éifeachtúlacht an chláir vacsaínithe sa mhaoirseacht sin trí fhaireachas séireolaíoch tráthrialta lena léirítear leibhéil antasubstainte leordhóthanacha sna hainmhithe agus lena dtaispeántar nach bhfuil an galar crúb is béil ag scaipeadh sa chrios.]
	(1)(9) *nó* [(b)	nár tuairiscíodh gurbh ann do ghalar crúb is béil ann ar feadh tréimhse 12 mhí roimh dháta [maraithe seamlais][1] [maraithe][1] na n-ainmhithe óna bhfuarthas an fheoil úr agus nach ndearnadh vacsaíniú ann in aghaidh an ghalair sin ann le linn na tréimhse céanna agus déanann údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch rialú ar an easpa galair trí fhaireachas séireolaíoch tráthrialta lena léirítear nach bhfuil víreas an ghalair crúb is béil á scaipeadh.]
	II.2.2. go bhfuarthas an fheoil ó **ainmhithe**:	
	(1)	[a mhair sa chrios/sna criosanna dá dtagraítear faoi phointe II.2.1. ó rugadh iad, nó ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad roimh [mharú seamlais][1] [mharú][1].]
	(1) *nó*	[a tugadh isteach an ___/___/____(ll/mm/bbbb) sa chrios dá dtagraítear faoi pointe II.2.1., ón gcrios lena mbaineann an cód ___ - __ [4] a bhí údaraithe ar an dáta sin teacht isteach san Aontas feoil úr ó ainmhithe den fhine Bovidae (seachas bó-ainmhithe clóis, ainmhithe clóis den chineál caorach agus ainmhithe clóis den chineál gabhair), ainmhithe den chineál camaill agus ainmhithe den chineál fia a choinnítear mar ghéim saothraithe agus a mhair ann ó rugadh iad, nó ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad roimh mharú seamlais.]
	(1) *nó*	[a tugadh isteach an ___/___/____ (ll/mm/bbbb) sa chrios dá dtagraítear faoi phointe II.2.1., ón mBallstát lena mbaineann cód ISO _____.]
	II.2.3. go bhfuarthas é ó ainmhithe a thagann ó **bhunaíochtaí**:	
	(a)	atá cláraithe ag údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch, agus faoi rialú an údaráis sin agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid a choinneáil agus a choimeád i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún [J];
	(b)	ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn;
	(c)	nach raibh faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, tráth [seolta na n-ainmhithe chuig an seamlas][1] [an mharaithe][1];
	(d)	nár vacsaíníodh aon cheann de na hainmhithe a choinnítear iontu in aghaidh [an ghalair crúb is béil ná][10] ionfhabhtú víreas phlá na mbó;

[J] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad teacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

TÍR	Deimhniú caighdeánach RUF
	(1) cibé acu [(e) laistigh de agus timpeall air, i bhfoisceacht 10 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, nár tuairiscíodh gurbh ann do ghalar crúb is béil agus ionfhabhtú víreas phlá na mbó sa tréimhse 30 lá roimh an dáta [maraithe seamlais](1) [maraithe](1);]
	(1)(7) *nó* [(e) laistigh de agus timpeall air, i limistéar de gha 50 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, nár tuairiscíodh gurbh ann do ghalar crúb is béil agus ionfhabhtú víreas phlá na mbó sa tréimhse 90 lá roimh an dáta [maraithe seamlais](1) [maraithe](1);]
	(1)(9) *nó* [(e) laistigh de agus timpeall air, laistigh de limistéar de gha 10 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, nár tuairiscíodh gurbh ann do ghalar crúb is béil agus ionfhabhtú víreas phlá na mbó sa tréimhse 12 mhí roimh an dáta [maraithe seamlais](1) [maraithe](1);]
	(1)(7) (f) ina raibh na hainmhithe ar feadh tréimhse 40 lá ar a laghad roimh [a seoladh go díreach chuig an seamlas](1) [a marú](1).]
	II.2.4. go bhfuarthas an fheoil **ó ainmhithe**:
	(1) cibé acu (a) a seoladh óna mbunaíocht tionscnaimh chuig seamlas formheasta:
	— trí mhodhanna iompair: (i) a tógadh ar bhealach nach féidir leis na hainmhithe éalú nó titim amach; (ii) inar féidir amharc-chigireacht a dhéanamh ar an spás ina gcoimeádtar na hainmhithe; (iii) óna gcoisctear nó óna n-íoslaghdaítear éalú tuartha, bruscair nó beatha ainmhithe, agus (iv) a glanadh agus a díghalraíodh le díghalrán arna údarú ag údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch go díreach roimh iompar na n-ainmhithe gan aon teagmháil le hainmhithe eile nár chomhlíon na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe II.2.1., II.2.2. agus II.2.3.;
	— gan dul trí chrios nach liostaítear maidir le feola úr a theacht isteach san Aontas, ar feoil í ó ainmhithe den fhine Bovidae (seachas bó-ainmhithe clóis, ainmhithe clóis den chineál caorach agus ainmhithe clóis den chineál gabhair), ainmhithe den chineál camaill agus ainmhithe den chineál fia a choinnítear mar ghéim saothraithe agus gan aon teagmháil acu le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle;]
	(1) nó [(a) tar éis a maraithe ar an láthair, ar seoladh a gcorp go díreach ó láthair an mharaithe go seamlas:
	— atá lonnaithe sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1.;
	— i modhanna iompair agus i gcoimeádáin: (i) a glanadh agus a díghalraíodh, le díghalrán atá údaraithe ag údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch, roimh luchtú na gcorp; (ii) a tógadh ar bhealach nár cuireadh stádas sláinte na gcorp i gcontúirt agus iad á n-iompar;
	— gan dul trí chrios nach liostaítear é maidir le teacht isteach san Aontas feola úire ó ainmhithe den fhine Bovidae (seachas bó-ainmhithe clóis, ainmhithe clóis den chineál caorach agus ainmhithe clóis den chineál gabhair), ainmhithe den chineál camaill agus ainmhithe den chineál fia a choinnítear mar ghéim saothraithe agus gan aon teagmháil acu le hainmhithe nó corp ainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle;]

TÍR	Deimhniú caighdeánach RUF

(b) [a maraíodh][(1)] [a ndearnadh marú seamlais orthu][(1)] [[an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)][(1)] [idir ___/___/____ (ll/mm/bbbb) agus ___/___/____ (ll/mm/bbbb)][(1)]][(4)];

(c) nach raibh aon teagmháil acu le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle i rith a [maraithe seamlais][(1)] [maraithe][(1)].

(1)(9) [(d) [i rith an mharaithe][(1)] [sa seamlas][(1)], coinníodh iad in áit a bhí iomlán ar leithligh ó ainmhithe nach bhfuil feoil uathu beartaithe don Aontas roimh a [marú][(1)] [marú seamlais][(1)].

II.2.5. go bhfuarthas í i **seamlas** nár tuairiscíodh, i limistéar dar ga 10 km, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí críoch tíre comharsanaí, gurbh ann d'aon cheann de na galair dá dtagraítear i bpointe II.2.1 inti ná timpeall uirthi i rith na tréimhse 30 lá roimh dháta [maraithe seamlais][(1)] [maraithe][(1)] na n-ainmhithe.

II.2.6. go ndearnadh an fheoil a dheighilt go docht ó fheoil úr nár chomhlíon na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe maidir le feoil úr ó ainmhithe den fhine Bovidae (seachas bó-ainmhithe clóis, ainmhithe clóis den chineál caorach agus ainmhithe clóis den chineál gabhair), ainmhithe den chineál camaill agus ainmhithe den chineál fia a choinnítear mar ghéim saothraithe teacht isteach san Aontas i rith oibríochtaí an mharaithe seamlais, an ghearrtha agus go dtí:

(1) *cibé acu* [rinneadh í a phacáistiú le hAGHAIDH stóráil bhreise;]

(1) *nó* [a lódáil, mar fheoil úr neamhphacáistithe, ar na modhanna iompair lena seoladh chuig an Aontas].

[II.2.7. ar **feoil úr dhíchnámhaithe í, seachas scairteach**, a fuarthas ó chonablaigh:

(1)(7) [(i) inar baineadh na príomhnóid limfe a bhfuil fáil orthu; (ii) a cuireadh faoi phróiseas aibíochta ag teocht os cionn + 2 °C ar feadh 24 uair an chloig ar a laghad sular baineadh na cnámha; agus (iii) ina raibh luach pH na feola faoi bhun 6.0 nuair a tástáladh go leictreonach é i lár an mhatáin *longissimus-dorsi* tar éis na haibíochta agus sular baineadh na cnámha.]

(1)(11) [(i) inar baineadh na príomhnóid limfe a bhfuil fáil orthu; agus (ii) a cuireadh faoi phróiseas aibíochta ag teocht os cionn +2°°C ar feadh 24 uair an chloig ar a laghad sular baineadh na cnámha.]] [(1)]

II.3. Fianú leasa ainmhithe [le scriosadh nuair nach é an tAontas an ceann scríbe deiridh]

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m"ainm leis seo, leis seo go bhfuarthas an fheoil ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó ainmhithe ar cuireadh cóireáil orthu sa seamlas i gcomhréir le ceanglais reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint ainmhithe tráth a maraithe nó le ceanglais choibhéiseacha ar a laghad.

Nótaí

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Tá an deimhniú seo beartaithe le hAGHAIDH teacht isteach feola úire san Aontas (mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004), cé is moite de scairteach, feoil mhionaithe agus feoil díchnámhaithe go meicniúil, ó ainmhithe den fhine Bovidae (seachas bó-ainmhithe clóis, ainmhithe clóis den chineál caorach agus ainmhithe clóis den chineál gabhair, mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692), ainmhithe den chineál camaill agus ainmhithe den chineál fia (mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692) a choinnítear mar ghéim saothraithe a ndéantar marú seamlais orthu i seamlas nó ina mbunaíocht tionscnaimh, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe deiridh na feola úire sin.

TÍR	Deimhniú caighdeánach RUF
	Luaitear go sainráite sa teideal go n-eisiatar scairteach, feoil mhionaithe agus feoil atá díchnámhaithe go meicniúil chun aon mhearbhall a sheachaint mar ní fhéadtar na táirgí sin teacht isteach san Aontas leis an deimhniú seo le hAGHAIDH feoil úr á úsáid Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235. **Cuid I:** Tagairt bhosca I.8: Soláthair cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. Tagairt bhosca I.11: "*Áit seolta*": ainm agus seoladh na bunaíochta seolta. Tagairt bhosca I.15: Ní mór cláruimhir (vaigíní iarnróid nó coimeádán agus leoraithe), uimhir eitilte (aerárthach) nó ainm (soitheach) a sholáthar. I gcás díluchtú agus athluchtú, ní mór don seoltóir an post rialaithe teorann (BCP) a chur ar an eolas maidir leis an teacht isteach san Aontas. Tagairt bhosca I.19: Maidir le coimeádáin nó boscaí, ba cheart uimhir an choimeádáin agus uimhir an tséala (más infheidhme) a chur san áireamh. Tagairt bhosca I.27: Úsáid cód iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe (Cód HS): 02.06, 02.08.90 nó 05.04. Tagairt bhosca I.27: Tuairisc ar an gcoinsíneacht: "*Cineál an tráchtearra"*: Sonraigh "conablach-iomlán", "conablach-taobh", "conablach-ceathrúna" nó "gearrthacha". "*Cineál cóireála"*: Más iomchuí, léirigh "díchnámhaithe", "ar an gcnámh" agus/nó "aibithe". I gcás feoil reoite, tabhair dáta reo (mm/bb) na ngearrthacha/bpíosaí. **Cuid II:** (1) Coimeád de réir mar is iomchuí. (2) Feoil úr mar a shainmhínítear i bpointe 1.10 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 853/2004. (3) Tá sé infheidhme i gcás ina bhfuarthas an fheoil ó thír a luaitear i bpointe 1 de Chaibidil F d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001. (4) Dáta nó dátaí an mharaithe seamlais. Ní cheadófar an fheoil seo teacht isteach san Aontas ach amháin má fuarthas an fheoil ó ainmhithe a ndearnadh marú seamlais orthu tar éis dháta údaraithe an chreasa/na gcriosanna dá dtagraítear faoi phointe II.2.1. maidir le feoil úr ó ainmhithe den fhine Bovidae (seachas bó-ainmhithe clóis, ainmhithe clóis den chineál caorach agus ainmhithe clóis den chineál gabhair), ainmhithe den chineál camaill agus ainmhithe den chineál fia a choinnítear mar ghéim saothraithe teacht isteach san Aontas, ná i dtréimhse ina raibh bearta srianta maidir le sláinte ainmhithe arna nglacadh ag an Aontas i bhfeidhm in aghaidh theacht isteach na feola ón gcrios/ó na criosanna sin, ná i dtréimhse inar cuireadh ar fionraí údarú an chreasa/na gcriosanna sin maidir leis an bhfeoil sin teacht isteach san Aontas. (5) Cód an chreasa i gcomhréir le colún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. (6) I gcás criosanna a bhfuil a ndáta oscailte i gcolún 8 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus iad siúd amháin. (7) Maidir le criosanna ina mbaineann an teacht isteach le coinníollacha sonracha *"Aibiú, pH agus díchnámhú"* i gcolún 5 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

TÍR	Deimhniú caighdeánach RUF

[8] Maidir le criosanna ina mbaineann an teacht isteach le coinníollacha sonracha "*Cláir vacsaínithe rialaithe"* de bhreis ar an teacht isteach "*Aibiú, pH agus díchnámhú*" i gcolún 5 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

[9] Maidir le criosanna ina mbaineann an teacht isteach le coinníollacha sonracha i ndáil le "*Ní dhéantar aon vacsaíniú*" de bhreis ar an teacht isteach "*Aibíocht, pH agus díchnámhú*" i gcolún 5 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

[10] Scrios i gcás criosanna ina mbaineann an teacht isteach le coinníollacha sonracha i ndáil le "*Aibíocht, pH agus díchnámhú*" i gcolún 5 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, i gcás ina ndéantar clár vacsaínithe in aghaidh an ghalair crúb is béil le séiritíopaí A, O nó C.

[11] Maidir le criosanna ina mbaineann an teacht isteach le coinníollacha sonracha *"Aibiú agus díchnámhú"* i gcolún 5 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. Ní cheadófar an fheoil dhíchnámhaithe aibithe teacht isteach san Aontas go dtí 21 lá tar éis dháta maraithe seamlais na n-ainmhithe.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta	Cáilíocht agus teideal
Stampa	Síniú

CAIBIDIL 6

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH LE hAGHAIDH FEOIL ÚR LENA CAITHEAMH AG AN DUINE A THEACHT ISTEACH SAN AONTAS, CÉ IS MOITE DE SCAIRTEACH, FEOIL MHIONAITHE AGUS FEOIL ATÁ DÍCHNÁMHAITHE GO MEICNIÚIL, Ó AINMHITHE FIÁINE DEN FHINE BOVIDAE (SEACHAS BÓ-AINMHITHE CLÓIS, AINMHITHE CLÓIS DEN CHINEÁL CAORACH AGUS AINMHITHE CLÓIS DEN CHINEÁL GABHAIR), AINMHITHE FIÁINE DEN CHINEÁL CAMAILL AGUS AINMHITHE FIÁINE DEN CHINEÁL FIA (SAMHAIL RUW)

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil le hAGHAIDH an Aontais Eorpaigh**		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2**	**Tagairt an deimhnithe**	**I.2a** **Tagairt CBFRO** **CÓD QR**
				I.3	**Údarás Inniúil Lárnach**	
				I.4	**Údarás Inniúil Áitiúil**	
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**	Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**	Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**	
	I.15	**Modh iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16**	**Post Rialaithe Teorann Iontrála**	
				I.17	**Doiciméid tionlacain** Saghas Cód Tír Cód tíre ISO Tagairt doiciméid tráchtála	
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe	□ Reoite	
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala		
	I.20	**Deimhnithe mar nó le hAGHAIDH**				
		□ Táirgí lena gcaitheamh ag an duine				
	I.21	**□ Le hAGHAIDH iompair** Tríú tír	Cód tíre ISO	**I.22**	**□ Le hAGHAIDH an mhargaidh inmheánaigh**	
				I.23		

I.24	**Líon iomlán pacáistí**	**I.25**	**Cainníocht iomlán**	**I.26**	**Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**
I.27	**Tuairisc ar an gcoinsíneacht**				
Cód AC	Speicis				
	Fuar-stóras	Marc aitheantais	Cineál pacáistíochta		Glanmheáchan
Seamlas	Cineál cóireála	Cineál an tráchtearra	An líon pacáistí		Baiscuimhir
□ Tomhaltóir deiridh	An dáta bailithe/táirgthe	Gléasra monaraíochta	Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid		

TÍR		Deimhniú caighdeánach RUW	
Cuid II: Deimhniú	II. Faisnéis sláinte	II.a Tagairt an deimhnithe	II.b Tagairt CBFRO

II.1. Fianú sláinte poiblí [le scriosadh nuair nach é an tAontas ceann scríbe deiridh na feola úire]

(1) Maidir le coinsíneachtaí feola úire ar cinneadh comhionannas ina leith faoin gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus an Nua-Shéalainn (Cinneadh 97/132/CE ón gComhairle [D]), leagtar amach an deimhniú tréidliachta iomchuí caighdeánach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1901 ón gCoimisiún [E].

(2) Feoil úr mar a shainmhínítear i bpointe 1.10 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

(3) Ní mór seiceálacha fisiciúla breise a dhéanamh i gcásanna eisceachtúla ina bhféadfadh riosca don tsláinte phoiblí nó do shláinte ainmhithe a bheith ann nó i gcás ina bhfuiltear in amhras go bhfuil neamhrialtachtaí ann.

(4) Scrios más rud é gur athluchtaíodh an choinsíneacht gan stóras.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta Cáilíocht agus teideal

Stampa Síniú

D Cinneadh 97/132/CE ón gComhairle an 17 Nollaig 1996 maidir le cur i gcrích an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus an Nua-Shéalainn maidir le bearta sláinteachais is infheidhme maidir le trádáil ainmhithe beo agus táirgí ó ainmhithe (IO L 57, 26.2.1997, lch. 4).

E Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1901 ón gCoimisiún an 20 Deireadh Fómhair 2015 lena leagtar síos rialacha deimhniúcháin agus deimhniú sláinte caighdeánach chun coinsíneachtaí ainmhithe beo agus táirgí ainmhithe a allmhairiú isteach san Aontas ón Nua-Shéalainn agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2003/56/CE (IO L 277, 22.10.2015, lch. 32).

CAIBIDIL 13

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH LE HAGHAIDH FEOIL ÚR LENA CAITHEAMH AG AN DUINE A THEACHT ISTEACH SAN AONTAS, CÉ IS MOITE D'FHEOIL MHIONAITHE AGUS FEOIL ATÁ DÍCHNÁMHAITHE GO MEICNIÚIL, Ó ÉANLAITH SEACHAS RAITÍTIGH (SAMHAIL POU)

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil le hAGHAIDH an Aontais Eorpaigh**		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2**	**Tagairt an deimhnithe** **I.3** **Údarás Inniúil Lárnach** **I.4** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**I.2a** **Tagairt CBFRO** **CÓD QR**
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**	Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**	Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**	
	I.15	**Modh iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16** **I.17**	**Post Rialaithe Teorann Iontrála** **Doiciméid tionlacain** Saghas Tír Tagairt doiciméid tráchtála	Cód Cód tíre ISO
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe	□ Reoite	
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala		
	I.20	**Deimhnithe mar nó le hAGHAIDH**				
		□ Táirgí lena gcaitheamh ag an duine				
	I.21	**□ Le hAGHAIDH iompair** Tríú tír	Cód tíre ISO	**I.22** **I.23**	**□ Le hAGHAIDH an mhargaidh inmheánaigh**	

I.24	**Líon iomlán pacáistí**	**I.25**	**Cainníocht iomlán**	**I.26**	**Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**
I.27	**Tuairisc ar an gcoinsíneacht**				

Cód AC	Speicis	Fospeiceas/Catagóir			
		Fuar-stóras	Marc aitheantais		Glanmheáchan
Seamlas				An líon pacáistí	Baiscuimhir
		An dáta bailithe/táirgthe		Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	

TÍR		Deimhniú caighdeánach POU
Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe** / **II.b Tagairt CBFRO**

II.1. Fianú sláinte poiblí [le scriosadh nuair nach é an tAontas ceann scríbe deiridh na feola úire]

Dearbhaímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m"ainm anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar na ceanglais ábhartha de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [A], Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [B], Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún [C] agus deimhním leis seo go bhfuarthas an fheoil úr[1] ó éanlaith chlóis seachas raitítigh ar a dtugtar tuairisc i gCuid I i gcomhréir leis na ceanglais sin, agus go háirithe:

(a) go dtagann an fheoil ó bhunaíocht(aí) ina gcuirtear ceanglais sláinteachais ghinearálta i bhfeidhm agus ina gcuirtear clár chun feidhme bunaithe ar phrionsabail na bpointí criticiúla rialaithe ar anailís guaise (HACCP) i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, ar a ndéanann na húdaráis inniúla iniúchadh tráthrialta, agus a liostaítear mar bhunaíocht atá formheasta ag an Aontas Eorpach;

(b) gur táirgeadh í i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i Ranna II agus V d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(c) go bhfuarthas í a bheith oiriúnach lena caitheamh ag an duine tar éis cigireachtaí réamhbháis agus iarbháis a rinneadh i gcomhréir le hAirteagail 8 go 14, 25, 33, 35 go 38 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 agus le hAirteagail 3, 5 go 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624;

(d) gur marcáladh í le marc aitheantais i gcomhréir le Roinn I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(e) go gcomhlíonann sí na critéir ábhartha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún [D];

A Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

B Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas earraí bia (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

C Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún an 15 Márta 2019 lena leagtar síos socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún maidir le rialuithe oifigiúla (IO L 131, 17.5.2019, lch. 51).

D Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2005 maidir le critéir mhicribhitheolaíocha le haghaidh earraí bia (IO L 338, 22.12.2005, lch. 1).

TÍR	Deimhniú caighdeánach POU

(f) go gcomhlíontar na ráthaíochtaí lena gcumhdaítear ainmhithe beo agus táirgí díobh dá bhforáiltear leis na pleananna iarmharacha arna dtíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle [E], agus go liostaítear na hainmhithe agus na táirgí lena mbaineann i gCinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún [F] maidir leis an tír thionscnaimh lena mbaineann;

(g) gur táirgeadh í faoi dhálaí lena ráthaítear comhlíontacht na n-uasteorainneacha iarmhar le hAGHAIDH lotnaidicídí a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [G], agus na n-uasleibhéal le hAGHAIDH éilleán a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún [H];

[(2)][(h) comhlíonann sé ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 1688/2005 ón gCoimisiún [I].]

II.2. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m"ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis an bhfeoil úr[(1)] ó éanlaith chlóis seachas raitítigh ar a dtugtar tuairisc sa deimhniú seo:

II.2.1. go bhfuarthas í sa chrios lena mbaineann an cód: ……[(3)] atá, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo:

(a) údaraithe agus liostaithe i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 [J] ón gCoimisiún chun feoil úr ó éanlaith chlóis seachas raitítigh teacht isteach san Aontas;

(b) ina ndéantar clár faireachais galair maidir leis an bhfliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le hAirteagal 141, pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún [K];

(c) a mheastar a bheith saor ó fhliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le hAirteagal 38 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

(d) a mheastar a bheith saor ó ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

E Treoir 96/23/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 maidir le bearta chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe agus ar iarmhair na substaintí sin in ainmhithe beo agus i dtáirgí ainmhithe agus lena n-aisghairtear Treoracha 85/358/CEE agus 86/469/CEE agus Cinntí 89/187/CEE agus 91/664/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 10).

F Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún an 16 Márta 2011 maidir le formheas pleananna arna gcur isteach ag tríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle (IO L 70, 17.3.2011, lch. 40).

G Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil d'iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

H Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2006 lena socraítear uasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe in earraí bia (IO L 364, 20.12.2006, lch. 5).

I Rialachán (CE) Uimh. 1688/2005 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2005 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ráthaíochtaí speisialta a bhaineann le salmonella le haghaidh coinsíneachtaí chuig an bhFionlainn agus chuig an tSualainn d'fheoil agus d'uibheacha áirithe (IO L 271, 15.10.2005, lch. 17).

J Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

K Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad teacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379)

TÍR	Deimhniú caighdeánach POU
	II.2.2. go bhfuarthas í sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1:
	[4]*cibé acu* [(a) [nach ndéantar vacsaíniú in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach ann;]
	[4][5]*nó* [(a) [ina ndéantar vacsaíniú in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le clár vacsaínithe lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;]
	[4]*cibé acu* [(b) ina bhfuil toirmeasc ar vacsaíniú in aghaidh ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle le vacsaíní nach gcomhlíonann critéir ghinearálta ná critéir shonracha Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;]
	[4][6]n*ó* [(b) nach bhfuil toirmeasc ann ar vacsaíniú in aghaidh ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle le vacsaíní nach gcomhlíonann ach amháin critéir ghinearálta Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus go bhfuarthas an fheoil úr ó éanlaith chlóis: (i) nár vacsaíníodh iad le vacsaíní caolaithe beo a ullmhaíodh ó mháistirshíol d'ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle inar léiríodh pataigineacht ní b'airde ná tréithchineálacha mallghineacha den víreas laistigh den tréimhse 30 lá roimh dháta an mharaithe seamlais; (ii) ar cuireadh iad faoi thástáil scoite víreas[7] le hAGHAIDH ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle arna déanamh tráth an mharaithe seamlais ar shampla randamach de mhaipíní clóácacha arna dtógáil ó 60 éan ar a laghad i ngach ealta lena mbaineann, agus nach bhfuarthas aon pharaimicsivíreas éanúil le ICPI de bhreis ar 0.4 ann; (iii) le linn na tréimhse 30 lá roimh an dáta maraithe seamlais, nach raibh siad i dteagmháil le héanlaith chlóis nach gcomhlíonann na coinníollacha in (i) agus in (ii);]
	II.2.3. go bhfuarthas é ó ainmhithe a thagann ó bhunaíochtaí: (a) atá cláraithe ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh, agus faoi rialú an údaráis sin agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid a choinneáil agus a choimeád i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692; (b) ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn; (c) laistigh de agus timpeall air, in achar de gha 10 km lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, críoch tíre comharsanaí, nárbh ann d'aon ráig de fhliú éanúil ardphataigineach ná d'ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle inti sa tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta an mharaithe seamlais;

TÍR	Deimhniú caighdeánach POU
	(d) nach raibh faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, tráth maraithe seamlais na n-ainmhithe; II.2.4. go bhfuarthas an fheoil ó ainmhithe: [4]*cibé acu* [(a)a d'fhan sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1 ó thráth a ngortha agus go dtí an dáta maraithe seamlais;] [4]*nó* [(a) ar allmhairíodh iad isteach sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1 mar shicíní lae, éanlaith chlóis phórúcháin, éanlaith chlóis tháirgiúil, nó éanlaith chlóis dá marú seamlais, faoi cheanglais sláinte ainmhithe atá ar a laghad chomh dian céanna agus atá ceanglais ábhartha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/429 agus ceanglais ábhartha Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692: [4] *cibé acu*[crios atá liostaithe i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir le teacht isteach na dtráchtearraí sin san Aontas;] [4] *nó* [ó Bhallstát;]] [4]*cibé acu* [(b) nár vacsaíníodh in aghaidh an fhliú éanúil ardphataiginigh;] [4][5] *nó* [(b) a vacsaíníodh in aghaidh an fhliú éanúil ardphataiginigh i gcomhréir le clár vacsaínithe lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;] [4]*cibé acu* [(c)nár vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle le linn na tréimhse 30 lá roimh an dáta maraithe seamlais;] [4] *nó* [(c) a vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle sa tréimhse 30 lá roimh an dáta maraithe seamlais le vacsaíní lena gcomhlíontar na critéir ghinearálta agus shonracha araon d'Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;] (d) nár thaispeáin comharthaí sóirt de ghalair in-tarchurtha tráth an mharaithe seamlais; (e) a seoladh go díreach óna mbunaíocht tionscnaimh chuig an seamlas; (f) i rith an iompair chuig an seamlas: (i) nach ndeachaigh trí chrios nach liostaítear le hAGHAIDH feoil úr ó éanlaith chlóis seachas raitítigh teacht isteach san Aontas; (ii) nach raibh aon teagmháil acu le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle; (g) ar seoladh óna mbunaíocht tionscnaimh chuig seamlas formheasta i modhanna iompair iad: (i) a tógadh ar bhealach nach féidir leis na hainmhithe éalú ná titim amach; (ii) inar féidir amharc-chigireacht a dhéanamh ar an spás ina gcoimeádtar na hainmhithe; (iii) go ndéantar éalú tuartha ainmhithe, bruscair, beatha nó cleití uathu a chosc nó a íoslaghdú;

TÍR	Deimhniú caighdeánach POU
	(iv) a glanadh agus a díghalraíodh, le díghalrán atá údaraithe ag údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch agus a triomaíodh nó ar ligeadh dóibh triomú go díreach roimh gach luchtaithe ainmhithe atá beartaithe teacht isteach san Aontas; II.2.5. go bhfuarthas an fheoil ó ainmhithe a ndearnadh marú seamlais orthu [an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)][4][8] [idir ___/___/____(ll/mm/bbbb) agus ___/___/____(ll/mm/bbbb)] [4][8]; II.2.6. nach bhfuarthas an fheoil ó ainmhithe a ndearnadh marú seamlais orthu faoi chlár náisiúnta maidir le díothú galar; II.2.7. go bhfuarthas í i seamlas: (a) nach raibh, tráth an mharaithe seamlais, faoi shrianta de dheasca ráig de fhliú éanúil ardphataigineach nó ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle nó faoi shrianta oifigiúla faoin reachtaíocht náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe; (b) i bhfoisceacht 10 km lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, críoch tíre comharsanaí, nárbh ann d'aon ráig de fhliú éanúil ardphataigineach ná d'ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle inti sa tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta an mharaithe seamlais; II.2.8. go ndearnadh an fheoil a dheighilt go docht ó fheoil úr nár chomhlíon na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe maidir le feoil úr ó éanlaith chlóis seachas raitítigh teacht isteach san Aontas i rith oibríochtaí an mharaithe seamlais, an ghearrtha agus go dtí: [4]*cibé acu* [rinneadh í a phacáistiú le hAGHAIDH stóráil bhreise;] [4]*nó* [a luchtú, mar fheoil úr neamhphacáistithe, ar na modhanna iompair lena seoladh chuig an Aontas;] II.2.9. seoltar í chuig an Aontas: (a) i modh iompair arna dhearadh, arna thógáil agus arna chothabháil agus bail air nach gcuirfear stádas sláinte na dtáirgí i mbaol dá bharr i rith iompar na dtáirgí chuig an Aontas; (b) scoite ó ainmhithe agus ó tháirgí de bhunadh ainmhíoch nach gcomhlíonann na ceanglais ábhartha maidir le sláinte ainmhithe i dtaca le teacht isteach san Aontas dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692; [9][II.2.10. tá sí beartaithe le hAGHAIDH Ballstáit dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún [L], agus fuarthas í ó éanlaith chlóis nár vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle le vacsaín bheo sa tréimhse 30 lá roimh dháta an mharaithe seamlais].

[L] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothúcháin, agus stádas saor ó ghalair i gcás galair áirithe atá liostaithe agus galair áirithe atá ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211).

TÍR	Deimhniú caighdeánach POU
	II.3. Fianú leasa ainmhithe [le scriosadh nuair nach é an tAontas an ceann scríbe deiridh] Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m"ainm leis seo, leis seo go bhfuarthas an fheoil ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó ainmhithe ar cuireadh cóireáil orthu sa seamlas i gcomhréir le ceanglais reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint ainmhithe tráth a maraithe nó le ceanglais choibhéiseacha ar a laghad. **Nótaí** I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo. Tá an deimhniú seo beartaithe le hAGHAIDH feoil úr ó éanlaith chlóis seachas raitítigh teacht isteach san Aontas, lena n-áirítear cásanna nach é an tAontas ceann scríbe deiridh an táirge sin. Luaitear go sainráite sa teideal go n-eisiatar feoil mhionaithe agus feoil díchnámhaithe go meicniúil chun aon mhearbhall a sheachaint mar ní fhéadtar na táirgí sin a allmhairiú leis an deimhniú seo le hAGHAIDH feoil úr. Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235. **Cuid I:** Tagairt bhosca I.8: Soláthair cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. Tagairt bhosca I.11: Ainm, seoladh agus uimhir formheasa bhunaíocht an tseolta. Tagairt bhosca I.15: Léirigh cláruimhir/cláruimhreacha na vaigíní iarnróid agus na leoraithe, ainmneacha na soithí agus, más eol iad, uimhreacha eitilte na n-aerárthaí. I gcás iompair i gcoimeádáin, a gcláruimhir agus i gcás ina bhfuil sraithuimhir ar an séala, ní mór í a léiriú i mbosca I.19. Tagairt bhosca I.27: Tuairisc ar an gcoinsíneacht: "*Cód CN*": Úsáid cód iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe um Thuairisciú (Cód HS) de chuid na hEagraíochta Domhanda Custaim: 02.07, 02.08 nó 05.04. **Cuid II:** (1) Feoil úr mar a shainmhínítear i bpointe 1.10 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. (2) Scrios mura bhfuil sé beartaithe an choinsíneacht a theacht isteach sa tSualainn ná san Fhionlainn. (3) Soláthair cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. (4) Coimeád de réir mar is iomchuí. (5) Níl an méid sin infheidhme ach amháin maidir le criosanna ina ndéantar vacsaíniú in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le clár vacsaínithe lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ina mbaineann an teacht isteach le "A" i gcolún 6 den tábla.

TÍR	Deimhniú caighdeánach POU
	(6) Níl gá leis an ráthaíocht sin ach amháin le hAGHAIDH éanlaith chlóis a thagann ó chriosanna, ar criosanna iad nach bhfuil úsáid vacsaíní in aghaidh ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle nach gcomhlíonann ach amháin critéir ghinearálta Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 toirmiscthe iontu, i gcomhréir le hAirteagal 141, pointe (e)(ii) de, agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ina mbaineann an teacht isteach le "B" i gcolún 6 den tábla. (7) Ba cheart tástálacha a dhéanamh ar shamplaí arna dtógáil ag údaráis inniúla na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh, nó faoina rialú, agus ba cheart tástáil a dhéanamh i saotharlann oifigiúil arna hainmniú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) 2017/625. (8) Ní cheadófar an fheoil seo teacht isteach san Aontas ach amháin má fuarthas an fheoil ó ainmhithe a ndearnadh marú seamlais orthu tar éis dháta údaraithe an chreasa dá dtagraítear i bpointe II.2.1 maidir le feoil úr ó éanlaith chlóis seachas raitítigh teacht isteach san Aontas, ná i dtréimhse ina raibh bearta srianta maidir le sláinte ainmhithe arna nglacadh ag an Aontas i bhfeidhm in aghaidh theacht isteach na feola ón gcrios sin, ná i dtréimhse inar cuireadh ar fionraí údarú an chreasa sin maidir leis an bhfeoil sin teacht isteach san Aontas. (9) Níl gá leis an ráthaíocht sin ach amháin le hAGHAIDH coinsíneachtaí atá beartaithe le hAGHAIDH Ballstát dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689.
	Tréidlia oifigiúil Ainm (i gceannlitreacha) Dáta — Cáilíocht agus teideal Stampa — Síniú"

(c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chaibidil 15:

"CAIBIDIL 15

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH LE HAGHAIDH FEOIL ÚR LENA CAITHEAMH AG AN DUINE A THEACHT ISTEACH SAN AONTAS, CÉ IS MOITE D'FHEOIL MHIONAITHE AGUS FEOIL ATÁ DÍCHNÁMHAITHE GO MEICNIÚIL, Ó RAITÍTIGH (SAMHAIL RAT)

TÍR				**Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil le hAGHAIDH an Aontais Eorpaigh**		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2**	**Tagairt an deimhnithe** **I.3** **Údarás Inniúil Lárnach** **I.4** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**I.2a** **Tagairt CBFRO** **CÓD QR**
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**	Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**	Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**	
	I.15	**Modh iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16** **I.17**	**Post Rialaithe Teorann Iontrála** **Doiciméid tionlacain** Saghas Tír Tagairt doiciméid tráchtála	Cód Cód tíre ISO
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe		□ Reoite
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala		
	I.20	**Deimhnithe mar nó le hAGHAIDH** □ Táirgí lena gcaitheamh ag an duine				
	I.21	**□ Le hAGHAIDH iompair** Tríú tír	Cód tíre ISO	**I.22**	**□ Le hAGHAIDH an mhargaidh inmheánaigh**	
				I.23		

I.24	**Líon iomlán pacáistí**	**I.25**	**Cainníocht iomlán**	**I.26**	**Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**
I.27	**Tuairisc ar an gcoinsíneacht**				

Cód AC	Speicis	Fospeiceas/Catagóir			
		Fuar-stóras	Marc aitheantais		Glanmheáchan
Seamlas				An líon pacáistí	Baiscuimhir
		An dáta bailithe/táirgthe		Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	

TÍR		Deimhniú caighdeánach RAT	
Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt CBFRO**

II.1. Fianú sláinte poiblí [le scriosadh nuair nach é an tAontas ceann scríbe deiridh na feola úire]

Dearbhaímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m"ainm anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar na ceanglais ábhartha de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [A], Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [B], Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 [C] ón gCoimisiún agus deimhním leis seo go bhfuarthas an fheoil úr[(1)]ó raitítigh ar a dtugtar tuairisc i gCuid I i gcomhréir leis na ceanglais sin, go háirithe:

(a) go dtagann an fheoil ó bhunaíocht(aí) ina gcuirtear ceanglais sláinteachais ghinearálta i bhfeidhm agus ina gcuirtear clár chun feidhme bunaithe ar phrionsabail na bpointí criticiúla rialaithe ar anailís guaise (HACCP) i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, ar a ndéanann na húdaráis inniúla iniúchadh tráthrialta, agus a liostaítear mar bhunaíocht atá formheasta ag an Aontas Eorpach;

(b) gur táirgeadh an fheoil i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i Roinn III d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(c) go bhfuarthas an fheoil a bheith oiriúnach lena caitheamh ag an duine tar éis cigireacht réamhbháis agus iarbháis a rinneadh i gcomhréir le hAirteagail 8 go 14, 27, 33, 37 agus 38 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 agus le hAirteagail 3, 5 go 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624;

(d) gur marcáladh an fheoil le marc aitheantais i gcomhréir le Roinn I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(e) go gcomhlíontar na ráthaíochtaí lena gcumhdaítear ainmhithe beo agus táirgí díobh dá bhforáiltear leis na pleananna iarmharacha arna dtíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle [D], agus go liostaítear na hainmhithe agus na táirgí lena mbaineann i gCinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún [E] maidir leis an tír thionscnaimh lena mbaineann;

(f) gur táirgeadh an fheoil faoi dhálaí lena ráthaítear comhlíontacht na n-uasteorainneacha iarmhar le hAGHAIDH lotnaidicídí a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [F].

A Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

B Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas earraí bia (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

C Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún an 15 Márta 2019 lena leagtar síos socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún maidir le rialuithe oifigiúla (IO L 131, 17.5.2019, lch. 51).

D Treoir 96/23/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 maidir le bearta chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe agus ar iarmhair na substaintí sin in ainmhithe beo agus i dtáirgí ainmhithe agus lena n-aisghairtear Treoracha 85/358/CEE agus 86/469/CEE agus Cinntí 89/187/CEE agus 91/664/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 10).

E Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún an 16 Márta 2011 maidir le formheas pleananna arna gcur isteach ag tríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle (IO L 70, 17.3.2011, lch. 40).

F Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil d'iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

TÍR	Deimhniú caighdeánach RAT

II.2. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m"ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis an bhfeoil úr[1] ó raitítigh ar a dtugtar tuairisc sa deimhniú seo:

II.2.1. go bhfuarthas í sa chrios lena mbaineann an cód: ……[2] atá, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo:

(a) údaraithe agus liostaithe i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún [G] chun feoil úr ó raitítigh teacht isteach san Aontas;

(b) ina ndéantar clár faireachais galair maidir leis an bhfliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le hAirteagal 141, pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún [H];

(c) a mheastar a bheith saor ó fhliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le hAirteagal 38 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

II.2.2. go bhfuarthas í ón gcrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1, arb amhlaidh ar dháta eisiúna an deimhnithe seo:

[3]*cibé acu* [meastar a bheith saor ó ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;]

[3][4]*nó* [nach meastar a bheith saor ó ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus maidir le feoil úr raitíteach:

(a) gur díchnámhaíodh agus gur feannadh í;

(b) go bhfuarthas í ó raitítigh a coinníodh, ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad roimh dháta an mharaithe seamlais, i mbunaíochtaí:

(i) nárbh ann d'aon ráig d'ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle ná de fhliú éanúil ardphataigineach ann sna 6 mhí roimh dháta an mharaithe seamlais;

(ii) nárbh ann d'aon ráig de fhliú éanúil ardphataigineach ná d'ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle timpeall air sa tréimhse 3 mhí ar a laghad roimh dháta an mharaithe seamlais i bhfoisceacht 10 km ó imlíne na coda sin den bhunaíocht ina bhfuil na raitítigh, lena n-áirítear nuair is iomchuí críoch Ballstáit nó tríú tír comharsanachta;

G Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

H Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad teacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379)

TÍR	Deimhniú caighdeánach RAT
	[3]*cibé acu* [(c) go bhfuarthas í ó raitítigh nár vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle agus a coinníodh ar bhunaíochtaí ar a ndearnadh faireachas le hAGHAIDH ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle le séireolaíocht[5] faoi phlean samplála bunaithe ar staidreamh, lenar táirgeadh torthaí diúltacha ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad díreach roimh dháta an mharaithe seamlais;]
	[3]*nó* [(c) go bhfuarthas an fheoil ó raitítigh: (i) a vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle agus a coinníodh ar bhunaíochtaí ar a ndearnadh faireachas le hAGHAIDH ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle ar mhaipíneachtaí traicéacha[5] faoi phlean samplála bunaithe ar staidreamh, lenar táirgeadh torthaí diúltacha ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad díreach roimh dháta an mharaithe seamlais; (ii) sa tréimhse 30 lá roimh an marú seamlais: [3]*cibé acu* [nár vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle;] [3]*nó* [vacsaíníodh iad in aghaidh ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle le vacsaíní a chomhlíonann critéir chomhchoiteanna agus critéir shonracha Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;]]]
	II.2.3. go bhfuarthas í sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1:
	[3]*cibé acu* [(a) [nach ndéantar vacsaíniú in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach ann;]
	[3][6]n*ó* [(a) [ina ndéantar vacsaíniú in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le clár vacsaínithe lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;]
	[3]*cibé acu* [(b) ina bhfuil toirmeasc ar vacsaíniú in aghaidh ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle le vacsaíní nach gcomhlíonann critéir ghinearálta ná critéir shonracha Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;]
	[3][7]n*ó* [(b) nach bhfuil toirmeasc ann ar vacsaíniú in aghaidh ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle le vacsaíní nach gcomhlíonann ach amháin critéir ghinearálta Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus go bhfuarthas an fheoil úr ó raitítigh: (i) nár vacsaíníodh iad le vacsaíní caolaithe beo a ullmhaíodh ó mháistirshíol d'ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle inar léiríodh pataigineacht ní b'airde ná tréithchineálacha mallghineacha den víreas laistigh den tréimhse 30 lá roimh dháta an mharaithe seamlais; (ii) ar cuireadh iad faoi thástáil scoite víreas[5] le hAGHAIDH ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle arna déanamh tráth an mharaithe seamlais ar shampla randamach de mhaipíneachtaí clóácacha arna dtógáil ó 60 éan ar a laghad i ngach ealta lena mbaineann, agus nach bhfuarthas aon pharaimicsivíreas éanúil le ICPI de bhreis ar 0.4 ann;

TÍR	Deimhniú caighdeánach RAT
	(iii) le linn na tréimhse 30 lá roimh an dáta maraithe seamlais, nach raibh siad i dteagmháil le héanlaith chlóis nach gcomhlíonann na coinníollacha in (i) agus in (ii);]
	II.2.4. go bhfuarthas é ó ainmhithe a thagann ó bhunaíochtaí:
	(a) atá cláraithe ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh, agus faoi rialú an údaráis sin agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid a choinneáil agus a choimeád i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;
	(b) ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn;
	(c) laistigh de agus timpeall air, i bhfoisceacht 10 km lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, críoch tíre comharsanaí, nárbh ann d'aon ráig de fhliú éanúil ardphataigineach ná d'ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle inti sa tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta an mharaithe seamlais;
	(d) nach raibh faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, tráth maraithe seamlais na n-ainmhithe;
	II.2.5. go bhfuarthas an fheoil ó ainmhithe:
	[3] *cibé acu* [(a)a d'fhan sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1 ó thráth a ngortha agus go dtí an dáta maraithe seamlais;]
	[3] *nó* [(a) ar allmhairíodh iad isteach sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1 mar shicíní lae, éanlaith chlóis phórúcháin, éanlaith chlóis tháirgiúil, nó éanlaith chlóis dá marú seamlais, faoi cheanglais sláinte ainmhithe atá ar a laghad chomh dian céanna agus atá ceanglais ábhartha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/429 agus ceanglais ábhartha Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692:
	[3] *cibé acu*[crios atá liostaithe i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir le teacht isteach na dtráchtearraí sin san Aontas;]
	[3] *nó* [ó Bhallstát;]]
	[3] *cibé acu* [(b) nár vacsaíníodh in aghaidh an fhliú éanúil ardphataiginigh;]
	[3][6]*nó* [(b) a vacsaíníodh in aghaidh an fhliú éanúil ardphataiginigh i gcomhréir le clár vacsaínithe lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;]
	[3] *cibé acu* [(c)nár vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle sa tréimhse 30 lá roimh an dáta maraithe seamlais;]
	[3] *nó* [(c) a vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle sa tréimhse 30 lá roimh an dáta maraithe seamlais le vacsaíní lena gcomhlíontar na critéir ghinearálta agus shonracha araon d'Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;]

TÍR	Deimhniú caighdeánach RAT

(d) nár thaispeáin comharthaí sóirt de ghalair in-tarchurtha tráth an mharaithe seamlais;

(e) a seoladh go díreach óna mbunaíocht tionscnaimh chuig an seamlas;

(f) i rith an iompair chuig an seamlas:

(i) nach ndeachaigh trí chrios nach liostaítear le hAGHAIDH feoil úr ó raitítigh teacht isteach san Aontas;

(ii) nach raibh aon teagmháil acu le hainmhithe ag a raibh stádas sláinte níos ísle;

(g) ar seoladh óna mbunaíocht tionscnaimh chuig seamlas formheasta i modhanna iompair iad:

(i) a tógadh ar bhealach nach féidir leis na hainmhithe éalú ná titim amach;

(ii) inar féidir amharc-chigireacht a dhéanamh ar an spás ina gcoimeádtar na hainmhithe;

(iii) go ndéantar éalú tuartha ainmhithe, bruscair, beatha nó cleití uathu a chosc nó a íoslaghdú;

(iv) a glanadh agus a díghalraíodh, le díghalrán atá údaraithe ag údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch agus a triomaíodh nó ar ligeadh dóibh triomú go díreach roimh gach luchtaithe ainmhithe atá beartaithe teacht isteach san Aontas;

II.2.6. go bhfuarthas an fheoil ó ainmhithe a ndearnadh marú seamlais orthu [an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)][3][8] [idir ___/___/____(ll/mm/bbbb) agus ___/___/____(ll/mm/bbbb)][3][8];

II.2.7. nach bhfuarthas an fheoil ó ainmhithe a ndearnadh marú seamlais orthu faoi chlár náisiúnta maidir le díothú galar;

II.2.8. go bhfuarthas í i seamlas:

(a) nach raibh, tráth an mharaithe seamlais, faoi shrianta de dheasca ráig de fhliú éanúil ardphataigineach nó ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle nó faoi shrianta oifigiúla faoin reachtaíocht náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe;

(b) laistigh d'achar de gha 10 km den seamlas lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, críoch tíre comharsanaí, nárbh ann d'aon ráig de fhliú éanúil ardphataigineach ná d'ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle inti sa tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta an mharaithe seamlais;

II.2.9. go ndearnadh an fheoil a dheighilt go docht ó fheoil úr nár chomhlíon na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe maidir le feoil úr ó raitítigh teacht isteach san Aontas i rith oibríochtaí an mharaithe seamlais, an ghearrtha agus go dtí:

[3] *cibé acu* [rinneadh í a phacáistiú le hAGHAIDH stóráil bhreise;]

[3] *nó* [a luchtú, mar fheoil úr neamhphacáistithe, ar na modhanna iompair lena seoladh chuig an Aontas;]

II.2.10. seoltar í chuig an Aontas:

(a) i modh iompair arna dhearadh, arna thógáil agus arna chothabháil agus bail air nach gcuirfear stádas sláinte na dtáirgí i mbaol dá bharr i rith iompar na dtáirgí chuig an Aontas;

TÍR	Deimhniú caighdeánach RAT

(b) scoite ó ainmhithe agus ó tháirgí de bhunadh ainmhíoch nach gcomhlíonann na ceanglais ábhartha maidir le sláinte ainmhithe i dtaca le teacht isteach san Aontas dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

(9)[II.2.11. tá sí beartaithe le hAGHAIDH Ballstáit dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 [I] ón gCoimisiún, agus fuarthas í ó raitítigh nár vacsaíníodh in aghaidh ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle le vacsaín bheo sa tréimhse 30 lá roimh dháta an mharaithe seamlais].

II.3. Fianú leasa ainmhithe [le scriosadh nuair nach é an tAontas an ceann scríbe deiridh]

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m"ainm leis seo, leis seo go bhfuarthas an fheoil ar a dtugtar tuairisc i gCuid I ó ainmhithe ar cuireadh cóireáil orthu sa seamlas i gcomhréir le ceanglais reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint ainmhithe tráth a maraithe nó le ceanglais choibhéiseacha ar a laghad.

Nótaí

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Tá an deimhniú seo beartaithe le hAGHAIDH feoil úr ó raitítigh teacht isteach san Aontas, lena n-áirítear cásanna nach é an tAontas ceann scríbe deiridh an táirge sin.

Luaitear go sainráite sa teideal go n-eisiatar feoil mhionaithe agus feoil díchnámhaithe go meicniúil chun aon mhearbhall a sheachaint mar ní fhéadtar na táirgí sin a allmhairiú leis an deimhniú seo le hAGHAIDH feoil úr.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.8:	Soláthair cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.
Tagairt bhosca I.11:	Ainm, seoladh agus uimhir formheasa bhunaíocht an tseolta.
Tagairt bhosca I.15:	Léirigh cláruimhir/cláruimhreacha na vaigíní iarnróid agus na leoraithe, ainmneacha na soithí agus, más eol iad, uimhreacha eitilte na n-aerárthaí. I gcás iompair i gcoimeádáin, a gcláruimhir agus i gcás ina bhfuil sraithuimhir ar an séala, ní mór í a léiriú i mbosca I.19.
Tagairt bhosca I.27:	Tuairisc ar an gcoinsíneacht: *"Cód CN"*: úsáid cód iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe um Thuairisciú (Cód HS) de chuid na hEagraíochta Domhanda Custaim: 02.08.90.

[I] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothúcháin, agus stádas saor ó ghalair i gcás galair áirithe atá liostaithe agus galair áirithe atá ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211).

TÍR	Deimhniú caighdeánach RAT

Cuid II:

(1) "Feoil úr" mar a shainmhínítear i bpointe 1.10 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

(2) Soláthair cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(3) Coimeád de réir mar is iomchuí.

(4) Níl gá leis an ráthaíocht sin ach amháin le hAGHAIDH coinsíneachtaí ó chriosanna nach meastar a bheith saor ó ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ina mbaineann an teacht isteach le "C" i gcolún 6 den tábla.

(5) Ba cheart tástálacha a dhéanamh ar shamplaí arna dtógáil ag údaráis inniúla na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh, nó faoina rialú, agus ba cheart tástáil a dhéanamh i saotharlann oifigiúil arna hainmniú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) 2017/625.

(6) Níl an méid sin infheidhme ach amháin maidir le criosanna ina ndéantar vacsaíniú in aghaidh fliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le clár vacsaínithe lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692, agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ina mbaineann an teacht isteach le "A" i gcolún 6 den tábla.

(7) Níl gá leis an ráthaíocht sin ach amháin le hAGHAIDH éanlaith chlóis a thagann ó chriosanna, ar criosanna iad nach bhfuil úsáid vacsaíní in aghaidh ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle nach gcomhlíonann ach amháin critéir ghinearálta Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 toirmiscthe iontu, i gcomhréir le hAirteagal 141, pointe (e)(ii) de, agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ina mbaineann an teacht isteach le "B" i gcolún 6 den tábla.

(8) Ní cheadófar an fheoil seo teacht isteach san Aontas ach amháin má fuarthas an fheoil ó ainmhithe a ndearnadh marú seamlais orthu tar éis dháta údaraithe an chreasa dá dtagraítear i bpointe II.2.1 maidir le feoil úr raitítigh teacht isteach san Aontas, ná i dtréimhse ina raibh bearta srianta maidir le sláinte ainmhithe arna nglacadh ag an Aontas i bhfeidhm in aghaidh theacht isteach na feola ón gcrios sin, ná i dtréimhse inar cuireadh ar fionraí údarú an chreasa sin maidir leis an bhfeoil sin teacht isteach san Aontas.

(9) Níl gá leis an ráthaíocht sin ach amháin le hAGHAIDH coinsíneachtaí atá beartaithe le hAGHAIDH Ballstát dar deonaíodh an stádas saor ó ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle gan vacsaíniú i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta

Cáilíocht agus teideal

Stampa

Síniú"

(d) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chaibidil 17:

"CAIBIDIL 17

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH LE HAGHAIDH FEOIL ÚR LENA CAITHEAMH AG AN DUINE A THEACHT ISTEACH SAN AONTAS, CÉ IS MOITE D'FHEOIL MHIONAITHE AGUS FEOIL ATÁ DÍCHNÁMHAITHE GO MEICNIÚIL, Ó ÉANLAITHE GÉIM (SAMHAIL GBM)

TÍR					**Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil le hAGHAIDH an Aontais Eorpaigh**		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO	**I.2** **Tagairt an deimhnithe** **I.3** **Údarás Inniúil Lárnach** **I.4** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**I.2a**	**Tagairt CBFRO** **CÓD QR**
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO	**I.6** **An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**		Cód tíre ISO	**I.9** **An tír chinn scríbe**		Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**		Cód	**I.10** **An réigiún cinn scríbe**		Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO		**I.12** **Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	
	I.13	**Áit luchtaithe**			**I.14** **Dáta agus am imeachta**		
	I.15	**Modh iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas			**I.16** **Post Rialaithe Teorann Iontrála** **I.17** **Doiciméid tionlacain** Saghas Tír Tagairt doiciméid tráchtála	Cód Cód tíre ISO	
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach		□ Fuaraithe		□ Reoite
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin			Uimhir shéala		
	I.20	**Deimhnithe mar nó le hAGHAIDH** □ Táirgí lena gcaitheamh ag an duine					
	I.21	**□ Le hAGHAIDH iompair** Tríú tír		Cód tíre ISO	**I.22** **□ Le hAGHAIDH an mhargaidh inmheánaigh** **I.23**		

I.24	Líon iomlán pacáistí	I.25	Cainníocht iomlán	I.26	Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán
I.27	**Tuairisc ar an gcoinsíneacht**				

Cód AC	Speicis				
	Fuar-stóras	Marc aitheantais			Glanmheáchan
Seamlas		Cineál an tráchtearra	An líon pacáistí		Baiscuimhir
	An dáta bailithe/táirgthe	Gléasra monaraíochta	Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid		

TÍR **Deimhniú caighdeánach GBM**

Cuid II: Deimhniú	II. Faisnéis sláinte	II.a Tagairt an deimhnithe	II.b Tagairt CBFRO

II.1. Fianú sláinte poiblí [le scriosadh nuair nach é an tAontas ceann scríbe deiridh na feola úire]

II.1.1 Dearbhaímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m"ainm anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar na ceanglais ábhartha de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [A], Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [B], Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 [C] ón gCoimisiún agus deimhním leis seo go bhfuarthas an fheoil úr[(1)] ó éanlaith ghéim ar a dtugtar tuairisc i gcomhréir leis na ceanglais sin, go háirithe:

(a) go dtagann an fheoil ó bhunaíocht(aí) ina gcuirtear ceanglais sláinteachais ghinearálta i bhfeidhm agus ina gcuirtear clár chun feidhme bunaithe ar phrionsabail na bpointí criticiúla rialaithe ar anailís guaise (HACCP) i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, ar a ndéanann na húdaráis inniúla iniúchadh tráthrialta, agus a liostaítear mar bhunaíocht atá formheasta ag an Aontas Eorpach;

(b) gur táirgeadh an fheoil i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i Roinn IV, Caibidlí I agus III, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(c) go bhfuarthas an fheoil a bheith oiriúnach lena caitheamh ag an duine tar éis cigireacht iarbháis a rinneadh i gcomhréir le hAirteagail 12 go 14, 28, 33 agus 37 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 agus le hAirteagail 7 agus 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624;

(d) gur marcáladh na pacáistí feola le marc aitheantais i gcomhréir le Roinn I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(e) go gcomhlíontar na ráthaíochtaí lena gcumhdaítear ainmhithe beo agus táirgí díobh dá bhforáiltear leis na pleananna iarmharacha arna dtíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle [D], agus go liostaítear na hainmhithe agus na táirgí lena mbaineann i gCinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún [E] maidir leis an tír thionscnaimh lena mbaineann.

A Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

B Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas earraí bia (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

C Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún an 15 Márta 2019 lena leagtar síos socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún maidir le rialuithe oifigiúla (IO L 131, 17.5.2019, lch. 51).

D Treoir 96/23/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 maidir le bearta chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe agus ar iarmhair na substaintí sin in ainmhithe beo agus i dtáirgí ainmhithe agus lena n-aisghairtear Treoracha 85/358/CEE agus 86/469/CEE agus Cinntí 89/187/CEE agus 91/664/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 10).

E Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún an 16 Márta 2011 maidir le formheas pleananna arna gcur isteach ag tríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle (IO L 70, 17.3.2011, lch. 40).

TÍR	Deimhniú caighdeánach GBM

[3] [II.1.2I gcás éanlaith ghéim fhiáin neamhchluimhrithe agus neamh-dhí-innithe:

(a) fuaraíodh an fheoil ag 4 °C nó faoina bhun sin ar feadh tréimhse 10 lá ar a mhéad roimh an am allmhairithe beartaithe ach níor reodh ná níor domhainreodh í;

(b) rinne tréidlia oifigiúil cigireacht iarbháis ar shampla ionadaíoch ainmhithe ón bhfoinse chéanna. I gcás inar léiríodh sa chigireacht galar in-tarchurtha chuig duine nó aon saintréith lena léirítear gur riosca don tsláinte atá san fheoil, rinne an tréidlia oifigiúil seiceálacha breise ar an mbaisce iomlán sular dearbhaíodh go raibh an fheoil oiriúnach lena caitheamh ag an duine;

(c) sainaithníodh an fheoil trí mharc tionscnaimh oifigiúil a ghreamú, ar taifeadadh mionsonraí an mhairc sin i mbosca I.27.

II.2. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m"ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis an bhfeoil úr[1] ó éanlaith ghéim ar a dtugtar tuairisc sa deimhniú seo:

II.2.1. go bhfuarthas í sa chrios lena mbaineann an cód: ……[2] atá, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo:

(a) údaraithe agus liostaithe i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 [F] ón gCoimisiún chun feoil úr ó éanlaith ghéim teacht isteach san Aontas;

(b) ina ndéantar clár faireachais galair maidir leis an bhfliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le hAirteagal 145, pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún [G];

II.2.2. go bhfuarthas í sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1, nárbh ann d'aon srianta sláinte ainmhithe ann de dheasca ráig de fhliú éanúil ardphataigineach nó ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle sa tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta maraithe seamlais na héanlaithe géim;

II.2.3. go bhfuarthas í i mbunaíocht:

(a) nach raibh, tráth ullmhaithe na gconablach, faoi shrianta de dheasca ráig de fhliú éanúil ardphataigineach nó ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle nó faoi shrianta oifigiúla ar chúiseanna sláinte ainmhithe;

(b) laistigh d'achar de gha 10 km lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, críoch tíre comharsanaí, nárbh ann d'aon ráig de fhliú éanúil ardphataigineach ná d'ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle inti sa tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta fála na gconablach;

F Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

G Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad teacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379)

TÍR	Deimhniú caighdeánach GBM
	II.2.4. go bhfuarthas í ó ainmhithe nár thaispeáin comharthaí sóirt de ghalair in-tarchurtha tráth an mharaithe; II.2.5. nach bhfuarthas an fheoil ó ainmhithe a maraíodh faoi chlár náisiúnta maidir le díothú galar; II.2.6. go bhfuarthas an fheoil ó ainmhithe a maraíodh [an ___/___/____ (ll/mm/bbbb)][3][4] [idir ___/___/____(ll/mm/bbbb) agus ___/___/____ (ll/mm/bbbb)][3][4]; II.2.7. go bhfuarthas an fheoil ó chonablaigh: (a) a seoladh go díreach ó áit an mharaithe chuig bunaíocht láimhseála géim atá lonnaithe sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1; (b) a seoladh chuig an mbunaíocht láimhseála géim dá dtagraítear i bpointe (a) i modhanna iompair agus i gcoimeádáin: (i) a glanadh agus a díghalraíodh, le díghalrán atá údaraithe ag údarás inniúil na tíre nó na críche tionscnaimh, roimh luchtú na gconablach lena seoladh chuig an Aontas; (ii) a tógadh ar bhealach nár cuireadh stádas sláinte na gconablach i gcontúirt agus iad á n-iompar; (c) i rith an iompair chuig an mbunaíocht láimhseála géim dá dtagraítear i bpointe (a): (i) nach ndeachaigh trí thríú tír nó trí thríú críoch nó trí chrios di sin nach liostaítear le hAGHAIDH feoil úr ó éanlaith ghéim teacht isteach san Aontas; (ii) nach raibh aon teagmháil acu le hainmhithe ná le conablaigh ag a raibh stádas sláinte níos ísle; II.2.8. go ndearnadh an fheoil a dheighilt go docht ó fheoil úr nár chomhlíon na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe i dtaobh feoil úr ó éanlaith ghéim a theacht isteach san Aontas i rith oibríochtaí an mharaithe seamlais, an ghearrtha agus go dtí go ndearnadh: [3] *cibé acu* [rinneadh í a phacáistiú le hAGHAIDH stóráil bhreise;] [3] *nó* [a luchtú, mar fheoil úr neamhphacáistithe, ar na modhanna iompair lena seoladh chuig an Aontas;] II.2.9. seoltar í chuig an Aontas: (a) i modh iompair arna dhearadh, arna thógáil agus arna chothabháil agus bail air nach gcuirfear stádas sláinte na dtáirgí i mbaol dá bharr i rith iompar na dtáirgí chuig an Aontas; (b) a scaradh ó ainmhithe agus ó tháirgí de bhunadh ainmhíoch nach gcomhlíonann na ceanglais ábhartha maidir le sláinte ainmhithe i dtaca le teacht isteach san Aontas dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

TÍR	Deimhniú caighdeánach GBM

Nótaí

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Tá an deimhniú seo beartaithe le hAGHAIDH feoil úr ó éanlaith ghéim teacht isteach san Aontas, lena n-áirítear cásanna nach é an tAontas ceann scríbe deiridh an táirge sin.

Luaitear go sainráite sa teideal go n-eisiatar feoil mhionaithe agus feoil díchnámhaithe go meicniúil chun aon mhearbhall a sheachaint mar ní fhéadtar na táirgí sin a allmhairiú leis an deimhniú seo le hAGHAIDH feoil úr.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.8: Soláthair cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

Tagairt bhosca I.27: Tuairisc ar an gcoinsíneacht:

Cód CN: úsáid cód iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe um Thuairisciú (Cód HS) de chuid na hEagraíochta Domhanda Custaim: 02.08.90.

Tagairt bhosca I.27: "*Seamlas"*: bunaíocht láimhseála géim.

Cuid II:

(1) "Feoil úr" mar a shainmhínítear i bpointe 1.10 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

(2) Cód an chreasa i gcomhréir le colún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(3) Coimeád de réir mar is iomchuí.

(4) Ní cheadófar an fheoil seo teacht isteach san Aontas ach amháin má fuarthas an fheoil ó ainmhithe a maraíodh tar éis dháta údaraithe an chreasa dá dtagraítear i bpointe II.2.1 maidir le feoil úr ó éanlaith ghéim teacht isteach san Aontas, ná i dtréimhse ina raibh bearta srianta maidir le sláinte ainmhithe arna nglacadh ag an Aontas i bhfeidhm in aghaidh theacht isteach na feola ón gcrios sin, ná i dtréimhse inar cuireadh ar fionraí údarú an chreasa sin maidir leis an bhfeoil sin teacht isteach san Aontas.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta

Cáilíocht agus teideal

Stampa

Síniú"

(e) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chaibidlí 19 go 28:

"CAIBIDIL 19

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH LE HAGHAIDH UIBHEACHA LENA GCAITHEAMH AG AN DUINE A THEACHT ISTEACH SAN AONTAS (SAMHAIL E)

<table>
<tr><td colspan="2">TÍR</td><td colspan="4">Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil le hAGHAIDH an Aontais Eorpaigh</td></tr>
<tr><td rowspan="15">Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht</td><td>I.1 Coinsíneoir/Onnmhaireoir
Ainm
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td colspan="2">I.2 Tagairt an deimhnithe
I.3 Údarás Inniúil Lárnach
I.4 Údarás Inniúil Áitiúil</td><td>I.2a Tagairt CBFRO
CÓD QR</td></tr>
<tr><td>I.5 Coinsíní/Allmhaireoir
Ainm
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td colspan="3">I.6 An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht
Ainm
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.7 An tír thionscnaimh Cód tíre ISO</td><td colspan="3">I.9 An tír chinn scríbe Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.8 An réigiún tionscnaimh Cód</td><td colspan="3">I.10 An réigiún cinn scríbe Cód</td></tr>
<tr><td>I.11 Áit seolta
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td><td colspan="3">I.12 Ceann scríbe
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh
Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.13 Áit luchtaithe</td><td colspan="3">I.14 Dáta agus am imeachta</td></tr>
<tr><td rowspan="2">I.15 Modh iompair
□ Aerárthach □ Soitheach
□ Iarnród □ Feithicil bhóthair
Aitheantas</td><td colspan="3">I.16 Post Rialaithe Teorann Iontrála</td></tr>
<tr><td colspan="3">I.17 Doiciméid tionlacain
Saghas Cód
Tír Cód tíre ISO
Tagairt doiciméid tráchtála</td></tr>
<tr><td>I.18 Coinníollacha iompair</td><td>□ Comhthimpeallach</td><td>□ Fuaraithe</td><td>□ Reoite</td></tr>
<tr><td colspan="4">I.19 Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala
Uimh. an choimeádáin Uimhir shéala</td></tr>
<tr><td colspan="4">I.20 Deimhnithe mar nó le hAGHAIDH
□ Táirgí lena gcaitheamh ag an duine</td></tr>
<tr><td>I.21 □ Le hAGHAIDH iompair
Tríú tír Cód tíre ISO</td><td colspan="3">I.22 □ Le hAGHAIDH an mhargaidh inmheánaigh
I.23</td></tr>
</table>

I.24 Líon iomlán pacáistí	**I.25 Cainníocht iomlán**	**I.26 Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**

I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht						
Cód AC	Speicis	Fospeiceas/Catagóir				
		Fuar-stóras	Marc aitheantais			Glanmheáchan
				An líon pacáistí		Baiscuimhir
		An dáta bailithe/táirgthe		Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid		

TÍR **Deimhniú caighdeánach E**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt CBFRO**

II.1. **Fianú sláinte poiblí** [le scriosadh nuair nach é an tAontas ceann scríbe deiridh na n-uibheacha]

Dearbhaímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m"ainm anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar na ceanglais ábhartha de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [A], Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [B], Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [C] agus Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus deimhním leis seo go bhfuarthas na huibheacha ar a dtugtar tuairisc i gCuid I i gcomhréir leis na ceanglais sin, agus go háirithe:

II.1.1 go dtagann siad ó bhunaíocht(aí) ina gcuirtear ceanglais sláinteachais ghinearálta i bhfeidhm agus ina gcuirtear chun feidhme clár bunaithe ar phrionsabail na bpointí criticiúla rialaithe ar anailís guaise (HACCP) i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, ar a ndéanann na húdaráis inniúla iniúchadh go tráthrialta, agus a liostaítear mar bhunaíocht atá formheasta ag an Aontas Eorpach;

II.1.2 gur coimeádadh, gur stóráladh, gur iompraíodh agus gur seachadadh iad i gcomhréir leis na coinníollacha ábhartha a leagtar síos i Roinn X, Caibidil I d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(3)[II.1.3 comhlíonann siad ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 1688/2005 ón gCoimisiún [D] má tá siad beartaithe le hAGHAIDH na Fionlainne nó na Sualainne; nó ceanglais Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 427/2012 ón gCoimisiún [E] má tá siad beartaithe le hAGHAIDH na Danmhairge;]

II.1.4 go gcomhlíontar na ráthaíochtaí lena gcumhdaítear ainmhithe beo agus táirgí díobh dá bhforáiltear leis na pleananna iarmharacha arna dtíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle [F], agus go liostaítear uibheacha i gCinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún [G] maidir leis an tír thionscnaimh lena mbaineann;

A Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

B Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas earraí bia (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

C Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Samhain 2003 maidir le salmonella agus le hoibreáin zónóiseacha bhia-iompartha eile a rialú (IO L 325, 12.12.2003, lch. 1).

D Rialachán (CE) Uimh. 1688/2005 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2005 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ráthaíochtaí speisialta a bhaineann le salmonella le haghaidh coinsíneachtaí chuig an bhFionlainn agus chuig an tSualainn d'fheoil agus d'uibheacha áirithe (IO L 271, 15.10.2005, lch. 17).

E Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 427/2012 ón gCoimisiún an 22 Bealtaine 2012 maidir le leathnú ráthaíochtaí speisialta maidir le salmonella a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chuig uibheacha atá beartaithe don Danmhairg (IO L 132, 23.5.2012, lch. 8).

F Treoir 96/23/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 maidir le bearta chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe agus ar iarmhair na substaintí sin in ainmhithe beo agus i dtáirgí ainmhithe agus lena n-aisghairtear Treoracha 85/358/CEE agus 86/469/CEE agus Cinntí 89/187/CEE agus 91/664/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 10).

G Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún an 16 Márta 2011 maidir le formheas pleananna arna gcur isteach ag tríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle (IO L 70, 17.3.2011, lch. 40).

TÍR		Deimhniú caighdeánach E

II.1.5 gur táirgeadh iad faoi dhálaí lena ráthaítear comhlíontacht uasleibhéil na n-iarmhar le hAGHAIDH lotnaidicídí a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [H], agus na n-uasleibhéal le hAGHAIDH éilleán a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún [I];

II.1.6 comhlíonann siad na ceanglais in Airteagal 10(6) de Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003. Go háirithe:

(i) ní allmhaireofar uibheacha ó ealtaí béaróg inar braitheadh *Salmonella* spp. mar thoradh ar imscrúdú eipidéimeolaíoch ar ráig bhia-iompartha nó más rud é nár soláthraíodh aon ráthaíocht choibhéiseach mura marcáiltear na huibheacha mar uibheacha aicme B;

(ii) ní allmhaireofar uibheacha ó ealtaí béaróg nach eol a stádas sláinte, a bhfuil amhras ann go bhfuil siad ionfhabhtaithe ná ó ealtaí atá ionfhabhtaithe le *Salmonella enteritidis* agus/nó *Salmonella typhimurium* a bhfuil sprioc maidir le laghdú ina leith leagtha síos i reachtaíocht an Aontais agus nach gcuirtear i bhfeidhm ina leith faireachán atá coibhéiseach leis an bhfaireachán a leagtar síos sna ceanglais san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 517/2011 ón gCoimisiún [J], nó más rud é nár soláthraíodh aon ráthaíocht choibhéiseach mura marcáiltear na huibheacha mar uibheacha aicme B.

II.2. Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m"ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na huibheacha ar a dtugtar tuairisc sa deimhniú seo:

II.2.1. go dtagann siad ón gcrios le cód _ _ - _ [(1)] atá, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo:

(a) údaraithe agus liostaithe i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún [K] maidir le huibheacha teacht isteach san Aontas;

(b) ina ndéantar clár faireachais galair maidir leis an bhfliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le hAirteagal 158 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún [L];

H Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil d'iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

I Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2006 lena socraítear uasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe in earraí bia (IO L 364, 20.12.2006, lch. 5).

J Rialachán (AE) Uimh. 517/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sprioc de chuid an Aontais maidir le leitheadúlacht steiréitíopaí Salmonella áirithe a laghdú i mbéaróga Gallus gallus agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2160/2003 agus Rialachán (AE) Uimh. 200/2010 ón gCoimisiún (IO L 138, 26.5.2011, lch. 45).

K Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

L Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad teacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

TÍR	Deimhniú caighdeánach E

II. 2.2. go bhfuarthas iad ó ainmhithe a coimeádadh i mbunaíocht:

(a) atá cláraithe ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh, agus faoi rialú an údaráis sin agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid a choinneáil agus a choimeád, i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;

(b) ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn;

(c) nach raibh faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, tráth bailithe na n-uibheacha;

(d) nár tharla aon ráig de fhliú éanúil ardphataigineach ná d'ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle inti le linn na tréimhse 30 lá roimh dháta bailithe na n-uibheacha agus go dtí gur eisíodh an deimhniú seo;

(e) i bhfoisceacht 10 km di, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, críoch tíre comharsanaí, nárbh ann d'aon ráig de fhliú éanúil ardphataigineach ná d'ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle ar feadh 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe na n-uibheacha;

II.2.3. go bhfuarthas iad ó ainmhithe nár thaispeáin comharthaí sóirt de ghalair in-tarchurtha tráth an bhailithe;

II.2.4. bailíodh iad an ___/___/____ (ll/mm/bbbb) nó idir ___/___/____ (ll/mm/bbbb) agus ___/___/____ (ll/mm/bbbb)[2];

II.2.5. seoltar iad chuig an Aontas:

(a) i modh iompair arna dhearadh, arna thógáil agus arna chothabháil agus bail air nach gcuirfear stádas sláinte na n-uibheacha i mbaol dá bharr i rith iompar na dtáirgí óna n-áit tionscnaimh chuig an Aontas;

(b) a scaradh ó ainmhithe agus ó tháirgí de bhunadh ainmhíoch nach gcomhlíonann na ceanglais ábhartha maidir le sláinte ainmhithe i dtaca le teacht isteach san Aontas dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

Nótaí

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

TÍR **Deimhniú caighdeánach E**

Tá an deimhniú seo beartaithe le hAGHAIDH uibheacha éanlaithe clóis teacht isteach san Aontas, lena n-áirítear cásanna nach é an tAontas ceann scríbe deiridh na dtáirgí sin.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.8:	Soláthair cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.
Tagairt bhosca I.11:	Ainm, seoladh agus uimhir formheasa bhunaíocht an tseolta.
Tagairt bhosca I.15:	Léirigh cláruimhir/cláruimhreacha na vaigíní iarnróid agus na leoraithe, ainmneacha na soithí agus, más eol iad, uimhreacha eitilte na n-aerárthaí. I gcás iompair i gcoimeádáin, a gcláruimhir agus i gcás ina bhfuil sraithuimhir ar an séala, ní mór í a léiriú i mbosca I.19.
Tagairt bhosca I.27:	Tuairisc ar an gcoinsíneacht: "*Cód CN*": Úsáid cód 04.07 de Chóras Comhchuibhithe (CC) na hEagraíochta Domhanda Custaim.

Cuid II:

(1)	Cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.
(2)	Ní cheadófar na huibheacha seo teacht isteach san Aontas ach amháin má tá dáta nó dátaí bailithe na n-uibheacha tar éis dháta údaraithe an chreasa dá dtagraítear i bpointe II.2.1 maidir le huibheacha teacht isteach san Aontas, nó tar éis dáta i dtréimhse nach raibh bearta srianta maidir le sláinte ainmhithe a ghlac an tAontas i bhfeidhm lena linn in aghaidh uibheacha ón gcrios sin teacht isteach san Aontas, nó i rith tréimhse nach raibh údarú an chreasa sin maidir le teacht isteach na dtáirgí sin san Aontas curtha ar fionraí.
(3)	Scrios mura bhfuil sé beartaithe an choinsíneacht a theacht isteach sa tSualainn, san Fhionlainn ná sa Danmhairg.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta

Cáilíocht agus teideal

Stampa

Síniú

CAIBIDIL 20

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH LE HAGHAIDH TÁIRGÍ UIBHE LENA GCAITHEAMH AG AN DUINE A THEACHT ISTEACH SAN AONTAS (SAMHAIL EP)

<table>
<tr><td colspan="2">TÍR</td><td colspan="3"></td><td colspan="3">Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil le hAGHAIDH an Aontais Eorpaigh</td></tr>
<tr><td rowspan="11">Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht</td><td>I.1</td><td colspan="2">Coinsíneoir/Onnmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td><td>I.2</td><td>Tagairt an deimhnithe</td><td>I.2a Tagairt CBFRO

CÓD QR</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="2"></td><td>I.3</td><td>Údarás Inniúil Lárnach</td><td></td></tr>
<tr><td></td><td colspan="2"></td><td>I.4</td><td>Údarás Inniúil Áitiúil</td><td></td></tr>
<tr><td>I.5</td><td colspan="2">Coinsíní/Allmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td><td>I.6</td><td colspan="2">An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht
Ainm
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.7</td><td colspan="2">An tír thionscnaimh Cód tíre ISO</td><td>I.9</td><td colspan="2">An tír chinn scríbe Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.8</td><td colspan="2">An réigiún tionscnaimh Cód</td><td>I.10</td><td colspan="2">An réigiún cinn scríbe Cód</td></tr>
<tr><td>I.11</td><td colspan="2">Áit seolta
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td><td>I.12</td><td colspan="2">Ceann scríbe
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.13</td><td colspan="2">Áit luchtaithe</td><td>I.14</td><td colspan="2">Dáta agus am imeachta</td></tr>
<tr><td>I.15</td><td colspan="2">Modh iompair
□ Aerárthach □ Soitheach
□ Iarnród □ Feithicil bhóthair
Aitheantas</td><td>I.16</td><td colspan="2">Post Rialaithe Teorann Iontrála</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="2"></td><td>I.17</td><td colspan="2">Doiciméid tionlacain
Saghas Cód
Tír Cód tíre ISO
Tagairt doiciméid tráchtála</td></tr>
<tr><td>I.18</td><td colspan="2">Coinníollacha iompair □ Comhthimpeallach</td><td colspan="3">□ Fuaraithe □ Reoite</td></tr>
<tr><td>I.19</td><td colspan="5">Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala
Uimh. an choimeádáin Uimhir shéala</td></tr>
<tr><td>I.20</td><td colspan="5">Deimhnithe mar nó le hAGHAIDH
□ Táirgí lena gcaitheamh ag an duine</td></tr>
<tr><td>I.21</td><td colspan="2">□ Le hAGHAIDH iompair
Tríú tír Cód tíre ISO</td><td>I.22</td><td colspan="2">□ Le hAGHAIDH an mhargaidh inmheánaigh
I.23</td></tr>
</table>

I.24 Líon iomlán pacáistí	**I.25 Cainníocht iomlán**	**I.26 Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht		
Cód AC Speicis Fospeiceas/Catagóir		
Fuar-stóras	Marc aitheantais	Glanmheáchan
An dáta bailithe/táirgthe	Gléasra monaraíochta	

TÍR		Deimhniú caighdeánach EP
Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe** / **II.b Tagairt CBFRO**

II.1. Fianú sláinte poiblí [le scriosadh nuair nach é an tAontas ceann scríbe deiridh na dtáirgí uibhe]

Dearbhaímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m"ainm anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar na ceanglais ábhartha de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [A], Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [B], Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus deimhním leis seo go bhfuarthas na táirgí uibhe ar a dtugtar tuairisc sa deimhniú seo i gcomhréir leis na ceanglais sin, agus go háirithe:

II.1.1. go dtagann siad ó bhunaíocht(aí) ina gcuirtear ceanglais sláinteachais ghinearálta i bhfeidhm agus ina gcuirtear chun feidhme clár bunaithe ar phrionsabail na bpointí criticiúla rialaithe ar anailís guaise (HACCP) i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, ar a ndéanann na húdaráis inniúla iniúchadh go tráthrialta, agus a liostaítear mar bhunaíocht atá formheasta ag an Aontas Eorpach;

II.1.2. gur táirgeadh iad d'amhábhair lena gcomhlíontar ceanglais Roinn X, Caibidil II (II), d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

II.1.3. gur táirgeadh iad i gcomhréir leis na ceanglais maidir le sláinteachas a leagtar síos i Roinn X, Caibidlí II (I) agus (III), d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

II.1.4. go gcomhlíonann siad na sonraíochtaí anailíseacha a leagtar síos i Roinn X, Caibidil II (IV) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 agus na critéir ábhartha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún [C];

II.1.5. gur marcáladh iad le marc aitheantais i gcomhréir le Roinn I d'Iarscríbhinn II agus Roinn X, Caibidil II (V) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

II.1.6. go gcomhlíontar na ráthaíochtaí lena gcumhdaítear ainmhithe beo agus táirgí díobh dá bhforáiltear leis na pleananna iarmharacha arna dtíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle [D], agus go liostaítear uibheacha i gCinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún [E] maidir leis an tír thionscnaimh lena mbaineann;

A Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

B Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas earraí bia (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

C Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2005 maidir le critéir mhicribhitheolaíocha le haghaidh earraí bia (IO L 338, 22.12.2005, lch. 1).

D Treoir 96/23/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 maidir le bearta chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe agus ar iarmhair na substaintí sin in ainmhithe beo agus i dtáirgí ainmhithe agus lena n-aisghairtear Treoracha 85/358/CEE agus 86/469/CEE agus Cinntí 89/187/CEE agus 91/664/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 10).

E Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún an 16 Márta 2011 maidir le formheas pleananna arna gcur isteach ag tríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle (IO L 70, 17.3.2011, lch. 40).

TÍR	Deimhniú caighdeánach EP

II.1.7. gur táirgeadh iad faoi dhálaí lena ráthaítear comhlíontacht uasleibhéil na n-iarmhar le hAGHAIDH lotnaidicídí a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [F], agus na n-uasleibhéal le hAGHAIDH éilleán a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún [G].

II.2 Fianú sláinte ainmhithe

Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m"ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na táirgí uibhe ar a dtugtar tuairisc sa deimhniú seo:

II.2.1. go dtagann siad ón gcrios le cód _ _ - _ [(1)] atá, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo:

(a) údaraithe agus liostaithe i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún [H] maidir le táirgí uibhe teacht isteach san Aontas;

(b) ina ndéantar clár faireachais galair maidir leis an bhfliú éanúil ardphataigineach i gcomhréir le hAirteagal 160 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún [I];

II.2.2. gur ullmhaíodh iad ó uibheacha a fuarthas ó ainmhithe a dhéantar a choimeád i mbunaíochtaí:

(a) atá cláraithe ag údarás inniúil na tíre tionscnaimh nó na críche tionscnaimh, agus faoi rialú an údaráis sin agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid a choinneáil ar bun agus a choimeád i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún;

(b) ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn;

(c) nach raibh faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, tráth bailithe na n-uibheacha;

II.2.3. gur ullmhaíodh iad ó uibheacha a fuarthas ó ainmhithe a rinneadh a choimeád i mbunaíochtaí nár tharla aon ráig de fhliú éanúil ardphataigineach ná d'ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle iontu le linn na tréimhse 30 lá roimh dháta bailithe na n-uibheacha agus go dtí gur eisíodh an deimhniú seo, agus:

F Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil d'iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

G Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2006 lena socraítear uasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe in earraí bia (IO L 364, 20.12.2006, lch. 5).

H Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

I Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad teacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

TÍR	Deimhniú caighdeánach EP
	[3]*cibé acu* [(a) i bhfoisceacht 10 km di, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, críoch tíre comharsanaí, nárbh ann d'aon ráig de fhliú éanúil ardphataigineach ar feadh 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe na n-uibheacha;]
	[3]*nó* [(a) rinneadh an chóireáil seo a leanas ar na táirgí uibhe:
	[3]*cibé acu* [cóireáladh gealacán uibhe leachtach:
	[3]*cibé acu* [ag 55.6 °C ar feadh 870 soicind;]
	[3]*nó* [ag 56.7 °C ar feadh 232 shoicind;]]
	[3]nó [cóireáladh buíocáin a bhí 10 % saillte ag 62.2 °C ar feadh 138 soicind;]
	[3]*nó* [cóireáladh gealacán uibhe triomaithe:
	[3]*cibé acu* [ag 67 °C ar feadh 20 uair an chloig;]
	[3]*nó* [ag 54.4 °C ar feadh 50,4 uair an chloig;]]
	[3]*nó* [maidir le huibheacha iomlána:
	[3]*cibé acu* [cóireáladh ag 60 °C ar feadh 188 soicind iad;]
	[3]*nó* [rinneadh iad a chócaráil go hiomlán;]]
	[3]*nó* [maidir le cumaisc uibheacha iomlána:
	[3]*cibé acu* [cóireáladh ag 60 °C ar feadh 188 soicind iad;]
	[3]*nó* [cóireáladh ag 61.1 °C ar feadh 94 shoicind iad;]
	[3]*nó* [rinneadh iad a chócaráil go hiomlán;]]]
	[3]*cibé acu* [(b) i bhfoisceacht 10 km di, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, críoch tíre comharsanaí, nárbh ann d'aon ráig d'ionfhabhtú víreas ghalar Newcastle ann laistigh de thréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe na n-uibheacha;]
	[3]*nó* [(b) rinneadh an chóireáil seo a leanas ar na táirgí uibhe:
	[3]*cibé acu* [cóireáladh gealacán uibhe leachtach:
	[3]*cibé acu* [ag 55 °C ar feadh 2 278 soicind;]
	[3]*nó* [ag 57 °C ar feadh 986 shoicind;]
	[3]*nó* [ag 59 °C ar feadh 301 soicind;]]
	[3]*nó* [cóireáladh buíocáin a bhí 10 % saillte ag 55 °C ar feadh 176 shoicind;]
	[3]*nó* [cóireáladh gealacán uibhe triomaithe ag 57 °C ar feadh 50,4 uair an chloig;]
	[3]*nó* [maidir le huibheacha iomlána:
	[3]*cibé acu* [cóireáladh ag 55 °C ar feadh 2 521 soicind iad;]
	[3]*nó* [cóireáladh ag 57 °C ar feadh 1 596 shoicind iad;]
	[3]*nó* [cóireáladh ag 59 °C ar feadh 674 shoicind iad;]
	[3]*nó* [rinneadh iad a chócaráil go hiomlán;]]]

TÍR	Deimhniú caighdeánach EP

II.2.4. táirgí ab ea iad ó uibheacha a fuarthas ó ainmhithe nár thaispeáin comharthaí sóirt de ghalair in-tarchurtha tráth bailithe na n-uibheacha;

II.2.5. táirgeadh iad an ___/___/____ (ll/mm/bbbb) nó idir ___/___/____ (ll/mm/bbbb) agus ___/___/____ (ll/mm/bbbb)[2];

II.2.6. seoltar iad chuig an Aontas:

(a) i modh iompair arna dearadh, arna tógáil agus arna cothabháil agus bail uirthi nach gcuirfear stádas sláinte na dtáirgí uibhe i mbaol dá barr i rith iompar na dtáirgí óna n-áit tionscnaimh chuig an Aontas;

(b) a scaradh ó ainmhithe agus ó tháirgí de bhunadh ainmhíoch nach gcomhlíonann na ceanglais ábhartha maidir le sláinte ainmhithe i dtaca le teacht isteach san Aontas dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692.

Nótaí

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Tá an deimhniú seo beartaithe le hAGHAIDH teacht isteach táirgí uibhe san Aontas, lena n-áirítear cásanna nach é an tAontas ceann scríbe deiridh na dtáirgí sin.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.8: Soláthair cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

Tagairt bhosca I.27: Tuairisc ar an gcoinsíneacht:

Cód CN: Úsáid cód iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe um Thuairisciú (Cód HS) de chuid na hEagraíochta Domhanda Custaim: 04.07, 04.08, 21.06, 35.02 nó 35.07.

Cuid II:

(1) Cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(2) Ní cheadófar teacht isteach na dtáirgí uibhe seo san Aontas ach amháin má tá an dáta táirgthe nó na dátaí táirgthe tar éis dháta údaraithe an chreasa dá dtagraítear i bpointe II.2.1 maidir le teacht isteach táirgí uibhe san Aontas, nó tar éis dáta i dtréimhse nach raibh bearta srianta maidir le sláinte ainmhithe a ghlac an tAontas i bhfeidhm lena linn in aghaidh theacht isteach na dtáirgí sin ón gcrios sin, ná i dtréimhse nár cuireadh ar fionraí údarú an chreasa sin lena linn maidir le teacht isteach na dtáirgí sin san Aontas.

(3) Coimeád de réir mar is iomchuí.

Tréidlia oifigiúil

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta | Cáilíocht agus teideal

Stampa | Síniú

CAIBIDIL 21

DEIMHNIÚ OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH LE HAGHAIDH TEACHT ISTEACH FEOLA ÚIRE LEIPIRIDEACH FIÁIN (COINÍNÍ AGUS GIORRIACHA) LENA GCAITHEAMH AG AN DUINE SAN AONTAS, CÉ IS MOITE D'FHEOIL MHIONAITHE, FEOIL AGUS SCAIRTEACH ATÁ DÍCHNÁMHAITHE GO MEICNIÚIL ACH AMHÁIN LEPORIDAE NEAMHFHEANNTA AGUS NEAMH-DHÍ-INNITHE (SAMHAIL WL)

TÍR				**Deimhniú oifigiúil don Aontas Eorpach**		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2**	**Tagairt an deimhnithe**	**I.2a** **Tagairt CBFRO** **CÓD QR**
				I.3	**Údarás Inniúil Lárnach**	
				I.4	**Údarás Inniúil Áitiúil**	
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe**	Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**	Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**	
	I.15	**Modh iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16**	**Post Rialaithe Teorann Iontrála**	
				I.17	**Doiciméid tionlacain** Saghas Tír Tagairt doiciméid tráchtála	Cód Cód tíre ISO
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe		□ Reoite
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala		

I.20	**Deimhnithe mar nó le hAGHAIDH**				
	□ Táirgí lena gcaitheamh ag an duine				
I.21			**I.22** □ **Le hAGHAIDH an mhargaidh inmheánaigh**		
			I.23		
I.24	**Líon iomlán pacáistí**		**I.25**	**Cainníocht iomlán**	**I.26** **Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**
I.27	**Tuairisc ar an gcoinsíneacht**				
Cód AC	Speicis	Fuar-stóras	Marc aitheantais	Cineál pacáistíochta	Glanmheáchan
Seamlas		Cineál cóireála	Cineál an tráchtearra	An líon pacáistí	Baiscuimhir
□ Tomhaltó ir deiridh		An dáta bailithe/táirgthe	Gléasra monaraíochta	Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	

TÍR **Deimhniú caighdeánach WL**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt CBFRO**

II.1. Fianú sláinte poiblí

Dearbhaímse, a bhfuil m"ainm anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar na ceanglais ábhartha de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [A], Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [B], Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 [C] ón gCoimisiún agus deimhním leis seo go bhfuarthas an fheoil úr[(2)] leipirideach fiáin (coiníní agus giorriacha) ar a dtugtar tuairisc i gCuid I i gcomhréir leis na ceanglais sin agus, go háirithe:

(a) go dtagann an fheoil ó bhunaíocht(aí) ina gcuirtear ceanglais sláinteachais ghinearálta i bhfeidhm agus ina gcuirtear clár chun feidhme bunaithe ar phrionsabail na bpointí criticiúla rialaithe ar anailís guaise (HACCP) i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, ar a ndéanann na húdaráis inniúla iniúchadh tráthrialta, agus a liostaítear mar bhunaíocht atá formheasta ag an Aontas Eorpach;

(b) go bhfuarthas an fheoil i gcomhréir le Roinn IV, Caibidlí I agus III, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(c) go bhfuarthas an fheoil a bheith oiriúnach lena caitheamh ag an duine tar éis cigireacht iarbháis a rinneadh i gcomhréir le hAirteagail 12 go 14, 28, 33 agus 37 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 agus le hAirteagail 7 agus 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624;

(d) gur marcáladh an pacáiste feola le marc aitheantais i gcomhréir le Roinn I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

[(1)] *cibé acu* [(e) i gcás feola ó leipiridigh fhiáine fheannta agus dhí-innithe, go bhfuarthas agus go ndearnadh cigireacht ar an bhfeoil i gcomhréir le Rialacháin (CE) Uimh. 853/2004, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624;]

A Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

B Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas earraí bia (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

C Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún an 15 Márta 2019 lena leagtar síos socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún maidir le rialuithe oifigiúla (IO L 131, 17.5.2019, lch. 51).

TÍR	Deimhniú caighdeánach WL
	[(1) *nó* [(e) i gcás leipirideach fiáin neamhfheannta agus neamh-dhí-innithe: - gur fuaraíodh an fheoil ag +4 °C nó faoina bhun sin ar feadh 15 lá ar a mhéad roimh an am allmhairithe beartaithe ach nár reodh ná nár domhainreodh í; - go ndearna tréidlia oifigiúil cigireacht sláinte ar shampla ionadaíoch de na coirp agus go bhfuarthas agus go ndearnadh cigireacht ar an bhfeoil i gcomhréir le Rialacháin (CE) Uimh. 853/2004 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627; - gur sainaithníodh an fheoil trí mharc tionscnaimh oifigiúil a ghreamú, ar taifeadadh mionsonraí an mhairc sin i mbosca I.27;] (f) go gcomhlíontar na ráthaíochtaí lena gcumhdaítear ainmhithe beo agus táirgí díobh dá bhforáiltear leis na pleananna iarmharacha arna dtíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle [D], agus go liostaítear na hainmhithe agus na táirgí lena mbaineann i gCinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún [E] maidir leis an tír thionscnaimh lena mbaineann; (g) gur stóráladh agus gur iompraíodh an fheoil i gcomhréir le ceanglais Roinn IV, Caibidil III, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004; (h) go bhfuarthas an fheoil ó leipiridigh a iompraíodh, tar éis a maraithe, laistigh de 12 uair an chloig chuig lárionad bailithe agus/nó bunaíocht láimhseála géim fhormheasta lena fuarú. **Nótaí** I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo. Luaitear go sainráite sa teideal go n-eisiatar feoil mhionaithe, feoil agus scairteach díchnámhaithe go meicniúil ach amháin i dtaca le leipiridigh neamhfheannta agus neamh-dhí-innithe, chun aon mhearbhall a sheachaint mar ní fhéadtar na táirgí sin a allmhairiú agus an deimhniú seo le hAGHAIDH feoil úr á úsáid. Líonfar isteach an deimhniú oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235. **Cuid I:** Tagairt bhosca I.7: Ainm na tíre tionscnaimh nach mór gurb ionann é agus an tír onnmhairiúcháin. Tagairt bhosca I.11: Ainm, seoladh agus uimhir formheasa bhunaíocht an tseolta. Tagairt bhosca I.12: I gcás nach mór cigireacht iarbháis a dhéanamh ar an bhfeoil tar éis a feannta, ní mór ainm agus seoladh bhunaíocht láimhseála géim an chinn scríbe sa Bhallstát a chur isteach.

	II.2.6.2. ní iompraítear na hainmhithe faoi dhálaí lena gcuirtear a stádas sláinte i mbaol, go háirithe: (i) i gcás ina n-iomprófar na hainmhithe in uisce, ní athrófar a stádas sláinte; (ii) tógadh na modhanna iompair agus na coimeádáin ar bhealach nach gcuirfear stádas sláinte na n-ainmhithe uisceacha i mbaol le linn a n-iompair; (iii) maidir leis [4][an gcoimeádán] [4][an mbád umair] [4][nár úsáideadh roimhe é] [4][glanadh agus díghalraíodh é i gcomhréir le prótacal agus le táirgí atá formheasta ag údarás inniúil [4][an tríú tír] [4][an tríú críoch] thionscnaimh, sular luchtaíodh lena sheoladh chuig an Aontas é]; II.2.6.3. ón am luchtaithe ag an mbunaíocht tionscnaimh go dtí an t-am teachta san Aontas, nach n-iompraítear na hainmhithe sa choinsíneacht san uisce céanna nó [4][sa choimeádán] [4][sa bhád umair] céanna in éineacht le hainmhithe uisceacha ag a bhfuil stádas sláinte níos ísle nó nach bhfuil beartaithe le teacht isteach san Aontas; II.2.6.4. i gcás inar gá uisce a mhalartú [4][i dtír][4][i gcríoch] [4][i gcrios] [4][i ndeighleog] atá liostaithe maidir le teacht isteach speiceas áirithe agus chatagóir áirithe na n-ainmhithe uisceacha san Aontas, nach dtarlaíonn sé sin ach amháin [4][i gcás iompair ar an talamh, ag pointí malartaithe uisce atá formheasta ag údarás inniúil [4] [an tríú tír] [4][an tríú críoch] mar a dtarlaíonn an malartú uisce] [4][i gcás iompair ar bhád umair, ag achar atá 10 km ar a laghad ó aon bhunaíocht dobharshaothraithe atá lonnaithe ar an tslí ón áit tionscnaimh chuig an gceann scríbe san Aontas]. **II.2.7. Ceanglais maidir le lipéadú** II.2.7.1. Rinneadh socruithe maidir leis [4][na modhanna iompair] [4][na coimeádáin] a shainaithint agus a lipéadú i gcomhréir le hAirteagal 169 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus go sonrach go sainaithnítear an choinsíneacht [4][le lipéad inléite infheicthe ar thaobh amuigh an choimeádáin] [4][le hiontráil i lastliosta na loinge agus í á hiompar ar bhád umair], lena nasctar an choinsíneacht go soiléir leis an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo; [4][II.2.7.2. I gcás ainmhithe uisceacha, tá an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad ar an lipéad inléite infheicthe dá dtagraítear i bpointe II.2.7.1.: (a) líon na gcoimeádán sa choinsíneacht; (b) ainm an speicis atá i ngach coimeádán; (c) líon na n-ainmhithe i ngach coimeádán i dtaca le gach ceann de na speicis atá ann; (d) ráiteas lena ndeirtear: [4]("moilisc bheo lena gcaitheamh ag an duine san Aontas Eorpach") [4]("crústaigh bheo lena gcaitheamh ag an duine san Aontas Eorpach").]

TÍR	Deimhniú caighdeánach FISH-CRUST-HC

[4][II.2.7.3. I gcás táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha seachas ainmhithe uisceacha beo, tá ceann de na ráitis seo a leanas ar a laghad ar an lipéad inléite infheicthe dá dtagraítear i bpointe II.2.7.1.:

(a) "éisc a bhfuil sé beartaithe tuilleadh próiseála a dhéanamh orthu san Aontas Eorpach roimh a gcaitheamh ag an duine";

(b) "crústaigh a bhfuil sé beartaithe tuilleadh próiseála a dhéanamh orthu san Aontas Eorpach roimh a gcaitheamh ag an duine".]

II.2.8. Bailíocht an deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúil

Tá an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo bailí ar feadh 10 lá tar éis dháta a eisiúna. I gcás ina n-iomprófar ainmhithe uisceacha ar uiscebhealach/ar muir, féadfar síneadh a chur leis an tréimhse 10 lá sin ar feadh an turais ar uiscebhealach/ar muir.

Nótaí

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Tá an deimhniú seo beartaithe le hAGHAIDH iasc beo, crústach beo agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó na hainmhithe sin teacht isteach san Aontas, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe deiridh ainmhithe uisceacha den sórt sin agus a dtáirgí.

"Ainmhithe uisceacha" is ea ainmhithe mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (3), de Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. "Ainmhithe dobharshaothraithe" is ea ainmhithe uisceacha atá faoi réir dobharshaothrú faoi mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (7) de Rialachán (AE) 2016/429.

Maidir le hainmhithe uisceacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha seachas ainmhithe uisceacha beo, a bhfuil feidhm ag Cuid II.2.4. den deimhniú seo maidir leo, ní mór dóibh a bheith de thionscnamh tíre/críche/creasa/deighleoige atá ar cholún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

Níl **feidhm ag** Cuid II.2.4. den deimhniú maidir leis na crústaigh agus na héisc seo a leanas, agus féadfaidh siad dá bhrí sin a bheith de thionscnamh tíre nó réigiúin, a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405:

(a) crústaigh a dhéantar a phacáistiú agus a lipéadú lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir leis na ceanglais shonracha maidir leis na hainmhithe sin mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 agus nach féidir leo fanacht beo a thuilleadh mar ainmhithe beo má chuirtear ar ais chuig an timpeallacht uisce iad,

(b) crústaigh lena gcaitheamh ag an duine gan tuilleadh próiseála, ar choinníoll go ndéantar iad a phacáistiú lena miondíol i gcomhréir leis na ceanglais shonracha maidir leis na pacáistí sin mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004,

(c) crústaigh a dhéantar a phacáistiú agus a lipéadú lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir leis na ceanglais shonracha maidir leis na hainmhithe sin mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 agus a bhfuil sé beartaithe tuilleadh próiseála a dhéanamh orthu gan stóráil shealadach ag an áit phróiseála.

(d) éisc a ndéantar marú seamlais agus dí-inniu orthu roimh sheoladh dóibh.

Tá feidhm ag an deimhniú sin maidir le táirgí ar de bhunadh ainmhíoch iad agus maidir le hainmhithe uisceacha beo lena n-áirítear iad siúd arb í bunaíocht rialaithe galar do bhia uisceach a gceann scríbe mar a shainmhínítear í in Airteagal 4, pointe 52, de Rialachán (AE) 2016/429 atá beartaithe lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir le Roinn VII d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235.

TÍR	Deimhniú caighdeánach FISH-CRUST-HC
	Cuid I: Tagairt bhosca I.20: Cuir tic le "*Tionscal cannadóireachta*" maidir le héisc iomlána a reoitear faoi sháile ar dtús ag -9 °C nó ag teocht is airde ná -18 °C agus a bhfuil sé beartaithe iad a chur i gcannaí i gcomhréir le ceanglais Roinn VIII, Caibidil I, pointe II(7) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. Cuir tic le "*Táirgí lena gcaitheamh ag an duine*" nó *"Tuilleadh próiseála"* maidir leis na cásanna eile. Tagairt bhosca I.27: Cuir có(i)d iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe um Thuairisciú (HS) isteach agus ceannteidil á n-úsáid amhail: 0301, 0302, 0303, 0304, 0305, 0306, 0307, 0308, 0511, 1504, 1516, 1518, 1603, 1604, 1605 nó 2106. Tagairt bhosca I.27: Tuairisc ar an gcoinsíneacht: "*Cineál an tráchtearra"*: Sonraigh cibé acu an de bhunadh dobharshaothraithe nó de bhunadh fiáin iad. "*Cineál cóireála"*: Sonraigh cibé acu beo, fuaraithe, reoite nó próiseáilte. "*Gléasra monaraíochta"*: lena n-áirítear soitheach monarchan, soitheach-reoiteoir, soithí cuisnithe, fuar-stóras agus monarcha phróiseála. **Cuid II:** (1) Níl feidhm ag Cuid II.1. den deimhniú seo maidir le tíortha ag a bhfuil ceanglais speisialta maidir le deimhniú sláinte poiblí a leagtar síos i gcomhaontuithe coibhéise nó i reachtaíocht eile AE. (2) Níl feidhm ag Cuid II.2. den deimhniú seo agus ba cheart í a scriosadh i gcás ina bhfuil an méid seo a leanas sa choinsíneacht: (a) speicis seachas iad siúd a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún [N]; nó (b) ainmhithe uisceacha fiáine agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó na hainmhithe uisceacha sin a thugtar i dtír le soithí iascaireachta lena gcaitheamh ag an duine; nó (c) táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha seachas ainmhithe uisceacha beo a thagann isteach san Aontas agus iad réidh lena gcaitheamh go díreach ag an duine. (3) Speicis a liostaítear i gcolúin 3 agus 4 sa tábla den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún. Ní mheasfar gur veicteoirí na speicis a liostaítear i gcolún 4 ach amháin faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 171 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692. (4) Coimeád mar is iomchuí/scrios murab infheidhme. I gcás Chuid II.2.4.1, ní cheadaítear scriosadh más ann sa choinsíneacht de speicis atá liostaithe i dtaca le Neacróis fhuilghinte eipeasótach, Ionfhabhtú Víreas shiondróm Taura nó Ionfhabhtú víreas na gceann buí, seachas i gcás na gcoinníollacha dá dtagraítear i bhfonóta (6). (5) Cód an tríú tír/tríú críche/an chreasa/na deighleoige mar atá i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún. (6) Níl feidhm le Codanna II.2.3.1, II.2.3.2 ná le Cuid II.2.4. den deimhniú seo agus ba cheart iad a scriosadh mura bhfuil ach na crústaigh nó na héisc seo a leanas sa choinsíneacht: (a) crústaigh a dhéantar a phacáistiú agus a lipéadú lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir leis na ceanglais shonracha maidir leis na hainmhithe sin a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 agus nach féidir leo fanacht beo a thuilleadh mar ainmhithe beo má chuirtear ar ais chuig an timpeallacht uisce iad, (b) crústaigh lena gcaitheamh ag an duine gan tuilleadh próiseála, ar choinníoll go ndéantar iad a phacáistiú lena miondíol i gcomhréir leis na ceanglais maidir leis na pacáistí sin a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, (c) crústaigh a dhéantar a phacáistiú agus a lipéadú lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir leis na ceanglais shonracha maidir leis na hainmhithe sin a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 agus a bhfuil sé beartaithe tuilleadh próiseála a dhéanamh orthu gan stóráil shealadach ag an áit phróiseála, (d) éisc a ndéantar marú seamlais agus dí-inniu orthu roimh sheoladh dóibh.

N Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le cur i bhfeidhm rialacha áirithe maidir le galair a chosc agus a rialú ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a chruthaíonn baol suntasach do leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21).

TÍR	Deimhniú caighdeánach FISH-CRUST-HC
	(7) Tá sé seo infheidhme nuair is amhlaidh atá stádas saor ó ghalar ag an mBallstát cinn scríbe san Aontas le hAGHAIDH ghalar chatagóir C mar a shainmhínítear i bpointe (3) d'Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882, nó nuair atá an Ballstát faoi réir clár díothúcháin roghnach a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 31(2) de Rialachán (AE) 2016/429, scrios murab amhlaidh sin. (8) Tá sé seo infheidhme i gcás ina bhfuil bearta náisiúnta formheasta ag an mBallstát cinn scríbe nó cuid de, san Aontas i dtaca le galar sonrach mar a liostaítear in Iarscríbhinn I nó Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 ón gCoimisiún [O], scrios murab amhlaidh sin (9) Speicis shoghabhálacha dá dtagraítear sa dara colún den tábla in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260. (10) le síniú ag: — tréidlia oifigiúil nuair nach mbeidh cuid II.2 Fianú sláinte ainmhithe scriosta – — oifigeach deimhniúcháin nó tréidlia oifigiúil nuair a bheidh Cuid II.2 Fianú sláinte ainmhithe scriosta.
	[Tréidlia oifigiúil] [4][10]/[Oifigeach deimhniúcháin][4][10] Ainm (i gceannlitreacha) Dáta — Cáilíocht agus teideal Stampa — Síniú

[O] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2021 lena bhformheastar bearta náisiúnta arna gceapadh chun an tionchar a bhíonn ag galair áirithe ainmhithe uisceacha a theorannú i gcomhréir le hAirteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/221/AE ón gCoimisiún (IO L 59, 19.2.2021, lch. 1).”

(e) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chaibidlí 30 go 38:

"CAIBIDIL 30

DEIMHNIÚ OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH LE HAGHAIDH TÁIRGÍ IASCAIGH TEACHT ISTEACH SAN AONTAS NÓ TÁIRGÍ IASCAIGH ATÁ DÍORTHAITHE Ó MHOILISC DHÉBHLAOSCACHA ATÁ BEARTAITHE LENA GCAITHEAMH AG AN DUINE TEACHT ISTEACH SAN AONTAS GO DÍREACH Ó SHOITHEACH CUISNITHE, SOITHEACH-REOITEOIR NÓ SOITHEACH MONARCHAN A bhFUIL BRATACH TRÍÚ TÍR AR FOLUAIN AIGE DÁ BHFORÁILTEAR IN AIRTEAGAL 11(3) DE RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2019/625 (SAMHAIL FISH/MOL-CAP)

<table>
<tr><td colspan="2">TÍR</td><td colspan="3"></td><td colspan="4">Deimhniú oifigiúil don Aontas Eorpach</td></tr>
<tr><td rowspan="11">Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht</td><td>I.1</td><td colspan="2">Coinsíneoir/Onnmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Cód tíre ISO</td><td>I.2</td><td>Tagairt an deimhnithe

I.3 Údarás Inniúil Lárnach
I.4 Údarás Inniúil Áitiúil</td><td>I.2a Tagairt CBFRO

CÓD QR</td></tr>
<tr><td>I.5</td><td colspan="3">Coinsíní/Allmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Cód tíre ISO</td><td colspan="2">I.6 An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.7</td><td colspan="2">An tír thionscnaimh</td><td>Cód tíre ISO</td><td>I.9</td><td>An tír chinn scríbe</td><td>Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.8</td><td colspan="2">An réigiún tionscnaimh</td><td>Cód</td><td>I.10</td><td>An réigiún cinn scríbe</td><td>Cód</td></tr>
<tr><td>I.11</td><td colspan="2">Áit seolta
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Uimh. Chlárúcháin/Formheasa

Cód tíre ISO</td><td>I.12</td><td>Ceann scríbe
Ainm
Seoladh

Tír</td><td>Uimh. Chlárúcháin/Formheasa

Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.13</td><td colspan="3"></td><td>I.14</td><td>Dáta agus am imeachta</td><td></td></tr>
<tr><td></td><td colspan="3"></td><td>I.16</td><td>Post Rialaithe Teorann Iontrála</td><td></td></tr>
<tr><td>I.15</td><td colspan="3"></td><td>I.17</td><td>Doiciméid tionlacain
Saghas
Tír
Tagairt doiciméid tráchtála</td><td>Cód
Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.18</td><td colspan="3"></td><td colspan="3"></td></tr>
<tr><td>I.19</td><td colspan="3"></td><td colspan="3"></td></tr>
</table>

I.20	Deimhnithe mar nó le hAGHAIDH		
	□ Táirgí lena gcaitheamh ag an duine	□ Tionscal cannadóireachta	□ Tuilleadh próiseála

I.21	I.22 □ Le hAGHAIDH an mhargaidh inmheánaigh
	I.23

I.24 Líon iomlán pacáistí	I.25 Cainníocht iomlán	I.26 Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán

I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht							
Cód AC	Speicis	□ Tomhaltóir deiridh An dáta bailithe/táirgthe	An líon pacáistí	Glanmheáchan	Baiscuimhir Marc aitheantais	Cineál pacáistíochta	Cineál cóireála

TÍR **Deimhniú caighdeánach FISH/MOL-CAP**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt CBFRO**

II.1 Fianú sláinte poiblí

Dearbhaímse, a bhfuil m"ainm anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar na ceanglais ábhartha de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [A], Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [B], Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus deimhním leis seo maidir leis na táirgí iascaigh nó na táirgí iascaigh a dhíorthaítear ó mhoilisc dhébhlaoscacha bheo/eicínideirmigh bheo, túinicigh bheo/gastrapóid mhuirí bheo ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

(a) gur táirgeadh iad i gcomhréir leis na ceanglais sin, go háirithe go bhfuil an soitheach ar liosta na soithí óna gceadaítear allmhairí chuig an Aontas (agus iad "AE-liostaithe"):

(b) go gcuireann an soitheach ceanglais sláinteachais ghinearálta i bhfeidhm, go gcuirtear chun feidhme clár bunaithe ar phrionsabail na bpointí criticiúla rialaithe ar anailís guaise (HACCP) i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, ar a ndéanann na húdaráis inniúla iniúchadh go tráthrialta, agus a liostaítear mar bhunaíocht atá formheasta ag an Aontas Eorpach;

(c) gur gabhadh agus gur láimhseáladh na táirgí iascaigh nó na táirgí iascaigh a dhíorthaítear ó mhoilisc dhébhlaoscacha bheo/eicínideirmigh bheo/túinicigh bheo/gastrapóid mhuirí bheo ar bord soithí, a tugadh i dtír, a láimhseáladh agus i gcás inarb iomchuí a ullmhaíodh, a próiseáladh, a reodh agus a dí-reodh ar bhonn sláinteach i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i Roinn VIII, Caibidlí I go IV, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. Baineadh ionathar agus codanna a d'fhéadfadh baol don tsláinte phoiblí a chruthú amach a thapa agus ab fhéidir agus coimeádadh iad amach ó tháirgí atá lena gcaitheamh ag an duine;

(d) go gcomhlíonann na táirgí iascaigh nó na táirgí iascaigh a dhíorthaítear ó mhoilisc dhébhlaoscacha bheo/eicínideirmigh bheo/thúinicigh bheo/ghastrapóid mhuirí bheo na caighdeáin sláinte a leagtar síos i Roinn VIII, Caibidil V d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 [comhlíonann na caighdeáin sláinte a leagtar síos i Roinn VII, Caibidil V d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004] (scrios de réir mar is iomchuí) agus, i gcás inarb iomchuí, na critéir a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún [C];

(e) gur pacáistíodh, gur stóráladh agus gur iompraíodh na táirgí iascaigh nó na táirgí iascaigh a dhíorthaítear ó mhoilisc dhébhlaoscacha bheo/eicínideirmigh bheo/thúinicigh bheo/ghastrapóid mhuirí bheo i gcomhréir le Roinn VIII, Caibidlí VI go VIII d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

A Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

B Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas earraí bia (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

C Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2005 maidir le critéir mhicribhitheolaíocha le haghaidh earraí bia (IO L 338, 22.12.2005, lch. 1).

TÍR	Deimhniú caighdeánach FISH/MOL-CAP

(f) gur marcáladh na táirgí iascaigh nó na táirgí iascaigh a dhíorthaítear ó mhoilisc dhébhlaoscacha bheo/eicínideirmigh bheo/thúinicigh bheo/ghastrapóid mhuirí bheo i gcomhréir le Roinn I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(g) i gcás Pectinidae, gastrapóid mhara, agus Holothuroidea nach scagbheathóirí iad a bhaintear lasmuigh de limistéir tháirgthe aicmithe, go gcomhlíonann siad na ceanglais shonracha a leagtar síos i Roinn VII, Caibidil IX d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(h) go gcomhlíonann na táirgí iascaigh na ráthaíochtaí lena gcumhdaítear ainmhithe beo agus táirgí díobh, más de bhunadh dobharshaothraithe iad, dá bhforáiltear leis na pleananna iarmharacha arna dtíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle [D], agus go liostaítear na hainmhithe agus na táirgí lena mbaineann i gCinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún [E] maidir leis an tír thionscnaimh lena mbaineann;

(i) gur táirgeadh na táirgí iascaigh faoi dhálaí lena ráthaítear comhlíontacht na n-uasleibhéal le hAGHAIDH éilleán a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún [F]; agus

(j) gur coimeádadh táirgí iascaigh reoite nó táirgí iascaigh a dhíorthaítear ó mhoilisc dhébhlaoscacha bheo/eicínideirmigh bheo/thúinicigh bheo/ghastrapóid mhuirí bheo ag teocht nach mó ná -18 °C i ngach cuid den táirge. Maidir le héisc iomlána a reoitear faoi sháile ar dtús agus atá beartaithe chun bia stánaithe a tháirgeadh, féadfar iad a choinneáil ag teocht nach mó ná -9 °C.

Nótaí

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.2:	Uimhir uathúil dhoiciméid de réir d'aicmiúcháin féin.
Tagairt bhosca I.5:	Ainm agus seoladh (sráid, baile agus cód poist) an duine fhisiciúil nó dhlítheanaigh dá ndéantar an choinsíneacht a allmhairiú chuige go díreach sa Bhallstát cinn scríbe.
Tagairt bhosca I.7:	An tír a bhfuil a bratach ar foluain ag an soitheach a bhfuil an doiciméad seo á eisiúint aige.
Tagairt bhosca I.11:	Ainm agus uimhir formheasa an tsoithigh mar a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625 ón gCoimisiún [G] óna ndéantar na táirgí iascaigh a allmhairiú go díreach.

D Treoir 96/23/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 maidir le bearta chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe agus ar iarmhair na substaintí sin in ainmhithe beo agus i dtáirgí ainmhithe agus lena n-aisghairtear Treoracha 85/358/CEE agus 86/469/CEE agus Cinntí 89/187/CEE agus 91/664/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 10).

E Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún an 16 Márta 2011 maidir le formheas pleananna arna gcur isteach ag tríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle (IO L 70, 17.3.2011, lch. 40).

F Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2006 lena socraítear uasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe in earraí bia (IO L 364, 20.12.2006, lch. 5).

G Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625 ón gCoimisiún an 4 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais maidir le coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí áirithe lena gcaitheamh ag an duine teacht isteach san Aontas (IO L 131, 17.5.2019, lch. 18).

TÍR		Deimhniú caighdeánach FISH/MOL-CAP
	Tagairt bhosca I.20:	Cuir tic le "*Tionscal cannadóireachta*" maidir le héisc iomlána a reoitear faoi sháile ar dtús ag -9 °C nó ag teocht is airde ná -18 °C agus a bhfuil sé beartaithe iad a chur i gcannaí i gcomhréir le ceanglais Roinn VIII, Caibidil I, pointe II(7) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004. Cuir tic le "*Táirgí lena gcaitheamh ag an duine*" nó *"Tuilleadh próiseála"* maidir leis na cásanna eile.
	Tagairt bhosca I.27:	Cuir có(i)d iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe um Thuairisciú (HS) isteach agus ceannteidil á n-úsáid amhail: 0301, 0302, 0303, 0304, 0305, 0306, 0307, 0308, 0511, 1504, 1516, 1518, 1603, 1604, 1605 nó 2106.
	Tagairt bhosca I.27:	Tuairisc ar an gcoinsíneacht: "*Cineál cóireála*": Sonraigh cé acu beo, fuaraithe, reoite nó próiseáilte atá na táirgí.
	Captaen an tsoithigh Ainm (i gceannlitreacha): Dáta: Síniú: Stampa:	

CAIBIDIL 31

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH LE HAGHAIDH MOILISC DHÉBHLAOSCACHA BHEO, EICÍNIDEIRMIGH BHEO, TÚINICIGH BHEO, GASTRAPÓID MHUIRÍ BHEO A THEACHT ISTEACH SAN AONTAS AGUS TÁIRGÍ DE BHUNADH AINMHÍOCH Ó NA HAINMHITHE SIN LENA gCAITHEAMH AG AN DUINE A THEACHT ISTEACH SAN AONTAS (SAMHAIL MOL-HC)

TÍR			Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil le hAGHAIDH an Aontais Eorpaigh		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír Cód tíre ISO	**I.2**	**Tagairt an deimhnithe**	**I.2a** **Tagairt CBFRO** **CÓD QR**
			I.3	**Údarás Inniúil Lárnach**	
			I.4	**Údarás Inniúil Áitiúil**	
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír Cód tíre ISO	**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír Cód tíre ISO	
	I.7	**An tír thionscnaimh** Cód tíre ISO	**I.9**	**An tír chinn scríbe** Cód tíre ISO	
	I.8	**An réigiún tionscnaimh** Cód	**I.10**	**An réigiún cinn scríbe** Cód	
	I.11	**Áit seolta** Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Seoladh Tír Cód tíre ISO	**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Seoladh Tír Cód tíre ISO	
	I.13	**Áit luchtaithe**	**I.14**	**Dáta agus am imeachta**	
	I.15	**Modh iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas	**I.16**	**Post Rialaithe Teorann Iontrála**	
			I.17	**Doiciméid tionlacain** Saghas Cód Tír Cód tíre ISO Tagairt doiciméid tráchtála	
	I.18	**Coinníollacha iompair** □ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe	□ Reoite	
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin Uimhir shéala			
	I.20	**Deimhnithe mar nó le hAGHAIDH**			
		□ Táirgí lena gcaitheamh ag an duine	□ Ainmhithe uisceacha beo lena gcaitheamh ag an duine	□ Lárionad seolta	□ Tuilleadh próiseála
	I.21	**□ Le hAGHAIDH iompair** Tríú tír Cód tíre ISO	**I.22**	**□ Le hAGHAIDH an mhargaidh inmheánaigh**	
			I.23		

I.24 **Líon iomlán pacáistí**	**I.25** **Cainníocht iomlán**	**I.26** **Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**

I.27 **Tuairisc ar an gcoinsíneacht**				
Cód AC	Speicis			
	Fuar-stóras	Marc aitheantais	Cineál pacáistíochta	Glanmheachan
	Cineál cóireála	Cineál an tráchtearra	An líon pacáistí	Baiscuimhir
□ Tomhaltóir deiridh	An dáta bailithe/táirgthe	Gléasra monaraíochta		

TÍR **Deimhniú caighdeánach MOL-HC**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt CBFRO**

II.1. [(1)]**Fianú sláinte poiblí** [le scriosadh nuair nach é an tAontas ceann scríbe deiridh na moileasc débhlaoscach beo, eicínideirmeach beo, túiniceach beo, gastrapóid mhara beo agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó na hainmhithe sin]

Dearbhaímse, a bhfuil m"ainm anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar na ceanglais ábhartha de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [A], Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [B], Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus deimhním leis seo gur táirgeadh [(4)][na moilisc dhébhlaoscacha bheo] [(4)][na heicínideirmigh bheo] [(4)][na túinicigh bheo] [(4)][na gastrapóid mhuirí bheo] [(4)][na táirgí de bhunadh ainmhíoch a dhíorthaítear ó mhoilisc dhébhlaoscacha bheo/eicínideirmigh bheo, túinicigh bheo agus gastrapóid mhuirí bheo] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I i gcomhréir leis na ceanglais sin, go háirithe:

(a) go bhfuarthas iad sa réigiún (sna réigiúin) nó sa tír (sna tíortha) …….. atá údaraithe, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo, maidir le teacht isteach [(4)][moileasc débhlaoscach beo] [(4)][eicínideirmeach beo] [(4)][túiniceach bheo] [(4)][gastrapóid mhara beo] [(4)][táirgí de bhunadh ainmhíoch a dhíorthaítear ó mhoilisc dhébhlaoscacha bheo/eicínideirmigh bheo/thúinicigh bheo/ghastrapóid mhuirí bheo] san Aontas, agus go bhfuil siad liostaithe in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún [C];

(b) go dtagann siad ó bhunaíocht(aí) ina gcuirtear ceanglais sláinteachais ghinearálta i bhfeidhm agus ina gcuirtear chun feidhme clár bunaithe ar phrionsabail na bpointí criticiúla rialaithe ar anailís guaise (HACCP) i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, ar a ndéanann na húdaráis inniúla iniúchadh go tráthrialta, agus a liostaítear mar bhunaíocht atá formheasta ag an Aontas Eorpach;

(c) gur baineadh iad, i gcás inar gá, gur athsheachadadh agus gur iompraíodh iad i gcomhréir le Roinn VII, Caibidlí I agus II d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(d) [(4)][gur láimhsíodh iad, i gcás inar gá, gur ianaíodh, agus gur pacáistíodh iad i gcomhréir le Roinn VII, Caibidlí III agus IV d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(e) [(4)][gur ullmhaíodh, gur próiseáladh, gur reodh agus gur dí-reodh iad ar bhonn sláinteach i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i Roinn VIII, Caibidlí III agus IV d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004]];

A Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

B Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas earraí bia (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

C Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha nó réigiúin díobh atá údaraithe chun ainmhithe agus earraí áirithe lena gcaitheamh ag an duine teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 118).

TÍR	Deimhniú caighdeánach MOL-HC
	(f) go gcomhlíonann siad na caighdeáin sláinte a leagtar síos i Roinn VII, Caibidil V, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, [4][Roinn VIII, Caibidil V, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004] agus na critéir a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún [D]; (g) gur pacáistíodh, gur stóráladh agus gur iompraíodh iad i gcomhréir le [4][Roinn VII, Caibidlí VI agus VIII, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004] [4][Roinn VIII, Caibidlí VI go VIII, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004]; (h) gur marcáladh agus gur lipéadaíodh iad i gcomhréir le [4][Roinn I d'Iarscríbhinn II agus Roinn VII, Caibidil VII d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004] [4][Roinn I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004]; (i) i gcás *Pectinidae*, gastrapóid mhuirí, agus *Holothuroidea* nach scagbheathóirí iad a bhaintear lasmuigh de limistéir tháirgthe aicmithe, go gcomhlíonann siad na ceanglais shonracha a leagtar síos i Roinn VII, Caibidil IX, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004; (j) go dtagann siad as limistéar táirgthe atá aicmithe de réir Airteagal 52 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún [E] mar [A] [B] nó [C] tráth a mbainte (*tabhair aicmiú an limistéir táirgthe tráth na bainte le fios*) (ach amháin Pectinidae, gastrapóid mhuirí agus Holothuroidea nach scagbheathóirí iad, a bhaintear lasmuigh de limistéir tháirgthe aicmithe); (k) go ndearnadh na rialuithe oifigiúla go sásúil orthu a leagtar síos in [4][Airteagail 51 go 66 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 nó in Airteagal 11 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún] [4][Airteagail 69 go 71 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627]; (l) go gcomhlíonann siad na ráthaíochtaí lena gcumhdaítear ainmhithe beo agus táirgí díobh, más de bhunadh dobharshaothraithe iad, dá bhforáiltear leis na pleananna iarmharacha arna dtíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle [F], agus go liostaítear na hainmhithe agus na táirgí lena mbaineann i gCinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún [G] maidir leis an tír thionscnaimh lena mbaineann; (m) gur táirgeadh iad faoi dhálaí lena ráthaítear comhlíontacht uasleibhéil na n-iarmhar le hAGHAIDH lotnaidicídí a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [H], agus na n-uasleibhéal le hAGHAIDH éilleán a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún [I].

D Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2005 maidir le critéir mhicribhitheolaíocha le haghaidh earraí bia (IO L 338, 22.12.2005, lch. 1).

E Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún an 15 Márta 2019 lena leagtar síos socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún maidir le rialuithe oifigiúla (IO L 131, 17.5.2019, lch. 51).

F Treoir 96/23/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 maidir le bearta chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe agus ar a n-iarmhair in ainmhithe beo agus i dtáirgí ainmhithe agus lena n-aisghairtear Treoracha 85/358/CEE agus 86/469/CEE agus Cinntí 89/187/CEE agus 91/664/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 10).

G Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún an 16 Márta 2011 maidir le formheas pleananna arna gcur isteach ag tríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle (IO L 70, 17.3.2011, lch. 40).

H Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de thionscnamh plandaí nó de thionscnamh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin, agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

I Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2006 lena socraítear leibhéil uasta le haghaidh éilleáin áirithe in earraí bia (IO L 364, 20.12.2006, lch. 5).

TÍR	Deimhniú caighdeánach MOL-HC
	[2][**II.2. Fianú sláinte ainmhithe maidir le moilisc dhébhlaoscacha bheo de** [3]**speicis liostaithe lena gcaitheamh ag an duine agus maidir le táirgí de bhunadh ainmhíoch ó na moilisc sin a bhfuil sé beartaithe tuilleadh próiseála a dhéanamh orthu san Aontas roimh a gcaitheamh ag an duine, cé is moite de mhoilisc fhiáine agus a dtáirgí a thugtar i dtír ó shoithí iascaireachta** Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m"ainm anseo thíos, leis seo gurb amhlaidh maidir le: II.2.1. De réir faisnéis oifigiúil, comhlíonann [4][na hainmhithe uisceacha dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I] [4][na táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha seachas ainmhithe uisceacha beo dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I, a fuarthas ó ainmhithe a chomhlíonann] na ceanglais seo a leanas maidir le sláinte ainmhithe: II.2.1.1. Tionscnaíonn siad [4][ó bhunaíocht] [4][ó ghnáthóg] nach bhfuil faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe nó toisc go raibh mortlaíocht neamhghnách ag tarlú lena raibh cúis neamhchinntithe, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún [J] agus galair atá ag teacht chun cinn; II.2.1.2. Maidir leis [4][na hainmhithe uisceacha nach bhfuil sé beartaithe iad a mharú] [4][na táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha seachas ainmhithe uisceacha beo, a fuarthas ó ainmhithe nach raibh sé beartaithe iad a mharú] faoi chlár náisiúnta maidir le galair a dhíothú, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn. [4][II.2.2. Comhlíonann [4][na hainmhithe dobharshaothraithe dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I] [4][na táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe dobharshaothraithe seachas ó ainmhithe dobharshaothraithe beo dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I, a fuarthas ó ainmhithe a chomhlíonann] na ceanglais seo a leanas: II.2.2.1. Tagann siad ó bhunaíocht dobharshaothraithe atá [4][cláraithe] [4][formheasta] ag údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch tionscnaimh, agus faoi rialú an údaráis sin, agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid atá cothrom le dáta agus ina bhfuil faisnéis maidir leis an méid seo a leanas a choinneáil ar bun agus a choimeád ar feadh 3 bliana ar a laghad maidir le: (i) speicis, catagóirí agus líon na n-ainmhithe dobharshaothraithe ar an mbunaíocht; (ii) gluaiseachtaí ainmhithe uisceacha isteach sa bhunaíocht, agus ainmhithe dobharshaothraithe amach aisti; (iii) mortlaíocht sa bhunaíocht; II.2.2.2. Tagann siad ó bhunaíocht dobharshaothraithe ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, a mhinice agus a bheidh i gcomhréir leis an riosca a bhaineann leis an mbunaíocht.]

[J] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad a theacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

TÍR	Deimhniú caighdeánach MOL-HC
	II.2.3. Ceanglais ghinearálta maidir le sláinte ainmhithe Comhlíonann [4][na hainmhithe uisceacha dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I] [4][na táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha seachas ainmhithe uisceacha beo dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I a fuarthas ó ainmhithe a chomhlíonann] na ceanglais seo a leanas maidir le sláinte ainmhithe: [4][6][II.2.3.1. Tá siad faoi réir na gceanglas i gCuid II.2.4 agus tionscnaíonn siad [4][ó thír] [4][ó chríoch], [4][ó chrios] [4][ó dheighleog] le [5]cód: __ __ - __ atá, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo, liostaithe de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún [K] maidir le teacht isteach [4][na n-ainmhithe uisceacha sin] [4][na dtáirgí sin de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha seachas ainmhithe uisceacha beo] san Aontas;] [4][6][II.2.3.2. Ainmhithe uisceacha is ea iad ar a ndearna tréidlia oifigiúil cigireacht chliniciúil laistigh de thréimhse 72 uair an chloig roimh an am luchtaithe. I rith na cigireachta, níor léirigh na hainmhithe aon chomhartha sóirt cliniciúil de ghalar in-tarchurtha agus, de réir thaifid ábhartha na bunaíochta, níor léiríodh aon fhadhb maidir le galar;] II.2.3.3. Ainmhithe uisceacha is ea iad a sheoltar ón mbunaíocht tionscnaimh go díreach chuig an Aontas; II.2.3.4. Ní raibh siad i dteagmháil le hainmhithe uisceacha ag a raibh stádas sláinte níos ísle. cibé acu[4][6][**II.2.4. Ceanglais shonracha maidir le sláinte** [4][**II.2.4.1. Ceanglais maidir le [3]speicis liostaithe i dtaca le hionfhabhtú Mikrocytos mackini nó ionfhabhtú Perkinsus marinus** Maidir leis [4][na hainmhithe uisceacha dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I] [4][na táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha seachas ainmhithe uisceacha beo dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I, a fuarthas ó ainmhithe] ar de thionscnamh [4][tír] [4][críoch] [4][crios] [4][deighleog] ar dearbhaíodh ina leith gur saor é nó í ó [4][Ionfhabhtú Mikrocytos mackini] [4][Ionfhabhtú Perkinsus marinus] i gcomhréir le coinníollacha atá chomh dian ar a laghad agus atá na coinníollacha sin a leagtar síos in Airteagal 66 nó in Airteagal 73(1) agus Airteagal 73(2), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún [L] agus i gcás na n-ainmhithe uisceacha, maidir leis na [3]speicis liostaithe uile i dtaca leis an ngalar (leis na galair) ábhartha: (i) tugadh isteach ó thír eile, ó chríoch eile, ó chrios eile nó ó dheighleog eile iad ar dearbhaíodh ina leith gur saor é nó í ón ngalar céanna (ó na galair chéanna); (ii) níl siad vacsaínithe in aghaidh [4][an ghalair] [4][na ngalar] sin.

K Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

L Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothúcháin, agus stádas saor ó ghalair i gcás galair áirithe atá liostaithe agus galair áirithe atá ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211).

TÍR	Deimhniú caighdeánach MOL-HC
	[4][7] [II.2.4.2. Ceanglais maidir le [3]speicis liostaithe i dtaca le hionfhabhtú Marteilia refringens, ionfhabhtú Bonamia exitiosa nó ionfhabhtú Bonamia ostreae Maidir leis [4][na hainmhithe uisceacha dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I] [4][na táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha seachas ainmhithe uisceacha beo dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I, a fuarthas ó ainmhithe] ar de thionscnamh [4][tír] [4][críoch] [4][crios] [4][deighleog] ar dearbhaíodh ina leith gur saor é nó í ó [4][ionfhabhtú Marteilia refringens] [4][ionfhabhtú Bonamia exitiosa] [4][ionfhabhtú Bonamia ostreae] i gcomhréir le Caibidil 4 de Chuid II de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 agus i gcás ainmhithe uisceacha, maidir leis na [3]speicis liostaithe uile i dtaca leis an ngalar (leis na galair) ábhartha: – tugadh isteach ó thír eile, ó chríoch eile, ó chrios eile nó ó dheighleog eile iad ar dearbhaíodh ina leith gur saor é nó í ón ngalar céanna (ó na galair chéanna); – níl siad vacsaínithe in aghaidh [4][an ghalair] [4][na ngalar] sin. **[4][8] [II.2.4.3. Ceanglais maidir le [9]speicis atá soghabhálach maidir le hionfhabhtú Víreas heirpéis oisrí 1 µvar (OsHV-1 µvar)** Maidir leis [4][na hainmhithe uisceacha dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I] [4][na táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha seachas ainmhithe uisceacha beo dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I a fuarthas ó ainmhithe] tionscnaíonn siad [4][ó thír] [4][ó chríoch] [4][ó chrios] [4][ó dheighleog] lena gcomhlíontar na ráthaíochtaí sláinte a mhéid a bhaineann le OsHV-1 µvar, is gá chun na bearta náisiúnta a chomhlíonadh is infheidhme sa Bhallstát cinn scríbe, i gcomhréir le hAirteagal 175 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún, agus a bhfuil an Ballstát nó cuid de, liostaithe in [4][Iarscríbhinn I] [4][Iarscríbhinn II] a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 [M].]] *nó* **[4][6][II.2.4. Ceanglais shonracha maidir le sláinte** Maidir leis [4][na hainmhithe uisceacha dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I] [4][na táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha seachas ainmhithe uisceacha beo dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I, a fuarthas ó ainmhithe] atá dírithe ar bhunaíocht rialaithe galar do bhia uisceach laistigh den Aontas atá formheasta i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/691 ón gCoimisiún [N], mar a bhfuil siad le próiseáil lena gcaitheamh ag an duine.]

[M] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2021 lena bhformheastar bearta náisiúnta arna gceapadh chun an tionchar a bhíonn ag galair áirithe ainmhithe uisceacha a theorannú i gcomhréir le hAirteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/221/AE ón gCoimisiún (IO L 59, 19.2. 2021, lch. 1).

[N] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/691 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le bunaíochtaí dobharshaothraithe agus le hiompróirí ainmhithe uisceacha (IO L 174, 3.6.2020, lch. 345).

TÍR	Deimhniú caighdeánach MOL-HC
	II.2.5. De réir mar is fearr is eol dom agus mar a dhearbhaigh an t-oibreoir, maidir leis[4][na hainmhithe uisceacha dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I] [4][na táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha seachas ainmhithe uisceacha beo dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I, a fuarthas ó ainmhithe] a thionscnaíonn **[4]**[ó bhunaíocht] **[4]**[ó ghnáthóg]: (i) áit nach raibh aon mhortlaíocht neamhghnách lena raibh cúis neamhchinntithe; agus (ii) nach raibh na hainmhithe i dteagmháil le hainmhithe uisceacha de **[3]**speiceas liostaithe nár chomhlíon na ceanglais dá dtagraítear i bpointe II.2.1. **II.2.6. Ceanglais iompair** Rinneadh socruithe chun na hainmhithe uisceacha dá dtagraítear i mBosca I.27 de Chuid I a iompar i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 167 agus 168 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus rinneadh na socruithe seo a leanas go sonrach: II.2.6.1. nuair a iompraítear na hainmhithe in uisce, nach ndéantar an t-uisce ina n-iompraítear iad a athrú i dtríú tír nó i dtríú críoch, crios ná deighleog nach bhfuil liostaithe maidir le teacht isteach speiceas áirithe agus chatagóir áirithe na n-ainmhithe uisceacha san Aontas; II.2.6.2. ní iompraítear na hainmhithe faoi dhálaí lena gcuirtear a stádas sláinte i mbaol, go háirithe: (i) i gcás ina n-iomprófar na hainmhithe in uisce, ní athrófar a stádas sláinte; (ii) tógadh na modhanna iompair agus na coimeádáin ar bhealach nach gcuirfear stádas sláinte na n-ainmhithe uisceacha i mbaol le linn a n-iompair; (iii) maidir [4][leis an gcoimeádán] [4][leis an mbád umair] [4][nár úsáideadh roimhe é] [4][glanadh agus díghalraíodh é i gcomhréir le prótacal agus le táirgí atá formheasta ag údarás inniúil [4][an tríú tír] [4][an tríú críoch] thionscnaimh, sular luchtaíodh é lena sheoladh chuig an Aontas]; II.2.6.3. ón am luchtaithe ag an mbunaíocht tionscnaimh go dtí an t-am teachta san Aontas, nach n-iompraítear na hainmhithe sa choinsíneacht san uisce céanna nó [4][sa choimeádán] [4][sa bhád umair] céanna in éineacht le hainmhithe uisceacha ag a bhfuil stádas sláinte níos ísle nó nach bhfuil beartaithe le teacht isteach san Aontas; II.2.6.4. i gcás inar gá uisce a mhalartú [4][i dtír] [4][i gcríoch] [4][i gcrios] [4][i ndeighleog] atá liostaithe maidir le teacht isteach speiceas áirithe agus chatagóir áirithe na n-ainmhithe uisceacha san Aontas, nach dtarlaíonn sé sin ach amháin [4][i gcás iompair ar thalamh, ag pointí malartaithe uisce atá formheasta ag údarás inniúil [4][an tríú tír] [4][an tríú críoch] mar a dtarlaíonn an malartú uisce] [4][i gcás iompair ar bhád umair, ag achar atá 10 km ar a laghad ó aon bhunaíocht dobharshaothraithe atá lonnaithe ar an tslí ón áit tionscnaimh chuig an gceann scríbe san Aontas].

TÍR	Deimhniú caighdeánach MOL-HC

II.2.7. Ceanglais maidir le lipéadú

Rinneadh socruithe maidir [4][leis na modhanna iompair] [4][leis na coimeádáin] a shainaithint agus a lipéadú i gcomhréir le hAirteagal 169 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún agus go sonrach:

II.2.7.1. go sainaithnítear an choinsíneacht [4][le lipéad inléite infheicthe ar thaobh amuigh an choimeádáin] [4][le hiontráil i lastliosta na loinge agus í á n-iompar le bád umair], lena nasctar an choinsíneacht go soiléir leis an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo;

[4][II.2.7.2. i gcás ainmhithe uisceacha beo, tá an fhaisnéis seo a leanas ar an lipéad inléite infheicthe dá dtagraítear i bpointe II.2.7.1:

(a) mionsonraí ar líon na gcoimeádán sa choinsíneacht;

(b) ainm an speicis atá i ngach coimeádán;

(c) mionsonraí ar líon na n-ainmhithe i ngach coimeádán i dtaca le gach ceann de na speicis atá ann;

(d) an ráiteas seo a leanas: “moilisc bheo lena gcaitheamh ag an duine san Aontas Eorpach”;]

[4][II.2.7.3. i gcás táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha seachas ainmhithe uisceacha beo, tá an ráiteas seo a leanas ar a laghad ar an lipéad inléite infheicthe dá dtagraítear i bpointe II.2.7.1:

“moilisc bheo lena gcaitheamh ag an duine tar éis tuilleadh próiseála san Aontas Eorpach”;]

II.2.8. Bailíocht an deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúil

Tá an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo bailí ar feadh 10 lá tar éis dháta a eisiúna. I gcás ina n-iomprófar ainmhithe uisceacha ar uiscebhealach/ar muir, féadfar síneadh a chur leis an tréimhse 10 lá sin ar feadh an turais ar uiscebhealach/ar muir.

Nótaí

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d’Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Tá an deimhniú seo beartaithe le hAGHAIDH moilisc dhébhlaoscacha bheo agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó na hainmhithe sin atá beartaithe lena gcaitheamh ag an duine, teacht isteach san Aontas, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe críochnaitheach moileasc débhlaoscach beo den sórt sin agus a dtáirgí.

“Ainmhithe uisceacha” is ea ainmhithe mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (3), de Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. “Ainmhithe dobharshaothraithe” is ea ainmhithe uisceacha atá faoi réir dobharshaothrú faoi mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (7) de Rialachán (AE) 2016/429.

Maidir le hainmhithe uisceacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha seachas ainmhithe uisceacha beo, a bhfuil feidhm ag Cuid II.2.4 den deimhniú seo maidir leo, ní mór dóibh a bheith de thionscnamh tíre/críche/creasa/deighleoige atá ar cholún 2 den tábla i gCuid 1 d’Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

TÍR	Deimhniú caighdeánach MOL-HC
	Níl feidhm ag Cuid II.2.4. den deimhniú maidir leis na hainmhithe uisceacha seo a leanas, agus féadfaidh siad dá bhrí sin a bheith de thionscnamh tíre nó réigiúin a liostaítear in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405: (a) moilisc a dhéantar a phacáistiú agus a lipéadú lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir leis na ceanglais shonracha maidir leis na hainmhithe sin mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 agus nach féidir leo fanacht beo a thuilleadh mar ainmhithe beo má chuirtear ar ais chuig an timpeallacht uisce iad; (b) moilisc lena gcaitheamh ag an duine gan tuilleadh próiseála, ar choinníoll go ndéantar iad a phacáistiú lena miondíol i gcomhréir leis na ceanglais maidir le pacáistí den sórt sin mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004; (c) moilisc a dhéantar a phacáistiú agus a lipéadú lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir leis na ceanglais shonracha maidir leis na hainmhithe sin mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 agus a bhfuil sé beartaithe tuilleadh próiseála a dhéanamh orthu gan stóráil shealadach ag an áit phróiseála. Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235. **Cuid I:** Tagairt bhosca I.8: An réigiún tionscnaimh: tabhair le fios an limistéar táirgthe agus a aicmiú tráth na bainte. **Cuid II:** (1) Níl feidhm ag Cuid II.1. den deimhniú seo maidir le tíortha ag a bhfuil ceanglais speisialta maidir le deimhniú sláinte poiblí a leagtar síos i gcomhaontuithe coibhéise nó i reachtaíocht eile AE. (2) Níl feidhm ag Cuid II.2, agus ba cheart í a scriosadh i gcás ina bhfuil an méid seo a leanas sa choinsíneacht: (a) speicis seachas iad siúd a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún [O]; nó (b) ainmhithe uisceacha fiáine agus táirgí de bhunadh ainmhíoch ó na hainmhithe uisceacha fiáine sin a thugtar i dtír le soithí iascaireachta lena gcaitheamh ag an duine; nó (c) táirgí de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha seachas ainmhithe uisceacha beo a thagann isteach san Aontas agus iad réidh lena gcaitheamh go díreach ag an duine. (3) Speicis a liostaítear i gcolúin 3 agus 4 sa tábla den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún. Ní mheasfar gur veicteoirí na speicis a liostaítear i gcolún 4 ach amháin faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 171 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692. (4) Coimeád mar is iomchuí/scrios murab infheidhme. I gcás Chuid II.2.4.1, ní cheadaítear scriosadh más ann sa choinsíneacht de speicis atá liostaithe i dtaca le hionfhabhtú Mikrocytos mackini nó ionfhabhtú Perkinsus marinus, seachas i gcás na gcoinníollacha dá dtagraítear i bhFonóta (6). (5) Cód an tríú tír/tríú críche/an chreasa/na deighleoige mar atá i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún.

O Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le cur i bhfeidhm rialacha áirithe maidir le galair a chosc agus a rialú ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a chruthaíonn baol suntasach do leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21).

TÍR	Deimhniú caighdeánach MOL-HC
	(6) Níl feidhm le Codanna II.2.3.1, II.2.3.2. ná II.2.4 agus ba cheart iad a scriosadh mura bhfuil ach na hainmhithe uisceacha seo a leanas sa choinsíneacht: (a) moilisc a dhéantar a phacáistiú agus a lipéadú lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir leis na ceanglais shonracha maidir leis na hainmhithe sin mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 agus nach féidir leo fanacht beo a thuilleadh mar ainmhithe beo má chuirtear ar ais chuig an timpeallacht uisce iad; (b) moilisc lena gcaitheamh ag an duine gan tuilleadh próiseála, ar choinníoll go ndéantar iad a phacáistiú lena miondíol i gcomhréir leis na ceanglais maidir le pacáistí den sórt sin mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, (c) moilisc a dhéantar a phacáistiú agus a lipéadú lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir leis na ceanglais shonracha maidir leis na hainmhithe sin mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 agus a bhfuil sé beartaithe tuilleadh próiseála a dhéanamh orthu gan stóráil shealadach ag an áit phróiseála. (7) Tá sé infheidhme nuair is amhlaidh atá stádas saor ó ghalar ag an mBallstát/gcrios/deighleog cinn scríbe san Aontas le hAGHAIDH ghalar chatagóir C mar a shainmhínítear i bpointe (3) d'Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882, nó nuair atá an Ballstát/crios/deighleog faoi réir clár díothúcháin roghnach a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 31(2) de Rialachán (AE) 2016/429, scrios murab amhlaidh sin. (8) Tá sé seo infheidhme i gcás ina bhfuil bearta náisiúnta formheasta ag an mBallstát cinn scríbe san Aontas nó cuid de, i dtaca le galar sonrach mar a liostaítear in Iarscríbhinn I nó Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260, scrios murab amhlaidh sin. (9) Speicis shoghabhálacha dá dtagraítear sa dara colún den tábla in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260. (10) le síniú ag: — tréidlia oifigiúil nuair nach mbeidh cuid II.2 Fianú sláinte ainmhithe scriosta — oifigeach deimhniúcháin nó tréidlia oifigiúil nuair a bheidh Cuid II.2 Fianú sláinte ainmhithe scriosta.
	[Tréidlia oifigiúil] [(4)(10)]/[Oifigeach deimhniúcháin][(4)(10)] Ainm (i gceannlitreacha) Dáta — Cáilíocht agus teideal Stampa — Síniú

CAIBIDIL 32

DEIMHNIÚ OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH LE hAGHAIDH TEACHT ISTEACH MOILEASC DÉBHLAOSCACH PRÓISEÁILTE LENA gCAITHEAMH AG AN DUINE SAN AONTAS A BHAINEANN LE SPEICEAS *ACANTHOCARDIA TUBERCULATUM* (SAMHAIL MOL-AT)

Deimhníonn an t-oifigeach deimhniúcháin leis seo maidir leis na moilisc dhébhlaoscacha phróiseáilte de speiceas *Acanthocardia tuberculatum*, a deimhníodh sa deimhniú oifigiúil Uimh. (*): ……

(1) gur baineadh iad i limistéir tháirgeachta a sainaithníodh go soiléir, a aicmíodh agus a ndearna na húdaráis inniúla faireachán orthu i gcomhréir le hAirteagail 52 agus 59 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún [A] agus i gcás inarb ísle ná 300 µg le hAGHAIDH 100 g cainníocht thocsain na nimhe pairilisí ó shliogiasc (PSP);

(2) gur iompraíodh iad i gcoimeádáin nó i bhfeithiclí a shéalaigh an t-údarás inniúil, chuig an mbunaíocht go díreach:

……

……

(ainm agus uimhir formheasa oifigiúil na bunaíochta, a d'údaraigh na húdaráis inniúla go háirithe chun cóireáil a dhéanamh orthu);

(3) go raibh doiciméad a d'eisigh na húdaráis inniúla in éineacht leo agus iad á n-iompar chuig an mbunaíocht sin, lena n-údaraítear a n-iompar, lena bhfianaítear cineál agus cainníocht an táirge, an limistéar táirgthe tionscnaimh agus bunaíocht an chinn scríbe;

(4) gur cuireadh faoin gcóireáil teasa iad a léirítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 96/77/CE ón gCoimisiún [B]; agus

(5) tar éis na cóireála teasa nach bhfuil cainníocht de thocsainí PSP iontu a sháraíonn 80 µg le hAGHAIDH 100 g agus modh oifigiúil de chuid an Aontais á úsáid, mar a léirítear le tuarascáil anailíseach (tuarascálacha anailíseacha) na tástála atá i gceangal a dhéantar ar gach grúpa a áirítear sa choinsíneacht a chumhdaítear leis an deimhniú seo.

A Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún an 15 Márta 2019 lena leagtar síos socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún maidir le rialuithe oifigiúla (IO L 131, 17.5.2019, lch. 51).

B Cinneadh 96/77/CE ón gCoimisiún an 18 Eanáir 1996 lena mbunaítear na coinníollacha maidir le moilisc dhébhlaoscacha áirithe a bhaint agus a phróiseáil a thagann ó limistéir mar a sáraíonn leibhéal na nimhe pairilisí ó shliogiasc an teorainn a leagtar síos le Treoir 91/492/CEE ón gComhairle (IO L 15, 20.1.1996, lch. 46).

Deimhníonn an t-oifigeach deimhniúcháin leis seo gur fhíoraigh na húdaráis inniúla go gcuirtear na "féinseiceálacha", a dhéantar sa bhunaíocht dá dtagraítear i bpointe (2) chun feidhme go sonrach i leith na cóireála teasa dá dtagraítear i bpointe (4).

Dearbhaíonn an t-oifigeach deimhniúcháin a bhfuil a ainm/hainm anseo thíos go bhfuil sé/sí feasach ar cheanglais Chinneadh 96/77/CE agus go gcomhfhreagraíonn an tuarascáil anailíseach (na tuarascálacha anailíseacha) atá i gceangal don tástáil a dhéantar ar na táirgí tar éis próiseála.

(*) Tabhair isteach uimhir dheimhniú MOL-HC a ghabhann le moilisc dhébhlaoscacha phróiseáilte den speiceas *Acanthocardia tuberculatum*

Oifigeach deimhniúcháin	
Ainm (i gceannlitreacha)	
Dáta	Cáilíocht agus teideal
Stampa	Síniú

CAIBIDIL 33

DEIMHNIÚ sláinte ainmhithe/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH le hAGHAIDH teacht isteach bainne amh san Aontas LENA CHAITHEAMH AG AN DUINE (SAMHAIL MILK-RM)

TÍR			Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil le hAGHAIDH an Aontais Eorpaigh		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	I.1 **Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír Cód tíre ISO		I.2 **Tagairt an deimhnithe** I.3 **Údarás Inniúil Lárnach** I.4 **Údarás Inniúil Áitiúil**	I.2a **Tagairt CBFRO** **CÓD QR**	
	I.5 **Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír Cód tíre ISO		I.6 **An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír Cód tíre ISO		
	I.7 **An tír thionscnaimh** Cód tíre ISO		I.9 **An tír chinn scríbe** Cód tíre ISO		
	I.8 **An réigiún tionscnaimh** Cód		I.10 **An réigiún cinn scríbe** Cód		
	I.11 **Áit seolta** Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Seoladh Tír Cód tíre ISO		I.12 **Ceann scríbe** Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Seoladh Tír Cód tíre ISO		
	I.13 **Áit luchtaithe**		I.14 **Dáta agus am imeachta**		
	I.15 **Modh iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		I.16 **Post Rialaithe Teorann Iontrála** I.17 **Doiciméid tionlacain** Saghas Cód Tír Cód tíre ISO Tagairt doiciméid tráchtála		
	I.18 **Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe	□ Reoite	
	I.19 **Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala		
	I.20 **Deimhnithe mar nó le hAGHAIDH** □ Táirgí lena gcaitheamh ag an duine				
	I.21 **□ Le hAGHAIDH iompair** Tríú tír Cód tíre ISO		I.22 **□ Le hAGHAIDH an mhargaidh inmheánaigh** I.23		

I.24 **Líon iomlán pacáistí**		**I.25** **Cainníocht iomlán**		**I.26** **Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**	
I.27 **Tuairisc ar an gcoinsíneacht**					
Cód AC	Speicis				
	Fuar-stóras		Marc aitheantais	Cineál pacáistíochta	Glanmheáchan
	Cineál cóireála		Cineál an tráchtearra	An líon pacáistí	Baiscuimhir
□ Tomhaltóir deiridh	An dáta bailithe/táirgthe		Gléasra monaraíochta	Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid	

TÍR **Deimhniú caighdeánach MILK-RM**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt CBFRO**

II.1. Fianú sláinte poiblí [le scriosadh nuair nach é an tAontas ceann scríbe deiridh an bhainne amh]

Dearbhaímse, a bhfuil m"ainm anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar na ceanglais ábhartha de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [A], Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [B], Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 [C] ón gCoimisiún agus deimhním leis seo gur táirgeadh an bainne amh ar a dtugtar tuairisc i gCuid I i gcomhréir leis na ceanglais sin, go háirithe:

(a) go dtagann sé ó ghabháltais atá cláraithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 agus gur seiceáladh é i gcomhréir le hAirteagail 49 agus 50 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627;

(b) gur táirgeadh, gur bailíodh, gur fuaraíodh, gur stóráladh agus gur iompraíodh é i gcomhréir leis na coinníollacha sláinteachais a leagtar síos i Roinn IX, Caibidil I, de d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(c) go gcomhlíonann sé na critéir maidir le háireamh ceall pláta agus sómach a leagtar síos i Roinn IX, Caibidil I, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(d) go dtagann sé ó ainmhithe a bhaineann le tréada atá saor nó saor go hoifigiúil ón mbrúsallóis agus ón eitinn;

(e) go gcomhlíontar na ráthaíochtaí maidir le stádas iarmhar bainne amh dá bhforáiltear leis na pleananna faireacháin chun iarmhair nó substaintí a bhrath arna dtíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle [D], agus go liostaítear an bainne i gCinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún [E] maidir leis an tír thionscnaimh lena mbaineann;

A Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

B Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas earraí bia (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

C Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún an 15 Márta 2019 lena leagtar síos socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún maidir le rialuithe oifigiúla (IO L 131, 17.5.2019, lch. 51).

D Treoir 96/23/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 maidir le bearta chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe agus ar iarmhair na substaintí sin in ainmhithe beo agus i dtáirgí ainmhithe agus lena n-aisghairtear Treoracha 85/358/CEE agus 86/469/CEE agus Cinntí 89/187/CEE agus 91/664/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 10).

E Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún an 16 Márta 2011 maidir le formheas pleananna arna gcur isteach ag tríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle (IO L 70, 17.3.2011, lch. 40).

TÍR	Deimhniú caighdeánach MILK-RM

(f) de bhun tástála le hAGHAIDH iarmhair drugaí frithbhaictéaracha a dhéanann oibreoir an ghnólachta bia i gcomhréir le ceanglais Roinn IX, Caibidil I, Cuid III, Cuid III, pointe 4, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, a chomhlíonann uasteorainneacha na n-iarmhar maidir le hiarmhair táirgí íocshláinte tréidliachta frithbhaictéaracha a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 37/2010 ón gCoimisiún [F];

(g) gur táirgeadh é faoi dhálaí lena ráthaítear comhlíontacht uasleibhéil na n-iarmhar le hAGHAIDH lotnaidicídí a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [G], agus na n-uasleibhéal le hAGHAIDH éilleán a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún [H].

II.2. Fianú sláinte ainmhithe [le scriosadh i gcás ina bhfuil ina bhfuil an bainne amh díorthaithe go hiomlán ó dhlúthchrúbaigh, ó leipiridigh nó ó mhamaigh talún fhiáine eile seachas crúbacha]

Maidir leis an m**bainne amh** ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.2.1. go bhfuarthas é **sa chrios/sna criosanna** lena mbaineann có(i)d: ……[(2)] atá údaraithe, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo, maidir le teacht isteach bainne amh san Aontas agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún [I], agus nár tuairiscíodh gurbh ann do ghalar crúb is béil ná d'ionfhabhtú víreas phlá na mbó ar feadh 12 mhí roimh an dáta bleáin, agus nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh na ngalar sin i rith na tréimhse céanna.

II.2.2. fuarthas é ó **ainmhithe** speiceas [*Bos Taurus,*][(1)] [*Ovis aries,*][(1)] [*Capra hircus,*][(1)] [*Bubalus bubalis,*][(1)] [*Camelus dromedarius*][(1)] a d'fhan sa chrios/sna criosanna dá dtagraítear faoi phointe II.2.1 ó rugadh iad, nó ar feadh 3 mhí ar a laghad roimh an dáta bleáin.

F Rialachán (AE) Uimh. 37/2010 ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2009 maidir le substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus a n-aicmiú maidir le huasteorainneacha na n-iarmhar in earraí bia de bhunadh ainmhíoch (IO L 15, 20.1.2010, lch. 1).

G Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil d'iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

H Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2006 lena socraítear leibhéil uasta le haghaidh éilleáin áirithe in earraí bia (IO L 364, 20.12.2006, lch. 5).

I Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

TÍR	Deimhniú caighdeánach MILK-RM

II.2.3. go bhfuarthas é ó ainmhithe a thagann ó **bhunaíochtaí**:

(a) atá cláraithe ag údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch, agus faoi rialú an údaráis sin agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid a choinneáil agus a choimeád i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún [J];

(b) ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn;

(c) nach raibh faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, an tráth bleáin.

Nótaí

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Tá an deimhniú seo beartaithe le hAGHAIDH teacht isteach bainne amh san Aontas, lena n-áirítear cásanna nach é an tAontas ceann scríbe deiridh an bhainne amh sin.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.8:	Soláthair cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.
Tagairt bhosca I.11:	Ainm, seoladh agus uimhir formheasa bhunaíocht an tseolta.
Tagairt bhosca I.15:	Cláruimhir (vaigíní iarnróid nó coimeádán agus feithicil bhóthair), uimhir eitilte (aerárthach) nó ainm (soitheach). I gcás díluchtú agus athluchtú, ní mór don seoltóir an post rialaithe teorann a chur ar an eolas maidir leis an teacht isteach san Aontas.
Tagairt bhosca I.19:	Maidir le coimeádáin nó boscaí, ba cheart uimhir an choimeádáin agus uimhir an tséala (más infheidhme) a chur san áireamh.
Tagairt bhosca I.27:	Úsáid cód iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe um Thuairisciú (Cód HS) faoi na ceannteidil seo a leanas: 04.01; 04.02 nó 04.03.
Tagairt bhosca I.27:	Tuairisc ar an gcoinsíneacht: "*Gléasra monaraíochta*": Tabhair isteach uimhir formheasa an ghabháltais (na ngabháltas) táirgthe, an lárionaid bailithe nó an lárionaid caighdeánaithe a formheasadh maidir le honnmhairiú chuig an Aontas Eorpach.

[J] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad teacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379)

TÍR **Deimhniú caighdeánach MILK-RM**

	Cuid II: (1) Coimeád de réir mar is iomchuí. (2) Cód an chreasa i gcomhréir le colún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404. (3) le síniú ag: - tréidlia oifigiúil nuair nach mbeidh cuid II.2 Fianú sláinte ainmhithe scriosta - oifigeach deimhniúcháin nó tréidlia oifigiúil nuair a bheidh Cuid II.2 Fianú sláinte ainmhithe scriosta
	[Tréidlia oifigiúil][1][3]/[Oifigeach deimhniúcháin][1][3] Ainm (i gceannlitreacha) Dáta — Cáilíocht agus teideal Stampa — Síniú

CAIBIDIL 34

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH LE HAGHAIDH TEACHT ISTEACH TÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA SAN AONTAS LENA gCAITHEAMH AG AN DUINE AGUS A DHÍORTHAÍTEAR Ó BHAINNE AMH NÓ NACH gCEANGLAÍTEAR CÓIREÁIL MAOLÚCHÁIN RIOSCA SHONRACH A DHÉANAMH ORTHU (SAMHAIL MILK-RMP/NT)

TÍR						
				Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil le hAGHAIDH an Aontais Eorpaigh		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír — Cód tíre ISO		**I.2**	**Tagairt an deimhnithe**	**I.2a** **Tagairt CBFRO**
				I.3	**Údarás Inniúil Lárnach**	**CÓD QR**
				I.4	**Údarás Inniúil Áitiúil**	
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír — Cód tíre ISO		**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír — Cód tíre ISO	
	I.7	**An tír thionscnaimh** — Cód tíre ISO		**I.9**	**An tír chinn scríbe** — Cód tíre ISO	
	I.8	**An réigiún tionscnaimh** — Cód		**I.10**	**An réigiún cinn scríbe** — Cód	
	I.11	**Áit seolta** Ainm — Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Seoladh Tír — Cód tíre ISO		**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm — Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Seoladh Tír — Cód tíre ISO	
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**	
	I.15	**Modh iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16**	**Post Rialaithe Teorann Iontrála**	
				I.17	**Doiciméid tionlacain** Saghas — Cód Tír — Cód tíre ISO Tagairt doiciméid tráchtála	
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe	□ Reoite	
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin — Uimhir shéala				
	I.20	**Deimhnithe mar nó le hAGHAIDH** □ Táirgí lena gcaitheamh ag an duine				
	I.21	**□ Le hAGHAIDH iompair** Tríú tír — Cód tíre ISO		**I.22**	**□ Le hAGHAIDH an mhargaidh inmheánaigh**	
				I.23		

I.24	**Líon iomlán pacáistí**	**I.25**	**Cainníocht iomlán**	**I.26**	**Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**
I.27	**Tuairisc ar an gcoinsíneacht**				

Cód AC	Speicis				
	Fuar-stóras	Marc aitheantais	Cineál pacáistíochta		Glanmheáchan
	Cineál cóireála	Cineál an tráchtearra	An líon pacáistí		Baiscuimhir
□ Tomhaltóir deiridh	An dáta bailithe/táirgthe	Gléasra monaraíochta	Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid		

TÍR		Deimhniú caighdeánach MILK-RMP/NT	
Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt CBFRO**

II.1. Fianú sláinte poiblí [le scriosadh nuair nach é an tAontas ceann scríbe deiridh na dtáirgí déiríochta]

Dearbhaímse, a bhfuil m"ainm anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar na ceanglais ábhartha de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [A], Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [B], Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairleagus Rialachán (CE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 [C] ón gCoimisiún agus deimhním leis seo gur táirgeadh an táirge déiríochta a rinneadh le bainne amh ar a dtugtar tuairisc i gCuid I i gcomhréir leis na ceanglais sin, go háirithe:

(a) gur táirgeadh de bhainne amh é:

(i) a thagann ó ghabháltais atá cláraithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 agus gur seiceáladh é i gcomhréir le hAirteagail 49 agus 50 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627;

(ii) a táirgeadh, a bailíodh, a fuaraíodh, a stóráladh agus a iompraíodh i gcomhréir leis na coinníollacha sláinteachais a leagtar síos i Roinn IX, Caibidil I, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(iii) a chomhlíonann na critéir maidir le háireamh ceall pláta agus sómach a leagtar síos i Roinn IX, Caibidil I, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(iv) a thagann ó ainmhithe a bhaineann le tréada atá saor nó saor go hoifigiúil ón mbrúsallóis agus ón eitinn;

(v) a chomhlíonann na ráthaíochtaí maidir le stádas iarmhar bainne amh dá bhforáiltear leis na pleananna faireacháin chun iarmhair nó substaintí a bhrath arna dtíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle [D], agus go liostaítear bainne i gCinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún [E] maidir leis an tír thionscnaimh lena mbaineann;

A Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

B Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas earraí bia (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

C Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún an 15 Márta 2019 lena leagtar síos socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún maidir le rialuithe oifigiúla (IO L 131, 17.5.2019, lch. 51).

D Treoir 96/23/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 maidir le bearta chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe agus ar iarmhair na substaintí sin in ainmhithe beo agus i dtáirgí ainmhithe agus lena n-aisghairtear Treoracha 85/358/CEE agus 86/469/CEE agus Cinntí 89/187/CEE agus 91/664/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 10).

E Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún an 16 Márta 2011 maidir le formheas pleananna arna gcur isteach ag tríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle (IO L 70, 17.3.2011, lch. 40).

TÍR	Deimhniú caighdeánach MILK-RMP/NT
	(vi) de bhun tástála le hAGHAIDH iarmhair drugaí frithbhaictéaracha a dhéanann oibreoir an ghnólachta bia i gcomhréir le ceanglais Roinn IX, Caibidil I, Cuid III, pointe 4, d'Iarscríbhinn III de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, a chomhlíonann uasteorainneacha na n-iarmhar maidir le hiarmhair táirgí íocshláinte tréidliachta frithbhaictéaracha a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 37/2010 ón gCoimisiún [F]; (vii) a táirgeadh faoi dhálaí lena ráthaítear comhlíontacht uasleibhéil na n-iarmhar le hAGHAIDH lotnaidicídí a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [G], agus na n-uasleibhéal le hAGHAIDH éilleán a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún [H]. (b) go dtagann sé ó bhunaíocht(aí) ina gcuirtear ceanglais sláinteachais ghinearálta i bhfeidhm agus ina gcuirtear chun feidhme clár bunaithe ar phrionsabail na bpointí criticiúla rialaithe ar anailís guaise (HACCP) i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, ar a ndéanann na húdaráis inniúla iniúchadh go tráthrialta, agus a liostaítear mar bhunaíocht atá formheasta ag an Aontas Eorpach; (c) go bhfuarthas é de bhainne úr nár cuireadh faoi aon chóireáil teasa ná aon chóireáil fhisiciúil ná cheimiceach i rith an phróisis monaraíochta, lena ndéanfaí rioscaí sonracha a mhaolú, lena n-áirítear paistéaradh, (d) gur clúdaíodh, gur pacáistíodh agus gur lipéadaíodh é i gcomhréir le Roinn IX, Caibidlí III agus IV, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, (e) go gcomhlíonann sé na critéir mhicribhitheolaíocha ábhartha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún [I], agus (f) gur táirgeadh an táirge déiríochta ar a dtugtar tuairisc i gCuid I faoi dhálaí lena ráthaítear comhlíontacht uasleibhéil na n-iarmhar le hAGHAIDH lotnaidicídí a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, agus na n-uasleibhéal le hAGHAIDH éilleán a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006. **II.2. Fianú sláinte ainmhithe** [le scriosadh i gcás ina ndíorthaítear na táirgí déiríochta go hiomlán ó dhlúthchrúbaigh, ó leipiridigh nó ó mhamaigh talún fhiáine eile seachas crúbacha] Maidir leis na **táirgí déiríochta** ar a dtugtar tuairisc i gCuid I: II.2.1. tionscnaíonn siad ón **gcrios/ó na criosanna** le cód/cóid: ……[(2)] atá údaraithe, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo, maidir le teacht isteach bainne amh san Aontas agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún [J], agus nár tuairiscíodh gurbh ann do ghalar crúb is béil ná d'ionfhabhtú víreas phlá na mbó ar feadh tréimhse 12 mhí roimh an dáta bleáin, agus nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh na ngalar sin i rith na tréimhse céanna; agus

F Rialachán (AE) Uimh. 37/2010 ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2009 maidir le substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus a n-aicmiú maidir le huasteorainneacha na n-iarmhar in earraí bia de bhunadh ainmhíoch (IO L 15, 20.1.2010, lch. 1).

G Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil d'iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

H Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2006 lena socraítear uasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe in earraí bia (IO L 364, 20.12.2006, lch. 5).

I Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2005 maidir le critéir mhicribhitheolaíocha le haghaidh earraí bia (IO L 338, 22.12.2005, lch. 1).

J Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

TÍR	Deimhniú caighdeánach MILK-RMP/NT
	II.2.2. gur próiseáladh iad de **bhainne amh** a fuarthas: (1) cibé acu [sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1;] (1) nó [sa chrios/sna criosanna le cód/cóid……[2] atá údaraithe, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo, maidir le teacht isteach bainne amh san Aontas agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404;] (1) nó [i mBallstát.] II.2.3. próiseáladh iad de bhainne amh a fuarthas ó **ainmhithe** speiceas [*Bos Taurus,*][1] [*Ovis aries,*][1] [*Capra hircus,*][1] [*Bubalus bubalis,*][1] [*Camelus dromedarius*][1] a d'fhan sa chrios/sna criosanna dá dtagraítear faoi phointe II.2.1. ó rugadh iad, nó ar feadh 3 mhí ar a laghad roimh an dáta bleáin. II.2.4. próiseáladh iad de bhainne amh a fuarthas ó ainmhithe a choimeádtar i m**bunaíochtaí**: (a) atá cláraithe ag údarás inniúil an tríú tír nó an tríú críoch, agus faoi rialú an údaráis sin agus ag a bhfuil córas i bhfeidhm chun taifid a choinneáil agus a choimeád i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún [K]; (b) ar a dtugann tréidlia cuairteanna sláinte ainmhithe go tráthrialta chun go mbraithfear comharthaí, agus go bhfaighfear faisnéis orthu, lena léirítear gurb ann do ghalair, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn; (c) nach raibh faoi réir bearta srianta náisiúnta ar chúiseanna sláinte ainmhithe, lena n-áirítear na galair liostaithe ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus galair atá ag teacht chun cinn, an tráth bleáin. **Nótaí** I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo. Tá an deimhniú seo beartaithe le hAGHAIDH teacht isteach táirgí déiríochta san Aontas (mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004) atá beartaithe lena gcaitheamh ag an duine agus a dhíorthaítear ó bhainne amh nó nach gceanglaítear cóireáil maolúcháin riosca shonrach a dhéanamh orthu in aghaidh an ghalair crúb is béil i gcomhréir le hIarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ná cóireáil phaistéartha, lena n-áirítear nuair nach é an tAontas ceann scríbe deiridh na dtáirgí déiríochta sin. Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235.

[K] Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad teacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

TÍR **Deimhniú caighdeánach MILK-RMP/NT**

Cuid I:

Tagairt bhosca I.8:	Soláthair cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.
Tagairt bhosca I.11:	Ainm, seoladh agus uimhir formheasa bhunaíocht an tseolta.
Tagairt bhosca I.15:	Cláruimhir (vaigíní iarnróid nó coimeádán agus feithiclí bóthair), uimhir eitilte (aerárthach) nó ainm (soitheach). I gcás iompair i gcoimeádáin, a gcláruimhir agus i gcás ina bhfuil sraithuimhir ar an séala, ní mór í a léiriú i mbosca I.19. I gcás díluchtú agus athluchtú, ní mór don seoltóir an post rialaithe teorann a chur ar an eolas maidir leis an teacht isteach san Aontas.
Tagairt bhosca I.19:	Maidir le coimeádáin nó boscaí, ba cheart uimhir an choimeádáin agus uimhir an tséala (más infheidhme) a chur san áireamh.
Tagairt bhosca I.27:	Úsáid cód iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe um Thuairisciú (Cód HS) faoi na ceannteidil seo a leanas: 04.01; 04.02; 04.03; 04.04; 04.05; 04.06; 17.02; 21.05; 22.02; 35.01; 35.02 nó 35.04.
Tagairt bhosca I.27:	Tuairisc ar an gcoinsíneacht: "*Gléasra monaraíochta*": Tabhair isteach uimhir formheasa an ghabháltais (na ngabháltas) táirgthe, an lárionaid bailithe nó an lárionaid caighdeánaithe a formheasadh maidir le honnmhairiú chuig an Aontas Eorpach.

Cuid II:

(1) Coimeád de réir mar is iomchuí.

(2) Cód an chreasa i gcomhréir le colún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(3) le síniú ag:

- tréidlia oifigiúil nuair nach mbeidh cuid II.2 Fianú sláinte ainmhithe scriosta
- oifigeach deimhniúcháin nó tréidlia oifigiúil nuair a bheidh Cuid II.2 Fianú sláinte ainmhithe scriosta

[Tréidlia oifigiúil][1][3]/[Oifigeach deimhniúcháin][1][3]

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta	Cáilíocht agus teideal
Stampa	Síniú

CAIBIDIL 35

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH LE hAGHAIDH TEACHT ISTEACH TÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA SAN AONTAS LENA gCAITHEAMH AG AN DUINE A gCEANGLAÍTEAR CÓIREÁIL PHAISTÉARTHA A DHEÁNAMH ORTHU (SAMHAIL DAIRY-PRODUCTS-PT)

TÍR				Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil le hAGHAIDH an Aontais Eorpaigh		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.2** **Tagairt an deimhnithe** **I.3** **Údarás Inniúil Lárnach** **I.4** **Údarás Inniúil Áitiúil**	**I.2a**	**Tagairt CBFRO** **CÓD QR**
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	**I.6** **An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír		Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO	**I.9** **An tír chinn scríbe**		Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód	**I.10** **An réigiún cinn scríbe**		Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	**I.12** **Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír		Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14** **Dáta agus am imeachta**		
	I.15	**Modh iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16** **Post Rialaithe Teorann Iontrála** **I.17** **Doiciméid tionlacain** Saghas Tír Tagairt doiciméid tráchtála		Cód Cód tíre ISO
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe		□ Reoite
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala		
	I.20	**Deimhnithe mar nó le hAGHAIDH**				
		□ Táirgí lena gcaitheamh ag an duine				
	I.21	**□ Le hAGHAIDH iompair** Tríú tír	Cód tíre ISO	**I.22** **□ Le hAGHAIDH an mhargaidh inmheánaigh** **I.23**		

I.24	**Líon iomlán pacáistí**	**I.25**	**Cainníocht iomlán**	**I.26**	**Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**
I.27	**Tuairisc ar an gcoinsíneacht**				

Cód AC	Speicis				
	Fuar-stóras	Marc aitheantais	Cineál pacáistíochta		Glanmheáchan
	Cineál cóireála	Cineál an tráchtearra	An líon pacáistí		Baiscuimhir
□ Tomhaltóir deiridh	An dáta bailithe/táirgthe	Gléasra monaraíochta	Uimhir formheasa nó cláruimhir na monarchan/na bunaíochta/an lárionaid		

TÍR **Deimhniú caighdeánach DAIRY-PRODUCTS-PT**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt CBFRO**

II.1. Fianú sláinte poiblí [le scriosadh nuair nach é an tAontas ceann scríbe deiridh na dtáirgí déiríochta]

Dearbhaímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil m"ainm anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar na ceanglais ábhartha de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [A], Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [B], Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 [C] ón gCoimisiún agus deimhním leis seo gur táirgeadh an táirge déiríochta ar a dtugtar tuairisc i gCuid I i gcomhréir leis na ceanglais sin, go háirithe:

(a) gur táirgeadh de bhainne amh é:

(i) a thagann ó ghabháltais atá cláraithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 agus gur seiceáladh é i gcomhréir le hAirteagail 49 agus 50 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627;

(ii) a táirgeadh, a bailíodh, a fuaraíodh, a stóráladh agus a iompraíodh i gcomhréir leis na coinníollacha sláinteachais a leagtar síos i Roinn IX, Caibidil I, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(iii) a chomhlíonann na critéir maidir le háireamh ceall pláta agus sómach a leagtar síos i Roinn IX, Caibidil I, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(iv) a chomhlíonann na ráthaíochtaí maidir le stádas iarmhar bainne amh dá bhforáiltear leis na pleananna faireacháin chun iarmhair nó substaintí a bhrath arna dtíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle [D], agus go liostaítear bainne i gCinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún [E] maidir leis an tír thionscnaimh lena mbaineann;

A Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

B Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas earraí bia (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

C Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún an 15 Márta 2019 lena leagtar síos socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún maidir le rialuithe oifigiúla (IO L 131, 17.5.2019, lch. 51).

D Treoir 96/23/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 maidir le bearta chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe agus ar iarmhair na substaintí sin in ainmhithe beo agus i dtáirgí ainmhithe agus lena n-aisghairtear Treoracha 85/358/CEE agus 86/469/CEE agus Cinntí 89/187/CEE agus 91/664/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 10).

E Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún an 16 Márta 2011 maidir le formheas pleananna arna gcur isteach ag tríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle (IO L 70, 17.3.2011, lch. 40).

TÍR	Deimhniú caighdeánach DAIRY-PRODUCTS-PT
	(v) de bhun tástála le hAGHAIDH iarmhair drugaí frithbhaictéaracha a dhéanann oibreoir an ghnólachta bia i gcomhréir le ceanglais Roinn IX, Caibidil I, Cuid III, pointe 4, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, a chomhlíonann uasteorainneacha na n-iarmhar maidir le hiarmhair táirgí íocshláinte tréidliachta frithbhaictéaracha a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 37/2010 ón gCoimisiún [F]; (vi) a táirgeadh faoi dhálaí lena ráthaítear comhlíontacht uasleibhéil na n-iarmhar le hAGHAIDH lotnaidicídí a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [G], agus na n-uasleibhéal le hAGHAIDH éilleán a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún [H]; (vii) nach bhfuarthas ó ainmhithe a léirigh fhrithghníomh deimhneach in aghaidh na tástála le hAGHAIDH na heitinne nó na brúsallóise; (b) go dtagann sé ó bhunaíocht(aí) ina gcuirtear ceanglais sláinteachais ghinearálta i bhfeidhm agus ina gcuirtear chun feidhme clár bunaithe ar phrionsabail na bpointí criticiúla rialaithe ar anailís guaise (HACCP) i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, ar a ndéanann na húdaráis inniúla iniúchadh go tráthrialta, agus a liostaítear mar bhunaíocht atá formheasta ag an Aontas Eorpach; (ii) gur próiseáladh, gur stóráladh, gur clúdaíodh, gur pacáistíodh agus gur iompraíodh é i gcomhréir leis na coinníollacha sláinteachais ábhartha a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 agus Roinn IX, Caibidil II, de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004; (d) comhlíonann sé na critéir ábhartha a leagtar síos i Roinn IX, Caibidil II, d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 agus na critéir mhicribhitheolaíocha ábhartha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún [I]; (e) gur cuireadh cóireáil air lenar bhain cóireáil teasa aonair le héifeacht teasa a bhí coibhéiseach ar a laghad leis an éifeacht a bhaintear amach le próiseas paistéartha lena mbaineann 72 °C ar feadh 15 shoicind agus, i gcás inarb infheidhme, a bhí leordhóthanach chun frithghníomh diúltach a áirithiú in aghaidh tástáil fosfatáise alcailí díreach tar éis na cóireála teasa, nó gur táirgeadh é de bhainne amh ar cuireadh an chóireáil sin air; (f) gur táirgeadh é faoi dhálaí lena ráthaítear comhlíontacht uasleibhéil na n-iarmhar le hAGHAIDH lotnaidicídí a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, agus na n-uasleibhéal le hAGHAIDH éilleán a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006.

F Rialachán (AE) Uimh. 37/2010 ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2009 maidir le substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus a n-aicmiú maidir le huasteorainneacha na n-iarmhar in earraí bia de bhunadh ainmhíoch (IO L 15, 20.1.2010, lch. 1).

G Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil d'iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

H Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2006 lena socraítear uasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe in earraí bia (IO L 364, 20.12.2006, lch. 5).

I Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2005 maidir le critéir mhicribhitheolaíocha le haghaidh earraí bia (IO L 338, 22.12.2005, lch. 1).

TÍR **Deimhniú caighdeánach DAIRY-PRODUCTS-PT**

II.2. Fianú sláinte ainmhithe [le scriosadh i gcás ina ndíorthaítear na táirgí déiríochta go hiomlán ó dhlúthchrúbaigh, ó leipiridigh nó ó mhamaigh talún fhiáine eile seachas crúbacha]

Maidir leis na **táirgí déiríochta** ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.2.1. tionscnaíonn siad ón **gcrios/ó na criosanna** le cód/cóid: ……[(2)] atá údaraithe, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo, maidir le teacht isteach bainne amh san Aontas agus a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún [J], agus nár tuairiscíodh gurbh ann do ghalar crúb is béil ná d'ionfhabhtú víreas phlá na mbó ar feadh tréimhse 12 mhí roimh an dáta bleáin, agus nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh na ngalar sin i rith na tréimhse céanna agus

II.2.2. gur próiseáladh iad de **bhainne amh** a fuarthas:

(1) cibé acu [sa chrios dá dtagraítear i bpointe II.2.1;]

(1) nó [sa chrios/sna criosanna le cód/cóid……[(2)] atá liostaithe, ar dháta eisiúna an deimhnithe seo, i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir le teacht isteach bainne amh san Aontas;]

	I.15	**Modh iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16** **I.17**	**Post Rialaithe Teorann Iontrála** **Doiciméid tionlacain** Saghas Cód Tír Cód tíre ISO Tagairt doiciméid tráchtála	
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe	□ Reoite	
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin	Uimhir shéala			
	I.20	**Deimhnithe mar nó le hAGHAIDH**				
		□ Táirgí lena gcaitheamh ag an duine				
	I.21	**□ Le hAGHAIDH iompair** Tríú tír	Cód tíre ISO	**I.22** **I.23**	**□ Le hAGHAIDH an mhargaidh inmheánaigh**	

I.24	**Líon iomlán pacáistí**	**I.25**	**Cainníocht iomlán**	**I.26**	**Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**
I.27	**Tuairisc ar an gcoinsíneacht**				

Cód AC	Speicis				
	Fuar-stóras	Marc aitheantais	Cineál pacáistíochta	Glanmheáchan	
			An líon pacáistí	Baiscuimhir	
	An dáta bailithe/táirgthe	Gléasra monaraíochta			

TÍR **Deimhniú caighdeánach TCG**

II. Faisnéis sláinte	II.a Tagairt an deimhnithe	II.b Tagairt CBFRO

Cuid II: Deimhniú

II.1. Fianú sláinte poiblí [le scriosadh nuair nach é an tAontas ceann scríbe deiridh na n-amhábhar cóireáilte]

Deimhnímse, a bhfuil m"ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas maidir leis na hamhábhair chóireáilte ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.1.1. go ndíorthaítear iad ó bhunaíochtaí atá faoi rialú agus liostaithe ag an údarás inniúil,

Agus

(1) [II.1.2. go ndíorthaítear iad

— ó chnámha, agus/nó

— ó sheithí agus ó chraicne ainmhithe athchogantacha clóis agus ainmhithe athchogantacha saothraithe, de mhuca agus d'éanlaith chlóis ar a dtugtar tuairisc i gCuid I a dhíorthaítear ó ainmhithe a ndearnadh marú seamlais orthu i seamlas agus a bhfuarthas na conablaigh a bheith oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine tar éis cigireacht réamhbháis agus iarbháis,]

Agus/nó

(1) [II.1.3. is seithí, craicne agus cnámha géim fiáine iad ar a dtugtar tuairisc i gCuid I a dhíorthaítear ó ainmhithe a bhfuarthas a gconablaigh a bheith oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine tar éis cigireacht iarbháis,]

Agus/nó

(1) [II.1.4. is seithí agus craicne iad nár cuireadh faoi aon phróiseas súdaireachta, gan beann ar cibé a cuireadh an próiseas sin i gcrích,]

Agus/nó

(1) [II.1.5. is iad na craicne agus na cnámha éisc iad a dhíorthaítear ó mhonarchana a tháirgeann táirgí iascaigh lena gcaitheamh ag an duine atá údaraithe lena n-onnmhairiú,]

Agus

(1) *Cibé acu* [II.1.6. is cnámha triomaithe iad de speiceas ó bhó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach, ainmhithe den chineál gabhair, agus muc-ainmhithe, lena n-áirítear ainmhithe saothraithe agus ainmhithe fiáine, éanlaith chlóis, raitítigh agus éanlaith géim chun geilitín agus collaigin a tháirgeadh, agus díorthaítear iad ó ainmhithe sláintiúla a ndéantar marú seamlais orthu i seamlas, agus cuireadh an chóireáil seo a leanas orthu:

([1])[iad a bhrú ina bpíosaí de thart ar 15 mm, iad a dhíbhealú le huisce te ag teocht íosta 70 °C ar feadh 30 nóiméad ar a laghad, ag teocht íosta 80 °C ar feadh 15 nóiméad ar a laghad, nó ag teocht íosta 90 °C ar feadh 10 nóiméad ar a laghad; iad a scaradh ansin agus iad a ní agus a thriomú dá éis sin ar feadh 20 nóiméad ar a laghad i sruth aeir the ag teocht tosaigh íosta 350 °C, nó ar feadh 15 nóiméad i sruth aeir the ag teocht tosaigh ar mó í ná 700 °C,], nó,

(1) [iad a ghriantriomú ar feadh 42 lá ar a laghad ag meánteocht 20 °C ar a laghad,], nó,

(1) [go ndearnadh cóireáil aigéid orthu ionas go gcoinneofar an pH ar bun ag figiúr is lú ná 6 chuig an lár ar feadh uair an chloig ar a laghad roimh iad a thriomú,]

(1)*nó* [II.1.6. is seithí agus craicne ainmhithe athchogantacha saothraithe iad, craicne muca, craicne éanlaithe clóis nó seithí agus craicne géim fiáin iad a dhíorthaítear ó ainmhithe sláintiúla agus is amhlaidh maidir leo:

([1]) [go bhfuil cóireáil alcaile déanta orthu lena n-áirithítear PH > 12 chuig an lár agus sailleadh dá éis sin iad ar feadh 7 lá ar a laghad,], nó,

(1) [triomaíodh iad ar feadh 42 lá ar a laghad ag teocht 20 °C ar a laghad,], nó,

(1)[go ndearnadh cóireáil aigéid orthu lena soláthraítear pH ag figiúr is lú ná 5 chuig an lár ar feadh uair an chloig ar a laghad,] nó,

(1) [go bhfuil cóireáil alcaile déanta orthu lena n-áirithítear PH > 12 chuig an lár ar feadh 8 n-uair an chloig ar a laghad,]]

(1)*nó* [II.1.6 is cnámha, seithí nó craicne ainmhithe athchogantacha saothraithe iad, craicne muice, craicne éanlaithe clóis, craicne éisc agus seithí agus craicne géim fiáine ó thríú tíortha nó ó réigiúin díobh dá dtagraítear in Airteagal 19 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún [A], rinneadh aon chóireáil eile orthu seachas iad siúd a liostaítear thuas, agus tagann siad ó thríú tír nó ó réigiún di, a liostaítear maidir le hallmhairiú feola úire nó táirgí iascaigh den speiceas tionscnaimh i gcomhréir le hAirteagal 20(6) a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405, agus

(1) [II.1.7. i gcás amhábhar cóireáilte de bhunadh bó-ainmhithe, ainmhithe de chineál caorach agus ainmhithe de chineál gabhair, agus ach amháin seithí agus craicne,

([1]) [aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún [B] mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach maidir le heinceifileapaite spúinseach bhólachta (ESB), agus(5)

([1]) [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an t-amhábhar cóireáilte, rugadh iad, tógadh go leanúnach iad agus rinneadh marú seamlais orthu i dtír nó i réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB nach raibh aon chás dúchasach ESB iontu;]

A Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha nó réigiúin díobh atá údaraithe chun ainmhithe agus earraí áirithe lena gcaitheamh ag an duine teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 118).

B Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2007 lenar bunaíodh stádas ESB Ballstát nó tríú tíortha nó réigiún díobh siúd de réir a riosca ESB (IO L 172, 30.6.2007, lch. 84).

([1])	[maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an t-amhábhar cóireáilte, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB ina raibh aon chás dúchasach ESB amháin ar a laghad, agus níl feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair san amhábhar cóireáilte, ná ní dhíorthaítear an t-amhábhar cóireáilte ó fheoil den sórt sin;]
([1])	[maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an t-amhábhar cóireáilte, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB agus: (i) níl ábhar sonraithe riosca san amhábhar cóireáilte ná ní dhíorthaítear an t-amhábhar cóireáilte ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [C]; (ii) níl feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair san amhábhar cóireáilte ná ní dhíorthaítear an t-amhábhar cóireáilte ó fheoil den sórt sin; (iii) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear an t-amhábhar cóireáilte tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúdadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;]
([1])	[maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an t-amhábhar cóireáilte, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca neamhchinntithe ESB agus: (i) níl ábhar sonraithe riosca san amhábhar cóireáilte agus ní dhíorthaítear an t-amhábhar cóireáilte ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001; (ii) níl feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair san amhábhar cóireáilte ná ní dhíorthaítear an t-amhábhar cóireáilte ó fheoil den sórt sin; (iii) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear an t-amhábhar cóireáilte tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúdadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;]

[C] Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú (IO L 147, 31.5.2001, lch. 1).

(iv) níor tugadh mar bheatha do na hainmhithe óna ndíorthaítear an t-amhábhar cóireáilte min feola agus cnámh nó geirdheascadh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe [D];

(v) táirgeadh agus láimhsíodh an t-amhábhar cóireáilte ar bhealach lena n-áirithítear nach bhfuil néarfhíocháin ná fíocháin limfe ann agus nár éillíodh é le fíocháin den sórt sin a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe;]]

([1]) *nó* [aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB, agus

(a) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear an t-amhábhar cóireáilte tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúdadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;

(b) níl an méid seo a leanas san amhábhar cóireáilte ná ní dhíorthaítear an t-amhábhar cóireáilte ón méid seo a leanas:

(i) ábhar sonraithe riosca mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;

(ii) feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair.]

([1]) *nó* [níor aicmíodh an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE nó aicmítear í nó é mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca neamhchinntithe ESB, agus

(a) maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear an t-amhábhar cóireáilte:

(i) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúdadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;

(ii) níor tugadh mar bheatha dóibh min feola agus cnámh nó geirdheascadh a dhíorthaítear ó athchogantaigh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe;

(b) níl an méid seo a leanas san amhábhar cóireáilte ná ní dhíorthaítear an t-amhábhar cóireáilte ón méid seo a leanas:

(i) ábhar sonraithe riosca mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;

[D] https://www.oie.int/en/standard-setting/terrestrial-code/access-online

(ii) feoil atá díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair;

(iii) néarfhíocháin agus fíocháin limfe a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe.]]

II.2. Fianú sláinte ainmhithe(1) [le scriosadh i gcás ina ndíorthaítear na hamhábhair chóireáilte go hiomlán ó dhlúthchrúbaigh, ó leipiridigh nó ó mhamaigh talún fhiáine eile seachas crúbacha]

Maidir leis na hamhábhair chóireáilte ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

II.2.1. táirgí de bhunadh ainmhíoch atá i gceist leo a chomhlíonann na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe thíos,

II.2.2. go bhfuarthas í sa chrios (sna criosanna) lena mbaineann an cód (1)[:……] (1) nó […….…](2);(3),

II.2.3. fuarthas agus ullmhaíodh iad gan iad a bheith i dteagmháil le hábhair eile nach gcomhlíonann na coinníollacha a cheanglaítear thuas, agus láimhsíodh iad chun éilliú le hoibreáin phataigineacha a sheachaint,

II.2.4. iompraíodh iad i gcoimeádáin ghlana shéalaithe nó i leoraithe glana séalaithe.

Nótaí

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Tá an deimhniú seo beartaithe le hAGHAIDH teacht isteach amhábhar cóireáilte san Aontas do tháirgeadh geilitín agus collaigine lena gcaitheamh ag an duine, lena n-áirítear cásanna nach é an tAontas ceann scríbe deiridh na n-ábhar cóireáilte sin.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.8:	Soláthair cód an chreasa mar atá sé le feiceáil i gcolún 2 den tábla i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIII nó d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 [E].
Tagairt bhosca I.27:	Cuir có(i)d iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe um Thuairisciú (HS) isteach amhail: 0210, 0305, 0505, 0506, 0511 91, 0511.99, 1602, 1604, 4101, 4102 nó 4103.
Tagairt bhosca I.27:	Tuairisc ar an gcoinsíneacht: "*Cineál an tráchtearra*": seithí, craicne, cnámha, teannáin agus féitheoga. "*Gléasra monaraíochta*": lena n-áirítear seamlas, soitheach monarchan, monarcha ghearrtha, bunaíocht láimhseála géim agus monarcha phróiseála. "*Uimhir formheasa*": Nuair is infheidhme.

[E] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

Cuid II:

(1) Scrios de réir mar is iomchuí. I gcás táirgí a dhíorthaítear go hiomlán ó tháirgí iascaigh, ba cheart iomlán chuid II.2 a scriosadh.

(2) Cód an chreasa i gcomhréir le colún 2 den tábla in Iarscríbhinn XIII nó Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, de réir mar is ábhartha don speiceas.

(3) Má díorthaíodh codanna de na hábhair ó ainmhithe a thionscnaíonn ó thríú tír (ó thríú tíortha) eile nó ó réigiúin di nó díobh a liostaítear in Airteagal 19 nó 20 (ach amháin nuair a láimhseáiltear é mar a bheith leagtha síos i gCuid II.1) a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/405, luafar an cód (na cóid) den tír (de na tíortha) nó den réigiún (de na réigiúin).

(4) le síniú ag

- tréidlia oifigiúil nuair nach mbeidh cuid II.2 Fianú sláinte ainmhithe scriosta
- oifigeach deimhniúcháin nó tréidlia oifigiúil nuair a bheidh Cuid II.2 Fianú sláinte ainmhithe scriosta.

(5) Coimeád ceann amháin ar a laghad de na roghanna molta:

[Tréidlia oifigiúil][1][4]/[Oifigeach deimhniúcháin][1][4]

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta

Cáilíocht agus teideal

Stampa

Síniú”

(h) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chaibidlí 48, 49 agus 50:

“CAIBIDIL 48

DEIMHNIÚ OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH LE hAGHAIDH TEACHT ISTEACH FEITHIDÍ LENA gCAITHEAMH AG AN DUINE SAN AONTAS (SAMHAIL INS)

TÍR					**Deimhniú oifigiúil don Aontas Eorpach**		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO		**I.2**	**Tagairt an deimhnithe**	**I.2a** **Tagairt CBFRO** **CÓD QR**
					I.3	**Údarás Inniúil Lárnach**	
					I.4	**Údarás Inniúil Áitiúil**	
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO		**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO
	I.7	**An tír thionscnaimh**	Cód tíre ISO		**I.9**	**An tír chinn scríbe**	Cód tíre ISO
	I.8	**An réigiún tionscnaimh**	Cód		**I.10**	**An réigiún cinn scríbe**	Cód
	I.11	**Áit seolta** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO		**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm Seoladh Tír	Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13	**Áit luchtaithe**			**I.14**	**Dáta agus am imeachta**	
	I.15	**Modh iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas			**I.16**	**Post Rialaithe Teorann Iontrála**	
					I.17	**Doiciméid tionlacain** Saghas Cód Tír Cód tíre ISO Tagairt doiciméid tráchtála	
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe		□ Reoite	
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin		Uimhir shéala			
	I.20	**Deimhnithe mar nó le hAGHAIDH** □ Táirgí lena gcaitheamh ag an duine					
	I.21				**I.22**	**□ Le hAGHAIDH an mhargaidh inmheánaigh**	
					I.23		

I.24 Líon iomlán pacáistí	**I.25 Cainníocht iomlán**	**I.26 Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**

I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht					
Cód AC	Speicis	Fuar-stóras		Cineál pacáistíochta	Glanmheáchan
				An líon pacáistí	Baiscuimhir
□ Tomhaltó ir deiridh		An dáta bailithe/táirgthe	Gléasra monaraíochta		

TÍR **Deimhniú caighdeánach INS**

II. Faisnéis sláinte	II.a Tagairt an deimhnithe	II.b Tagairt CBFRO

Cuid II: Deimhniú

II.1. Fianú sláinte poiblí

Dearbhaímse, a bhfuil m"ainm anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar na ceanglais ábhartha de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [A], Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [B], Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus deimhním leis seo gur táirgeadh na feithidí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I i gcomhréir leis na ceanglais sin, go háirithe:

(a) go dtagann na feithidí ó bhunaíocht(aí) atá cláraithe agus ina gcuirtear chun feidhme clár bunaithe ar phrionsabail na bpointí criticiúla rialaithe ar anailís guaise (HACCP) i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, ar a ndéanann an t-údarás inniúil iniúchadh go tráthrialta;

(b) gur láimhsíodh na feithidí agus, i gcás inarb iomchuí, gur ullmhaíodh, gur pacáistíodh agus gur stóráladh iad ar bhealach sláinteach i gcomhréir le ceanglais Iarscríbhinn I (príomhtháirgeadh) nó Iarscríbhinn II (céimeanna eile) a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004; agus

(c) nuair is infheidhme, gur údaraíodh na feithidí ar mhargadh an Aontais i gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [C] agus liostaítear iad i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún [D]; agus

(d) gur táirgeadh na feithidí faoi dhálaí lena ráthaítear comhlíontacht uasleibhéil na n-iarmhar le hAGHAIDH lotnaidicídí a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [E].

A Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

B Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas earraí bia (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

C Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) 1852/2001 ón gCoimisiún (IO L 327, 11.12.2015, lch. 1).

D Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72).

E Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil d'iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

TÍR **Deimhniú caighdeánach INS**

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt CBFRO**

Nótaí

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.27: Cuir có(i)d iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe (HS) amhail 0106 49 00, 0410 nó 2106.

Cuid II:

(1) Scrios de réir mar is iomchuí

Tagairt bhosca II.1: ní cheanglaítear clár bunaithe ar phrionsabail HACCP má thagann na táirgí ó phríomhtháirgeoir go díreach.

Oifigeach deimhniúcháin

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta

Cáilíocht agus teideal

Stampa

Síniú

CAIBIDIL 49

DEIMHNIÚ OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH LE hAGHAIDH TEACHT ISTEACH TÁIRGÍ EILE DE BHUNADH AINMHÍOCH SAN AONTAS A DHÍORTHAÍTEAR Ó CHRÚBACHA TÍ, ÉANLAITH CHLÓIS, COINÍNÍ NÓ TÁIRGÍ IASCAIGH LENA gCAITHEAMH AG AN DUINE AGUS NACH gCUMHDAÍTEAR LE hAIRTEAGAIL 8 GO 26 DE RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2020/2235 ÓN gCOIMISIÚN (SAMHAIL PAO)

TÍR				**Deimhniú oifigiúil don Aontas Eorpach**		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	**I.1**	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir** Ainm Seoladh Tír — Cód tíre ISO		**I.2**	**Tagairt an deimhnithe**	**I.2a** **Tagairt CBFRO**
				I.3	**Údarás Inniúil Lárnach**	**CÓD QR**
				I.4	**Údarás Inniúil Áitiúil**	
	I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir** Ainm Seoladh Tír — Cód tíre ISO		**I.6**	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír — Cód tíre ISO	
	I.7	**An tír thionscnaimh** — Cód tíre ISO		**I.9**	**An tír chinn scríbe** — Cód tíre ISO	
	I.8	**An réigiún tionscnaimh** — Cód		**I.10**	**An réigiún cinn scríbe** — Cód	
	I.11	**Áit seolta** Ainm — Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Seoladh Tír — Cód tíre ISO		**I.12**	**Ceann scríbe** Ainm — Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Seoladh Tír — Cód tíre ISO	
	I.13	**Áit luchtaithe**		**I.14**	**Dáta agus am imeachta**	
	I.15	**Modh iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas		**I.16**	**Post Rialaithe Teorann Iontrála**	
				I.17	**Doiciméid tionlacain** Saghas — Cód Tír — Cód tíre ISO Tagairt doiciméid tráchtála	
	I.18	**Coinníollacha iompair**	□ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe	□ Reoite	
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin — Uimhir shéala				
	I.20	**Deimhnithe mar nó le hAGHAIDH**				
		□ Táirgí lena gcaitheamh ag an duine				
	I.21			**I.22**	□ **Le hAGHAIDH an mhargaidh inmheánaigh**	
				I.23		

I.24	**Líon iomlán pacáistí**	**I.25**	**Cainníocht iomlán**	**I.26**	**Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**
I.27	**Tuairisc ar an gcoinsíneacht**				

Cód AC	Speicis	Fuar-stóras		Cineál pacáistíochta	Glanmheáchan
				An líon pacáistí	Baiscuimhir
□ Tomhaltóir deiridh		An dáta bailithe/táirgthe	Gléasra monaraíochta		

TÍR

Deimhniú caighdeánach INS

Cuid II: Deimhniú

II.	Faisnéis sláinte	II.a Tagairt an deimhnithe	II.b Tagairt CBFRO

II.1. Fianú sláinte poiblí

Dearbhaímse, a bhfuil m"ainm anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar na ceanglais ábhartha de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [A], Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [B], Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus deimhním leis seo gur táirgeadh na táirgí ar a dtugtar tuairisc i gCuid I i gcomhréir leis na ceanglais sin, go háirithe:

(a) go dtagann siad ó bhunaíocht(aí) chláraithe ina gcuirtear chun feidhme clár bunaithe ar phrionsabail na bpointí criticiúla rialaithe ar anailís guaise (HACCP) i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, ar a ndéanann an t-údarás inniúil iniúchadh go tráthrialta;

(b) gur láimhsíodh iad agus, i gcás inarb iomchuí, gur ullmhaíodh, gur pacáistíodh agus gur stóráladh iad ar bhealach sláinteach i gcomhréir le ceanglais Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004;

(c) go gcomhlíonann siad na ráthaíochtaí lena gcumhdaítear ainmhithe beo agus táirgí díobh dá bhforáiltear leis na pleananna iarmharacha arna dtíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle [C], agus liostaítear na hainmhithe agus na táirgí lena mbaineann i gCinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún [D] maidir leis an tír thionscnaimh lena mbaineann.

(d) gur táirgeadh iad faoi dhálaí lena ráthaítear comhlíontacht uasleibhéil na n-iarmhar le hAGHAIDH lotnaidicídí a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [E], agus na n-uasleibhéal le hAGHAIDH éilleán a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún [F].

A Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

B Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas earraí bia (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

C Treoir 96/23/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 maidir le bearta chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe agus ar iarmhair na substaintí sin in ainmhithe beo agus i dtáirgí ainmhithe agus lena n-aisghairtear Treoracha 85/358/CEE agus 86/469/CEE agus Cinntí 89/187/CEE agus 91/664/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 10).

D Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún an 16 Márta 2011 maidir le formheas pleananna arna gcur isteach ag tríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle (IO L 70, 17.3.2011, lch. 40).

E Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil d'iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

F Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2006 lena socraítear uasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe in earraí bia (IO L 364, 20.12.2006, lch. 5).

TÍR

Deimhniú caighdeánach INS

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt CBFRO**

Nótaí

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú seo.

Líonfar isteach an deimhniú oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235.

Cuid I:

Tagairt bhosca I.27: Úsáid có(i)d iomchuí an Chórais Chomhchuibhithe um Thuairisciú (HS) de chuid na hEagraíochta Domhanda Custaim.

Oifigeach deimhniúcháin

Ainm (i gceannlitreacha)

Dáta

Cáilíocht agus teideal

Stampa

Síniú

CAIBIDIL 50

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH LE hAGHAIDH TEACHT ISTEACH TÁIRGÍ ILCHODACHA NACH mBAINEANN FADRÉ LEO AGUS TÁIRGÍ ILCHODACHA FADRÉ SAN AONTAS, A bhFUIL AON CHAINNÍOCHT DE THÁIRGÍ FEOLA IONTU SEACHAS GEILITÍN, COLLAIGIN AGUS TÁIRGÍ AN-MHÍNPHRÓISEÁILTE, AGUS LENA gCAITHEAMH AG AN DUINE (SAMHAIL COMP)

TÍR			Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil le hAGHAIDH an Aontais Eorpaigh		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	I.1	**Coinsíneoir/Onnmh aireoir** Ainm Seoladh Tír Cód tíre ISO	I.2	**Tagairt an deimhnithe** **I.3 Údarás Inniúil Lárnach** **I.4 Údarás Inniúil Áitiúil**	**I.2a Tagairt CBFRO** **CÓD QR**
	I.5	**Coinsíní/Allmhaire oir** Ainm Seoladh Tír Cód tíre ISO	I.6	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht** Ainm Seoladh Tír Cód tíre ISO	
	I.7	**An tír thionscnaimh** Cód tíre ISO	I.9	**An tír chinn scríbe** Cód tíre ISO	
	I.8	**An réigiún tionscnaimh** Cód	I.10	**An réigiún cinn scríbe** Cód	
	I.11	**Áit seolta** Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Seoladh Tír Cód tíre ISO	I.12	**Ceann scríbe** Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa Seoladh Tír Cód tíre ISO	
	I.13	**Áit luchtaithe**	I.14	**Dáta agus am imeachta**	
	I.15	**Modh iompair** □ Aerárthach □ Soitheach □ Iarnród □ Feithicil bhóthair Aitheantas	I.16	**Post Rialaithe Teorann Iontrála**	
			I.17	**Doiciméid tionlacain** Saghas Cód Tír Cód tíre ISO Tagairt doiciméid tráchtála	
	I.18	**Coinníollacha iompair** □ Comhthimpeallach	□ Fuaraithe	□ Reoite	
	I.19	**Uimhir choimeádáin/Uimhir shéala** Uimh. an choimeádáin Uimhir shéala			
	I.20	**Deimhnithe mar nó le hAGHAIDH**			
		□ Táirgí lena gcaitheamh ag an duine			
	I.21		I.22	**□ Le hAGHAIDH an mhargaidh inmheánaigh**	
			I.23		

I.24 Líon iomlán pacáistí	**I.25 Cainníocht iomlán**	**I.26 Glanmheáchan/ollmheáchan (kg) iomlán**
I.27 Tuairisc ar an gcoinsíneacht		

Cód AC				Cainníocht
	Fuar-stóras		Cineál pacáistíochta	Glanmheáchan
Seamlas	Cineál cóireála	Cineál an tráchtearra	An líon pacáistí	Baiscuimhir
□ Tomhaltóir deiridh	An dáta bailithe/táirgthe	Gléasra monaraíochta		

TÍR **Deimhniú caighdeánach COMP**

Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt CBFRO**

Deimhnímse, a bhfuil m"ainm anseo thíos, leis seo an méid seo a leanas

II.1. Táim feasach ar na ceanglais ábhartha de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [A], Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [B], Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [C], Rialachán (AE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún [D], Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) 2019/624 agus (AE) 2019/625 ón gCoimisiún, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún [E] agus Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún [F].

II.2. Maidir leis na táirgí ilchodacha ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

(a) comhlíonann siad Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, go háirithe go dtagann siad ó bhunaíocht(aí) ina gcuirtear chun feidhme clár bunaithe ar phrionsabail na bpointí criticiúla rialaithe ar anailís guaise (HACCP), ar a ndéanann na húdaráis inniúla iniúchadh go tráthrialta;

(b) comhlíonann siad Airteagal 6(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 maidir le tionscnamh na dtáirgí de bhunadh ainmhíoch a úsáidtear ina dtáirgeadh

(c) táirgeadh iad i gcomhréir leis na ceanglais dá dtagraítear faoi II.1.;

(a) (d) comhlíonann siad na ráthaíochtaí lena gcumhdaítear ainmhithe beo agus táirgí díobh dá bhforáiltear leis na pleananna iarmharacha arna dtíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle [G];

A Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

B Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas earraí bia (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

C Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil d'iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

D Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2006 lena socraítear uasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe in earraí bia (IO L 364, 20.12.2006, lch. 5).

E Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún an 15 Márta 2019 lena leagtar síos socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún maidir le rialuithe oifigiúla (IO L 131, 17.5.2019, lch. 51).

F Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún an 16 Márta 2011 maidir le formheas pleananna arna gcur isteach ag tríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle (IO L 70, 17.3.2011, lch. 40).

G Treoir 96/23/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 maidir le bearta chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe agus ar iarmhair na substaintí sin in ainmhithe beo agus i dtáirgí ainmhithe agus lena n-aisghairtear Treoracha 85/358/CEE agus 86/469/CEE agus Cinntí 89/187/CEE agus 91/664/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 10).

TÍR	Deimhniú caighdeánach COMP
	(e) tá táirgí próiseáilte de bhunadh ainmhíoch iontu agus, i gcás ina dtáirgeadh iad i mbunaíochtaí atá lonnaithe i mBallstáit an Aontais nó i dtríú tíortha, údaraíodh na táirgí próiseáilte sin de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas Eorpach; (f) táirgeadh iad faoi dhálaí lena ráthaítear comhlíontacht uasleibhéil na n-iarmhar le hAGHAIDH lotnaidicídí a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, agus na n-uasleibhéal le hAGHAIDH éilleán a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006. II.3. go bhfuil an méid seo a leanas sna táirgí ilchodacha ar a dtugtar tuairisc i gCuid I: (1)*cibé acu* [**II.3.A Táirgí feola**(2) in aon chainníocht cé is moite de gheilitín, collaigin agus táirgí an-mhínphróiseáilte dá dtagraítear i Roinn XVI d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004: 1. a chomhlíonann na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún [H] agus ina bhfuil na comhábhair feola seo a leanas atá incháilithe chun teacht isteach san Aontas mar sin agus a chomhlíonann na critéir a léirítear thíos: Speiceas (3) Cóireáil (4) Tionscnamh (5) Bunaíocht(aí) Formheasta (6) (1) [2) a thionscnaíonn ó (1)*cibé acu* [an tír chéanna agus an tír thionscnaimh i mbosca I.7;] (1)*nó* [Ballstát;] (1)*nó* [tríú tír nó codanna di sin atá údaraithe maidir le táirgí feola a theacht isteach san Aontas nach gceanglaítear orthu cóireáil maolúcháin riosca shonrach a dhéanamh orthu mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún [I], agus an tríú tír i gcás ina bhfuil an táirge ilchodach a tháirgtear údaraithe freisin maidir le táirgí feola a theacht isteach isteach san Aontas a dhéantar a chóireáil leis an gcóireáil sin.]] (7)

H Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad teacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379)

I Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

TÍR	Deimhniú caighdeánach COMP
	[1][3) más amhlaidh go bhfuil ábhar iontu ó bhó-ainmhithe, ó ainmhithe de chineál caorach nó ó ainmhithe de chineál gabhair, maidir le heinceifileapaite spúinseach bhólachta (ESB): [1) [aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún [J] mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB, agus ([14] [1) [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola, rugadh iad, tógadh go leanúnach iad agus rinneadh marú seamlais orthu i dtír nó i réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB nach raibh aon chás dúchasach ESB iontu;] [1) [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB ina raibh aon chás dúchasach ESB amháin ar a laghad, agus níl feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair sna táirgí feola, ná ní dhíorthaítear na táirgí ó fheoil den sórt sin;] [1) [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe BSE agus: (i) níl ábhar sonraithe riosca sna táirgí feola ná ní dhíorthaítear na táirgí ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [K]; (ii) níl feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair sna táirgí feola ná ní dhíorthaítear na táirgí ó fheoil den sórt sin; (iii) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúdadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;] [1) [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca neamhchinntithe ESB agus: (i) níl ábhar sonraithe riosca sna táirgí feola ná ní dhíorthaítear na táirgí ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;

J Cinneadh 2007/453/CE ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2007 lenar bunaíodh stádas ESB Ballstát nó tríú tíortha nó réigiún díobh siúd de réir a riosca ESB (IO L 172, 30.6.2007, lch. 84).

K Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú (IO L 147, 31.5.2001, lch. 1).

TÍR	Deimhniú caighdeánach COMP
	(ii) níl feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair sna táirgí feola ná ní dhíorthaítear na táirgí ó fheoil den sórt sin; (iii) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúdadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;] (iv) níor tugadh mar bheatha do na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola min feola agus cnámh nó geirdheascadh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe [L]; (v) táirgeadh agus láimhsíodh na táirgí feola ar bhealach lena n-áirithítear nach bhfuil néarfhíocháin ná fíocháin limfe iontu agus nár éillíodh iad le fíocháin den sórt sin a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe;]] (1) *nó* [aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB, agus (a) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúdadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach; (1) [(b) níl an méid seo a leanas sna táirgí feola ná ní dhíorthaítear na táirgí ón méid seo a leanas: (i) ábhar sonraithe riosca mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001; (ii) feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair.] (1) *nó* [(b) maidir leis na hinní cóireáilte atá sna táirgí feola agus óna ndíorthaítear na táirgí sin, fuarthas iad ó ainmhithe a rugadh, a tógadh go leanúnach agus a ndearnadh marú seamlais orthu i dtír nó i réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB nach raibh aon chás dúchasach ESB iontu;] (1) *nó* [(b) maidir leis na hinní cóireáilte atá sna táirgí feola agus óna ndíorthaítear na táirgí sin, fuarthas iad ó ainmhithe a thionscnaíonn ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB ina raibh aon chás dúchasach ESB amháin ar a laghad, agus:

[L] https://www.oie.int/en/standard-setting/terrestrial-code/access-online/

TÍR	Deimhniú caighdeánach COMP
	(1) *cibé acu* [(i) rugadh na hainmhithe tar éis an dáta a forfheidhmíodh an toirmeasc ar mhin feola agus cnámh agus geirdheascadh a dhíorthaítear ó athchogantaigh, a thabhairt mar bheatha d'athchogantaigh;]
	(1) nó [(ii) níl ábhar sonraithe riosca sna hinní cóireáilte de bhunadh bó-ainmhithe, ainmhithe de chineál caorach agus ainmhithe de chineál gabhair ná ní dhíorthaítear iad ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001.]]]
	(1) *nó* [níor aicmíodh an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE nó aicmítear í nó é mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca neamhchinntithe ESB, agus
	(a) maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola:
	(i) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúdadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;
	(ii) níor tugadh mar bheatha dóibh min feola agus cnámh nó geirdheascadh a dhíorthaítear ó athchogantaigh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe;
	(1) cibé acu [(b) níl an méid seo a leanas sna táirgí feola ná ní dhíorthaítear na táirgí ón méid seo a leanas:
	(i) ábhar sonraithe riosca mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001;
	(ii) feoil atá díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair;
	(iii) néarfhíocháin agus fíocháin limfe a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe.]
	(1) nó [(b) maidir leis na hinní cóireáilte atá sna táirgí feola agus óna ndíorthaítear na táirgí sin, fuarthas iad ó ainmhithe a rugadh, a tógadh go leanúnach agus a ndearnadh marú seamlais orthu i dtír nó i réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB nach raibh aon chás dúchasach ESB iontu;]
	(1) *nó* [(b) maidir leis na hinní cóireáilte atá sna táirgí feola agus óna ndíorthaítear na táirgí sin, fuarthas iad ó ainmhithe a thionscnaíonn ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB ina raibh aon chás dúchasach ESB amháin ar a laghad, agus:
	(1) *cibé acu* [(i) rugadh na hainmhithe tar éis an dáta a forfheidhmíodh an toirmeasc ar mhin feola agus cnámh agus geirdheascadh a dhíorthaítear ó athchogantaigh, a thabhairt mar bheatha d'athchogantaigh;]
	(1) *nó* [(i) níl ábhar sonraithe riosca sna hinní cóireáilte de bhunadh bó-ainmhithe, ainmhithe de chineál caorach agus ainmhithe de chineál gabhair ná ní dhíorthaítear iad ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001.]]]]]

TÍR	Deimhniú caighdeánach COMP
